ÚDARÁIS ÁITIÚLA CHILL DARA

Tuarascáil Bhliantúil 2009

RÉAMHRÁ

Tá an tuarascáil seo mar chuid de chuntas Údaráis Áitiúla Chill Dara ar an maoirseacht atá curtha de chúram orthu ag muintir an chontae. Tá sé ceaptha mar acmhainn do shaoránaigh, agus tá súil againn go ndéanfaidh sí a gcuid riachtanas agus ionchas a chomhlíonadh.

Chonaic na comhairlí baile agus contae athrú mór sa bhliain 2009. Sna toghcháin áitiúla i Meitheamh chuaigh 118 iarrthóir san iomaíocht i gcomhair 61 suíocháin i gContae Chill Dara (25 suíochán ar an gcomhairle contae agus 9 suíochán ar gach ceann de na comhairlí baile, Baile Átha Í, Léim an Bhradáin, an Nás agus an Droichead Nua). Is iad údaráis áitiúla na comhlachtaí amháin a thoghtar ar leibhéal contae agus baile ar bhonn cirt vótála daonlathaigh uilíoch, agus freastalaíonn a gcuid comhaltaí ar an bpobal trína gcuid comhairlí faoi seach a rialú agus trí hionadaíocht a dhéanamh ar shaoránaigh aonair ar chomhairlí agus ar ghníomhaireachtaí poiblí eile. Déanaimid comhghairdeas, ní hamháin leo siúd a toghadh, ach leis na hiarrthóirí eile a chuaigh san iomaíocht agus a rinne saol sibhialta agus polaitiúil an chontae a chothabháil ar an mbealach sin.

Ní fhéadfaí cuntas iomlán a thabhairt ar 2009 mura dtógfaí san áireamh na hathruithe eacnamaíochta a tharla le linn na bliana. Ar leibhéal údaráis áitiúil, bhí ar chomhairleoirí agus bhaill foirne dul i ngleic leis an dúshlán mar a bhí seirbhísí poiblí a choimeád agus buiséid níos lú acu. Ábhar aiféala dúinn ab ea go raibh sé riachtanach baill foirne a leagan as, agus is mian linn anseo buíochas a ghabháil as an obair a rinne siad agus iad i mbun seirbhíse áitiúla. Freisin gabhaimid buíochas leis na baill foirne go léir a rinne íobairtí eile chun seirbhísí a chothabháil agus leis na comhairleoirí a théann i ngleic le cinntí atá deacair ó thaobh na polaitíochta a dhéanamh chun leas an phobail.

Cé go dtugtar cur síos cuimsitheach ar obair na gcomhairlí ar na leathanaigh a leanann, is fiú roinnt oibre suntasaí agus éachtaí suntasacha a rinneadh i 2009 a lua:

- Leanadh ar aghaidh le hobair chun an plean forbartha contae le haghaidh 2011-2017 a fhorbairt agus ar na naoi bplean ceantair áitiúil le haghaidh bailte agus sráidbhailte. Cuirimid fáilte roimh na haighneachtaí a rinne saoránaigh aonair agus grúpaí áitiúla i leith na bpleananna seo, agus iarraimid ar dhaoine coinneáil orthu ag cur a gcuid tuairimí in iúl chun todhchaí an chontae a mhúnlú.

- Don dara bliain i ndiaidh a chéile, sháraigh iasachtaí ó leabharlanna poiblí an chontae an figiúr leath-mhilliún agus shroich siad 581,645.
- Osclaíodh an nasc deireanach sa M9 i mí na Nollag, ag tógáil fhorbairt mótarbhealaigh na bpríomhbhealaí náisiúnta sa tír chun críche. Tá na bóithre sin, a nascann an phríomhchathair le mórionaid uirbeacha na tíre lena n-áirítear Sligeach, Gaillimh, Inis, Luimneach, Trá Lí, Corcaigh agus Port Láirge mar chuid ríthábhachtach den chóras tacaíochta do shaol tráchtála an chontae.
- Cuireadh seirbhísí éigeandála an chontae faoi bhrú le linn geimhridh dheacair, ach chuaigh siad i ngleic leis an dúshlán le tiomantas agus díograis. Cuireadh fios ar bhaill foirne agus ar oibrithe deonacha ón gcosaint shibhialta i Samhain chun dul i ngleic le tuilte ar fud an chontae, agus leis sin thosaigh an aimsir uafásach dheacair a mhair ar feadh dhá mhíosa. Arís eile tá buíochas ag dul leo siúd go léir a chabhraigh le fulaingt a éascú agus seirbhísí a choimeád le linn na tréimhse crua sin.

Leagtar dualgais agus feidhmeanna áirithe ar chomhairlí contae agus baile faoin dlí; ach i ndeireadh na dála is í an aidhm atá acu ná fónamh don phobal, agus éiríonn níos fearr leo é sin a dhéanamh nuair a fhaigheann siad tacaíocht ó mhuintir an chontae. Má bhíonn aon cheist nó ábhar imní agat maidir le seirbhísí údaráis áitiúil, nó má cheapann tú go bhféadfadh siad feidhmiú níos fearr, moltar duit iad a chur ar a n-eolas – tá a gcuid sonraí teagmhála sa rannóg Oifigí agus Uaireanta Oscailte den tuarascáil seo.

Le dea-mhéin

Colm Purcell
Méara

Michael Malone
Bainisteoir Contae

Comhaltaí Chomhairle Chontae Chill Dara

Tá 25 comhalta ar an gcomhairle thar ceann 5 thoghcheantair– Baile Átha Í, Cill Droichid, Claonadh, Cill Dara, Léim an Bhradáin agus an Nás

		Ainm: An Comhairleoir Richard Daly **Toghcheantar: Baile Átha Í** **Páirtí Polaitíochta: Fine Gael** **Sonraí Teagmhála: 087-6248886**
		Ainm: An Comhairleoir Martin Óg Miley **Toghcheantar: Baile Átha Í** **Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil** **Sonraí Teagmhála: 087-3998478**
		Ainm: An Comhairleoir Martin Heydon **Toghcheantar: Baile Átha Í** **Páirtí Polaitíochta: Fine Gael** **Sonraí Teagmhála: 087-6262546**
		Ainm: An Comhairleoir Mark Wall **Toghcheantar: Baile Átha Í** **Páirtí Polaitíochta: Páirtí an Lucht Oibre** **Sonraí Teagmhála: 083-3341488**

		Ainm: Senan Griffin **Toghcheantar: Cill Droichid** **Páirtí Polaitíochta: Fine Gael** **Sonraí Teagmhála: 01-6285177**
		Ainm: An Comhairleoir Catherine Murphy **Toghcheantar: Cill Droichid** **Páirtí Polaitíochta: Neamhspleách** **Sonraí Teagmhála: 087-2296450**
		Ainm: An Comhairleoir Kevin Byrne **Toghcheantar: Cill Droichid** **Páirtí Polaitíochta: Sonraí Teagmhála** **Pháirtí an Lucht Oibre: 086-6009449**
		Ainm: An Comhairleoir John McGinley **Toghcheantar: Cill Droichid** **Páirtí Polaitíochta: Sonraí Teagmhála** **Pháirtí an Lucht Oibre: 01-6285293**
		Ainm: An Comhairleoir Paul Kelly **Toghcheantar: Cill Droichid** **Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil** **Sonraí Teagmhála: 01-6243624**
		Ainm: An Méara Colm Purcell **Toghcheantar: Cill Droichid** **Páirtí Polaitíochta: Páirtí an Lucht Oibre** **Sonraí Teagmhála: 087-2539493**

		Ainm: An Comhairleoir Seamus Langan **Toghcheantar: Claonadh** **Páirtí Polaitíochta: Fine Gael** **Sonraí Teagmhála: 087-2871347**
		Ainm: An Comhairleoir Liam Doyle **Toghcheantar: Claonadh** **Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil** **Sonraí Teagmhála: 01-6287629**
		Ainm: An Leas-Mhéara Brendan Weld **Toghcheantar: Claonadh** **Páirtí Polaitíochta: Fine Gael** **Sonraí Teagmhála: 045-869340**
		Ainm: An Comhairleoir Pádraig McEvoy **Toghcheantar: Claonadh** **Páirtí Polaitíochta: Neamhspleách** **Sonraí Teagmhála: 086-8658262**

		Ainm: An Comhairleoir Suzanne Doyle **Toghcheantar: Cill Dara** **Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil** **Sonraí Teagmhála: 045-521046**
		Ainm: An Comhairleoir Francis Browne **Toghcheantar: Cill Dara** **Páirtí Polaitíochta: Páirtí an Lucht Oibre** **Sonraí Teagmhála: 045-526934**
		Ainm: An Comhairleoir Fiona O'Loughlin **Toghcheantar: Cill Dara** **Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil** **Sonraí Teagmhála: 045-436792**
		Ainm: An Comhairleoir Tony O'Donnell **Toghcheantar: Cill Dara** **Páirtí Polaitíochta: Fine Gael** **Sonraí Teagmhála: 087-9081649**
		Ainm: An Comhairleoir Micheál "Spike" Nolan **Toghcheantar: Cill Dara** **Páirtí Polaitíochta: Fine Gael** **Sonraí Teagmhála: 045-486881**
		Ainm: An Comhairleoir Paddy Kennedy **Toghcheantar: Cill Dara** **Páirtí Polaitíochta: Neamhspleách** **Sonraí Teagmhála: 045-433310**

		Ainm: An Comhairleoir Willie Callaghan **Toghcheantar: An Nás** **Páirtí Polaitíochta: Fianna Fáil** **Sonraí Teagmhála: 045-875565**
		Ainm:An Comhairleoir Anthony Lawlor **Toghcheantar: An Nás** **Páirtí Polaitíochta: Fine Gael** **Sonraí Teagmhála: 087-2753942**
		Ainm: An Comhairleoir Paddy MacNamara **Toghcheantar: An Nás** **Páirtí Polaitíochta: Páirtí an Lucht Oibre** **Sonraí Teagmhála: 045-896590**
		Ainm: An Comhairleoir Darren Scully **Toghcheantar: An Nás** **Páirtí Polaitíochta: Fine Gael** **Sonraí Teagmhála: 086-3860955**
		Ainm: An Comhairleoir Seamie Moore **Toghcheantar: An Nás** **Páirtí Polaitíochta: Neamhspleách** **Sonraí Teagmhála: 087-2497813**

An Fhoireann Bainistíochta Corparáidí

Bainisteoir Contae	**An tUas. Michael Malone**
Stiúrthóir Cúrsaí Iompair agus Sábháilteachta Poiblí	**An tUas. Michael O'Leary**
Stiúrthóir Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil	**An tUas. Joe Boland**
Stiúrthóir Seirbhísí le haghaidh Pleanála agus Forbartha Eacnamaíche	**An tUas. John Lahart**
Stiúrthóir Seirbhísí le haghaidh Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Cultúrtha	**An tUas. Peter Minnock**
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Pearsanra agus ICT	**An tUas. Eamonn O'Sullivan**
Ceann Seirbhísí Airgeadais	**An tUas. Thomas Hunter McGowan**

Oifigí agus Uaireanta Oscailte

Ceanncheathrú		**Uaireanta Oscailte**
Áras Chill Dara		9.00 r.n. – 5.00 i.n.
Páirc Devoy		Luan go hAoine
An Nás		Dé Céadaoin 9.30 r.n.
Co. Chill Dara		**Eisceacht**
Teileafón:	045-980200	Mótarcháin
Facs:	045-980240	9.15 r.n. – 3.15 i.n.
Ríomhphost:	secretar@kildarecoco.ie	Pleanáil
Láithreán Gréasáin:	www.kildare.ie/countycouncil	9.00 r.n. – 4.00 i.n.
		Tithíocht
		9.00 r.n. – 2.00 i.n.
Uimhir Éigeandála	**1890 500 333**	Airgeadas
24 uair an chloig		9.00 r.n. – 4.30 i.n.

An tSeirbhís Dóiteáin		**Ceanncheathrú na Leabharlainne**
Cásanna Éigeandála	999 nó 112	Bruach na hAbhna, An Droichead Nua
An Stáisiún Dóiteáin Lárnach	045-431370	045-431109
Oifigí Ceantair		
Oifig Ceantair Bhaile Átha Í	Rathstewart, Baile Átha Í	059-8631329
Oifig Ceantair Chlaonadh	The Woods, Claonadh	045-892695
Oifig Ceantair Chill Dara	Eastát Tionscail an Droichid Nua	045-437556
Oifig Ceantair Mhaigh Nuad	Sráid Laighean, Maigh Nuad	01-6286236
Oifig Ceantair an Náis	Áras Chill Dara, an Nás	045-980425
Comhairlí Baile		
Comhairle Baile Bhaile Átha Í	Rathstewart, Baile Átha Í	059-8631444
Comhairle Baile an Náis	Áras Chill Dara, an Nás	045-980990
Comhairle Baile an Droichid Nua	Halla an Bhaile, an Droichead Nua	045-980560
Comhairle Baile Léim an Bhradáin	Léim an Bhradáin	01-6245777

Comhaltaí Choistí na Comhairle

Greamú Séala
Comhaltaí Uile na Comhairle

Coiste faoi Nascadh Bailte
An Cmhlr Liam Doyle
An Cmhlr Tony O'Donnell
An Cmhlr Anthony Lawlor
An Cmhlr Francis Browne
An Cmhlr Colm Purcell
An Cmhlr Paddy Kennedy

An Coiste Prótacail agus Nós Imeachta
An Cmhlr Senan Griffin
An Cmhlr Suzanne Doyle
An Cmhlr Tony O'Donnell
An Cmhlr Martin Heydon
An Cmhlr Mark Wall
An Cmhlr Willie Callaghan
An Cmhlr Fiona O'Loughlin
An Cmhlr Kevin Byrne
An Cmhlr John McGinley
An Cmhlr Paddy Kennedy

An Grúpa Stiúrtha um Phlean Forbartha Contae
An Cmhlr Mark Wall
An Cmhlr Suzanne Doyle
An Cmhlr Brendan Weld
An Cmhlr Catherine Murphy
An Cmhlr Anthony Lawlor

Bord Draenála an Bhearú
An Cmhlr Richard Daly
An Cmhlr Mark Wall

An Coiste Comhairleach Áitiúil faoi Chóiríocht don Lucht Siúil
An Cmhlr Mark Wall
An Cmhlr Seamus Langan
An Cmhlr John McGinley
An Cmhlr Paddy Kennedy
An Cmhlr Paddy MacNamara

An Coiste Iniúchta
An Cmhlr John McGinley
An Cmhlr Paul Kelly
An Cmhlr Senan Griffin

An Coiste Monatóireachta Áitiúil maidir le Uisce Tuaithe
An Cmhlr Seamus Langan
An Cmhlr Pádraig McEvoy
An Cmhlr Martin Heydon
An Cmhlr Martin Miley Jnr
An Cmhlr Francis Browne

An Coiste Airgeadais
An Cmhlr Liam Doyle
An Cmhlr John McGinley
An Cmhlr Martin Heydon
An Cmhlr Paddy Kennedy
An Cmhlr Seamie Moore

Bord Draenála na Boirne
An Cmhlr Martin Heydon

Comhaltaí ar Chomhlachtaí eile

An Coiste Gairmoideachais

An Cmhlr Willie Callaghan
An Cmhlr Martin Miley
An Cmhlr Paddy Kennedy
An Cmhlr John McGinley
An Cmhlr Francis Browne
An Cmhlr Brendan Weld
An Cmhlr Micheál Nolan
An Cmhlr Richard Daly
An Cmhlr Martin Heydon

Bord Forbartha Contae

An Méara (comhalta ex officio)
An Cmhlr Suzanne Doyle
An Cmhlr D Scully
An Cmhlr Kevin Byrne
An Cmhlr Micheál Nolan
An Cmhlr Catherine Murphy

Údarás Réigiúnach an Lár-Oirthir

An Cmhlr Pádraig McEvoy
An Cmhlr John McGinley
An Cmhlr Paul Kelly
Cllr Martin Heydon
An Cmhlr Micheál Nolan
An Cmhlr Senan Griffin
An Cmhlr Francis Browne
An Méara (comhalta ex officio
An Coiste Oibriúcháin)

Athy Heritage Company Ltd

An Cmhlr Richard Daly

Fóram Infheistíochta, Forbartha agus Fostaíochta Bhaile Átha Í

An Cmhlr Richard Daly
An Cmhlr Martin Heydon

Fáilte Chontae Chill Dara

An Cmhlr Martin Miley
An Cmhlr Senan Griffin
An Cmhlr Pádraig McEvoy
An Cmhlr Micheál Nolan
An Cmhlr Paddy MacNamara

Irish Public Bodies Mutual Insurance

An Cmhlr Micheál Nolan

Kildare Heritage Town Company Ltd

An Cmhlr Tony O'Donnell
An Cmhlr Suzanne Doyle

Comhchoiste Póilíneachta an Chontae

An Cmhlr Mark Wall
An Cmhlr Martin Heydon
An Cmhlr Senan Griffin
An Cmhlr John McGinley
An Cmhlr Brendan Weld
An Cmhlr Seamus Langan
An Cmhlr Tony O'Donnell
An Cmhlr Suzanne Doyle
An Cmhlr Darren Scully
An Cmhlr Paddy MacNamara
An Cmhlr Anthony Lawlor
An Cmhlr Paul Kelly
An Cmhlr Pádraig McEvoy
An Cmhlr Colm Purcell (Méara comhalta ex-officio)

Togra Athnuachana Bhaile Átha Í & Rhyl

An Cmhlr Martin Miley
An Cmhlr Richard Daly

Cumann Comhairlí Contae & Cathrach
An Cmhlr Colm Purcell
An Cmhlr Anthony Lawlor
An Cmhlr Liam Doyle

Kildare Community Network Company
An Cmhlr Catherine Murphy
An Cmhlr Tony O'Donnell
An Cmhlr Micheál Nolan

Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
An Cmhlr John McGinley
An Cmhlr Senan Griffin

Fóram Oidhreachta Chill Dara
An Cmhlr Francis Browne
An Cmhlr Micheál Nolan
An Cmhlr Seamie Moore

Coiste Comhairleach Cheantar Abhantraí an Oirdheiscirt
An Cmhlr Suzanne Doyle
An Cmhlr Micheál Nolan

Fóram Sláinte Réigiúnach Bhaile Átha Cliath agus Lár Laighean
An Cmhlr Fiona O'Loughlin
An Cmhlr Francis Browne
An Cmhlr Seamus Langan
An Cmhlr Martin Heydon
An Cmhlr Paddy Kennedy

An Painéal Sóisialta agus Comhshaoil maidir leis an gCeantar Lár Tíre ag Coillte Teoranta
An Cmhlr Pádraig McEvoy

Bord Fiontar Contae Chill Dara
An Cmhlr Brendan Weld
An Cmhlr Anthony Lawlor
An Cmhlr Willie Callaghan
An Cmhlr Liam Doyle

Ionad Fóntas Léim an Bhradáin
An Cmhlr Catherine Murphy
An Cmhlr Paul Kelly
An Cmhlr Colm Purcell

An Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí
An Cmhlr Paddy Kennedy

Bord Fhondúireacht na Mí
An Cmhlr Anthony Lawlor

Coiste Comhairleach Cheantar Abhantraí an Oirthir
An Cmhlr Seamus Langan
An Cmhlr Pádraig McEvoy

Coiste Caidrimh Pobail an Bhaile Mhóir
An Cmhlr Mark Wall
An Cmhlr Willie Callaghan

Cill Dara ar Aghaidh Teo
An Comhairleoir Tony O'Donnell
An Cmhlr Seamie Moore
An Cmhlr Mark Wall

Grúpa Idirchaidreamh Pobail Shuíomh Líonadh Talún an Droichid

An Cmhlr Fiona O'Loughlin

An Cmhlr Brendan Weld

Grúpa Idirchaidreamh Pobail Shaoráid Líonadh Talún Bhaile Artúir

An Cmhlr Anthony Lawlor

An Cmhlr Paddy MacNamara

Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil

An Cmhlr Senan Griffin

Coistí um Beartais Straitéiseacha– Comhaltaí

Tithíocht

An Cmhlr Suzanne Doyle (Cathaoirleach)
An Cmhlr Paddy Kennedy
An Cmhlr Paddy MacNamara
An Cmhlr Martin Miley Jnr
An Cmhlr Senan Griffin
An Cmhlr Ann Breen (C.B. an Náis)
Liam O'Brien (An Earnáil Gnó)
Joe Curran (An Fóram Pobail & Saorálachta)
Michael Dowling (Ceardchumann)

Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

An Cmhlr Catherine Murphy (Cathaoirleach)
An Cmhlr Mark Wall
An Cmhlr Paul Kelly
An Cmhlr Anthony Lawlor
An Cmhlr Seamus Langan
An Cmhlr Shane Fitzgerald (C.B. Léim an Bhradáin.)
Allan Shine (An Earnáil Gnó)
Fiona Tutty (Comhshaol)
Tom Malone (Talmhaíocht/Feirmeoireacht)

Pobal agus Cultúr

An Cmhlr Micheál Nolan (Cathaoirleach)
An Cmhlr Fiona O'Loughlin
An Cmhlr Seamie Moore
An Cmhlr Francis Browne
Cllr Martin Heydon
An Cmhlr Ger Dunne (C.B. an Náis.)
Sinead Heneghan (An Earnáil Gnó)
John Hayden (An Fóram Pobail & Saorálachta)
Triona Muldoon (Comhshaol)

Cúrsaí Iompair

An Cmhlr Kevin Byrne (Cathaoirleach)
An Cmhlr Pádraig McEvoy
An Cmhlr Colm Purcell
An Cmhlr Richard Daly
An Cmhlr Willie Callaghan
An Cmhlr John Lawler (C.B. Átha Í.)
Miriam O'Brien (An Earnáil Gnó)
James Earle (Pobal/Deonach)
Sean Darcy (An Earnáil Gnó)

Pleanáil & Forbairt Eacnamaíochta

An Cmhlr Darren Scully (Cathaoirleach)
An Cmhlr Tony O'Donnell
An Cmhlr Liam Doyle
An Cmhlr Brendan Weld
An Cmhlr John McGinley
An Cmhlr Damien Molyneaux (C.B. an Droichid Nua)
Robert Mehigan (An Earnáil Gnó)
David O'Reilly (An Earnáil Gnó)
James Earle (Pobal/Deonach)

Cruinnithe a Reáchtáladh i rith na bliana 2009

18 Cruinniú den Chomhairle ina hiomláine
12 cruinniú míosúil
1 cruinniú buiséid
4 cruinniú speisialta
1 cruinniú bliantúil

52 Cruinniú Ceantair
5 Chruinniú de Choiste Ceantair Bhaile Átha Í
12 Chruinniú de Choiste Ceantair Chlaonadh
10 gCruinniú de Choiste Ceantair Chill Dara
12 Chruinniú de Choiste Ceantair Chill Droichid
3 Chruinniú de Choiste Ceantair Léim an Bhradáin
10 gCruinniú de Choiste Ceantair an Náis

28 Cruinniú Eile
4 chruinniú den Choiste Airgeadais
6 chruinniú den Choiste Prótacail
5 chruinniú den Choiste Iniúchta
4 chruinniú den Choiste maidir le Nascadh Bailte
5 chruinniú den Choiste Comhairleach Áitiúil maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil
2 chruinniú de Coiste Leabharlannaíochta an Chontae
2 chruinniú den Choiste Monatóireachta Uisce

Reáchtáladh na cruinnithe seo a leanas i rith na bliana chomh maith:
12 chruinniú den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh
2 chruinniú den CBS um Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta
3 chruinniú den CBS um Chomhshaol agus Sheirbhísí Uisce
2 chruinniú den CBS um Chúrsaí Iompair
2 chruinniú den CBS um Chúrsaí Iompair
2 chruinniú den CBS Pobail agus Cultúrtha

Na Toghcháin Áitiúla 2009

Reáchtáladh na toghcháin Eorpacha agus áitiúla ar an Aoine, 5 Meitheamh 2009. Chuaigh 54 iarrthóir san iomaíocht sna toghcháin áitiúla agus toghadh 25 comhalta chuig Comhairle Contae Chill Dara chun ionadaíocht a dhéanamh ar chúig thoghcheantar.

De réir Alt 13 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999 arna leasú, chuir gach iarrthóir ráiteas faoi bhráid na Comhairle, inar leagadh amach a gcuid costas agus na síntiúis a fuair siad. Leagann an tábla seo a leanas amach sonraí comhiomlána an chaiteachais toghcháin i dtaobh gach iarrthóra.

Ainm an Iarrthóra	Toghcheantar:	Iomlán na Speansas €
Mark Dalton	Baile Átha Í	6,700.00
Richard Daly		8,994.60
Martin Heydon		8,138.23
Billy Hillis		6,059.49
John Lawler		5,797.73
Martin Miley Jnr		5,210.85
Mark Wall		7,323.69
Kevin Byrne	Cill Droichid	6,043.52
Ivan Farina		213.50
Brid Feely		10,260.20
Shane Fitzgerald		5,995.00
Senan Griffin		3,560.00
Paul Kelly		7,472.74
John McGinley		5,067.80
Catherine Murphy		3,661.86
Joe Neville		6,113.81
Colm Purcell		5,614.64
Katie Ridge		480.00
Paul Ward		12,597.00

Ainm an Iarrthóra	Toghcheantar:	Iomlán na Speansas €
Leo Armstrong	Claonadh	1,005.00
Rose Devine		4,526.88
Liam Doyle		5,975.00
Daragh Fitzpatrick		10,959.99
David Flanagan		1,720.64
Seamus Langan		4,651.98
Pádraig McEvoy		1,992.05
Jim Reilly		2,398.23
Chris Rowland		5,506.01
P J Sheridan		8,053.73
Brendan Weld		1,050.00
Murty Aspell	Cill Dara	2,540.00
Pat Black		5,930.56
Francis Browne		3,883.80
Sean Downey		1,709.00
Suzanne Doyle		7,401.95
John Hardt		960.20
Adrian Kane		7,521.78
Paddy Kennedy		10,231.11
Micheál “Spike” Nolan		8,107.08
Tony O’Donnell		4,878.59
Fiona O’Loughlin		4,353.55
Mark Stafford		6,854.75
John Tierney		1,100.00
Willie Callaghan	An Nás	6,036.97
Tiernach Cassidy		4,401.93
Donal Corcoran		2,648.30
James Lawless		8,446.39
Anthony Lawlor		9,515.02
Paddy MacNamara		5,653.31
Pat McCarthy		3,462.06
David Monaghan		595.00
Seamie Moore		11,045.88
J J Power		1,230.26
Darren Scully		6,513.90

Seirbhís don Chustaiméir

Is é Áras Chill Dara, atá suite i bPáirc Devoy, an Nás, an príomhphointe seirbhíse ag Comhairle Chontae Chill Dara. Tá sraith Leabharlann ar fud an chontae freisin, chomh maith le cúig cinn d'oifigí ceantair, a dtarlaíonn caidreamh fairsing le custaiméirí iontu go léir.Rinneadh feabhas arís eile leis an Áis Seirbhíse For-rochtana maidir le rochtain ag an bpobal ar sheirbhísí eolais Chomhairle Chontae Chill Dara trí 37 seastán taispeántais a chur in oifigí na Comhairle, i leabharlanna agus in ionaid sláinte agus tá an t-eolas ar gach seastán curtha in oiriúint anois don ionad agus do na baill foirne laistigh de na saoráidí. Tugadh isteach dhá chomórtas ealaíne i rith 2008 tríd an tseirbhís fhor-rochtana: comórtas do na clubanna obair baile i gceithre cinn de na heastáit tithíochta agus ceann eile do na bunscoileanna ar fud an chontae.

Lean an Deasc Eolais do Chustaiméirí atá suite in Áras Chill Dara uirthi ag glacadh ról tábhachtach maidir le caighdeán níos airde de sheirbhís a sheachadadh dár gcuid custaiméirí.

Is gné lárnach den straitéis againn maidir leis an tseirbhís don chustaiméir forbairt a dhéanamh ar an láithreán gréasáin. Táthar ag déanamh éascaíochta arís agus arís eile don chustaiméir trí fheabhas a chur ar na modhanna inar féidir gnó a dhéanamh ar an idirlíon. Mar shamplaí den chineál sin gnó tá cúrsaí mótarchánach, córas íocaíochta maidir le muirir dramhaíola, fiosrúcháin phleanála ar líne, an córas GIS agus ERIC (An Lárionaid Eolais Práinnfhreagartha) a chur i bhfeidhm. An Lárionad Eolais Práinnfhreagartha.

Tá an-úsáid á bhaint ag custaiméirí as an gcárta tuairime idirlín agus líon na gceisteanna a chuirtear agus na dtuairimí a thugtar ag dul in airde in aghaidh na seachtaine. Bainimid leas as na tuairimí a luaitear maidir le scrúdú agus athrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanaimid gnó lenár gcuid custaiméirí agus lena n-aghaidh.

Inrochtaineacht

De réir an Acht Míchumais 2005, tá Plean maidir le hInrochtaineacht a chur i bhFeidhm foilsithe ag Údaráis Áitiúla Chill Dara ina dtugtar mionsonraí maidir le hiniúchtaí inrochtaineachta a rinneadh ar fhoirgnimh de chuid na n-údarás áitiúil, ar shráid-dreacha agus ar fhóntais. Fuarthas cistiú ón rialtas láir i 2009 a d'fhág gurbh fhéidir obair a dhéanamh ar fud an chontae.

Clár na dToghthóirí

Foilsíonn an Chomhairle Clár díobh siúd ar fad atá i dteideal vóta a chaitheamh sa chontae gach bliain. Téann an clár i bhfeidhm ar an 15 Feabhra agus fanann sé i bhfeidhm go dtí an 14 Feabhra an bhliain dár gcionn. Bhí 138,925 ainm ar Chlár 2009/10. Is é an critéar bunúsach incháilitheachta ná go bhfuil 18 mbliana d'aois bainte amach ag an duine. Ansin tá catagóirí éagsúla vótálaithe ann - Uachtaránach (saoránaigh na hÉireann amháin), An Dáil (saoránaigh as Éirinn agus an Ríocht Aontaithe), Eorpach (saoránaigh as tíortha eile laistigh den AE) agus Áitiúil (saoránaigh as tíortha neamh-AE). Mura bhfuil ainm duine san áireamh ar an gclár, féadann siad iarratas a dhéanamh suas le thart ar 17 lá roimh thoghchán nó reifreann chun iad a chur san áireamh ar fhorlíonadh don chlár.

Freisin, má tá breoiteacht fhadtéarmach ort nó má tá tú faoi mhíchumas, nó má chaitheann tú tréimhsí fada in áit eile seachas d'áit chónaithe mar thoradh ar nádúr do phoist, agus mar sin go bhféadfadh nach mbeifeá in ann freastal ar do stáisiún vótaíochta, féadann tú iarratas a dhéanamh chun dul ar liosta na vótálaithe poist. Tá foirmeacha chun na críocha sin ar fáil ónár n-oifig nó is féidir iad a íoslódáil ón láithreán gréasáin.

Tá an clár ar fáil le scrúdú in oifigí poist, i stáisiúin an Gharda Síochána agus in oifigí comhairle ar fud an chontae agus tá sé ar fáil go leictreonach freisin ag www.checktheregister.ie . Mar gheall ar na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh agus reifreann Liospóin i nDeireadh Fómhair 2009, fuair muid níos mó iarratas um iontráil ar an bhforlíonadh mar an líon a fhaightear de ghnáth. Mar thoradh air sin chomh maith leis an méadú ar acmhainní chun an clár a thiomsú, agus muid ag féachaint chuig na toghchán, rinneadh níos mó athruithe i gcomparáid leis na blianta roimhe. Freisin chuaigh muid i mbun gníomhaíochtaí mar choir phoist chuig eastáit tithíochta agus go háirithe chuig bloic árasáin áit arbh chosúil nach raibh mórán daoine cláraithe. Leanadh ar aghaidh ag cur foirmeacha iarratais san áireamh i bpacáistí fáilte do thionóntaí nua na comhairle, agus i bhfoirmeacha iarratais pleanála agus ardoideachais chomh maith le fógraí a rith sna meáin áitiúla idir na meáin phriontáilte agus an raidió.

Tá fadhb ann fós maidir le heaspa spéise an phobail i leith foirmeacha iarratais comhlánaithe a fhilleadh ach ar an taobh eile den scéal, mar thoradh ar an gcor chun donais sa mhargadh tithíochta tá sé níos éasca an clár a thiomsú toisc nach mbíonn daoine ag bogadh tí chomh minic agus mar sin gur cosúil go mbeidh ceangal níos fadtéarmaí acu le seoladh áirithe.

An Deontas Ardoideachais

Mar gheall ar an gcor chun donais eacnamaíoch i 2009 tháinig laghdú suntasach ar líon na n-iarratas ar an Deontas Ardoideachais agus déanann an tábla seo a leanas comparáid idir an bhliain acadúil 2008/2009 agus an bhliain acadúil 2009/2010.

Bliain Acadúil	Líon na n-iarratas nua faighte	Líon na n-Athnuachaintí	Líon na nDeontas Eisithe	Líon na nDiúltuithe Eisithe/na n-Aistarraingtí Neamhiomlán
2008/2009	662	628	1083	207
2009/2010	857	808	1392	273

Mar atá leagtha amach sa tábla thuas, bhí laghdú suntasach le feiceáil i 2009/2010 i gcomparáid le 2008/2009. Suiteáladh bunachar sonraí nua níos éifeachtaí chun dul i ngleic le hiarratasóirí ar an Deontas Ardoideachais a phróiseáil agus faightear go bhfuil sé sin an-éifeachtach.

Tá dhá ghné ag baint leis an Deontas Ardoideachais; deontas cothabhála, nuair is cuí, agus deontas táillí a chlúdaíonn an Táille Clárúcháin Coláiste ar leibhéal fochéime. Íoctar táillí teagaisc ar leibhéal iarchéime faoi réir uasleibhéal táille a shocraíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta gach bliain.

Is mór a dhéanfadh iarratasóirí ar a son féin, agus is fearr go mór an seans a bheadh acu ar íocaíocht luath a fháil, ach cinntiú go líontar na foirmeacha iarratais go hiomlán agus go cruinn agus go gcuirtear isteach na sonraí iomlána faoi ioncam an teaghlaigh roimh an dáta deiridh. Beidh moill i gceist i gcónaí le híoc deontais i gcás iarratasóir a chuireann iarratas neamhiomlán isteach.

Tá eolas faoi na deontais ar fáil ar líne freisin ag www.kildare.ie/countycouncil.

Ba ionann luach na ndeontas a íocadh i 2009 agus €6.7 milliún, suim a bhí mar:

- Chabhair shuntasach le deis chomhionann a thabhairt ar an oideachas;
- Léiriú ar an muinín atá as na mic léinn;
- Infheistíocht shuntasach maidir le heacnamaíocht na tíre san am atá le teacht.

An Rannóg Pleanála

Pleanáil chun Cinn

Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae Chill Dara i mBealtaine 2009. Clúdaíonn an plean reatha an tréimhse ó 2005 go 2011 ach forálann an tAcht um Phleanáil chun an t-athbhreithniú air a thosú dhá bhliain sula rachaidh sé as feidhm. Ba é a bhí i gceist leis an gcéad chéim den athbhreithniú ná dul i gcomhairle leis an bpobal chun fáil amach céard a bhí siad ag iarraidh a chur san áireamh ina bplean nua. Ina dhiaidh sin ullmhaíodh Tuarascáil Bainisteora faoi na haighneachtaí a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí agus rinneadh plé le comhaltaí na Comhairle. Ansin d'ullmhaigh an Bainisteoir Dréachtphlean Forbartha agus chuir sé faoi bhráid na gcomhaltaí é chun é a fhaomhadh i bhFeabhra 2010. Is í an chéad chéim eile ná an Dréachtphlean a fhoilsiú in Aibreán 2010, tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh leis an bpobal, leasuithe a dhéanamh ar an Dréachtphlean más cuí, comhairliúchán a dhéanamh arís eile, agus sa deireadh, é a ghlacadh ag na Comhairleoirí in Aibreán 2011.

Leanadh den dul chun cinn maidir le pleananna ceantair áitiúla (PCÁ) do bhailte agus do shráidbhailte sa chontae a ullmhú agus a aontú. Tugadh PCÁ chun críche le haghaidh na Sollán, Díseart Diarmada, Cill Choca agus Claonadh agus cuireadh tús le hobair ar PCÁ le haghaidh Léim an Bhradáin, Cill Droichid agus Collinstown. Is i bhfianaise na mbeartas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus an Plean Forbartha Contae 2005 – 2011 san áireamh, a shocraítear gach plean ceantair áitiúil. Féachaimid lena chinntiú chomh maith go dtagann na pleananna ar fad le prionsabal na hinmharthanachta, go réitítear an bealach leo don dul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta, go gcuirtear úsáid éifeachtach na talún talamh chun cinn leo agus go gcosnaítear an timpeallacht nádúrtha agus thógtha.

Cloítear leis na ceanglais reachtúla faoi na Rialacháin maidir le Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil 2004 agus tá sainfhoireann idir-rannach MSC bunaithe d'fhonn cur leis an bpróiseas sin. I 2009, leanadh ar aghaidh ag ullmhú MSCanna le haghaidh Léim an Bhradáin, Cill Droichid agus Collinstown mar chuid de phróiseas athbhreithnithe na PCÁ le haghaidh na gceantar sin.

Tá sé beartaithe an t-athbhreithniú ar na PCÁ eile a chríochnú i 2010 – Baile Chill Dara, Ráth Iomhgháin, an Droichead Nua, Maigh Nuad, agus an Chill.

Ullmhaíodh freisin Ráitis faoi Dhearadh Sráidbhaile (RDS) le haghaidh sé shocraíochta i 2009 – Ardclough, Baile na mBreatnach, Baile an Chalbhaigh, an Urnaí, Baile an Stáibléaraigh agus Baile an Roibeardaigh. Thug na Comhairleoirí na chéad thrí cinn faoi deara ag a gcruinniú Comhairle i Márta 2009 agus tabharfar na RDSanna eile faoi deara go luath.

Bainistíocht Forbartha

Iarratais Phleanála

Fuair Comhairle Chontae Chill Dara 1,464 iarratas pleanála san iomlán i rith na bliana 2009. Measadh 242 acu sin a bheith neamhbhailí agus cuireadh ar ais ag na hiarratasóirí iad. D'eisigh an tÚdarás Pleanála 1,100 cinneadh cead pleanála a thabhairt agus 292 cinneadh cead pleanála a dhiúltú. Rinneadh 128 achomharc chuig an mBord Pleanála.

Fuair Comhairle Baile an Náis 98 iarratas pleanála san iomlán i rith na bliana 2009. Measadh 8 acu sin a bheith neamhbhailí agus cuireadh ar ais ag na hiarratasóirí iad. D'eisigh an tÚdarás Pleanála 86 cinneadh cead pleanála a thabhairt agus 10 gcinneadh cead pleanála a dhiúltú agus rinneadh achomharc leis an mBord Pleanála maidir le 17 cinneadh.

Fuair Comhairle Baile Bhaile Átha Í 34 iarratas i 2009 agus astu siúd, measadh go raibh 4 cinn neamhbhailí agus filleadh ar na hiarratasóirí iad. D'eisigh an tÚdarás Pleanála 33 cinneadh cead pleanála a thabhairt agus 6 chinneadh cead pleanála a dhiúltú. Dheimhnigh an Bord Pleanála 8 n-achomharc.

Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar bhainistíocht comhad stairiúil maidir le pleanáil, lean an rannóg pleanála ar aghaidh le roinnt tionscadal i 2009 chun feabhas a chur ar fáil eolais phleanála ar líne do bhaill den phobal.

Lean an rannóg pleanála ar aghaidh freisin ag déanamh a cuid córas pleanála a nuachóiriú; críochnaíodh nuashonrú ar I-Plan an Bhord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil i 2009, freisin cuireadh tús le hobair ar an ascnamh chuig an gcóras Ranníocaíochtaí Pleanála agus Forbartha a nascann I-Plan leis an gcóras airgeadais Agresso.

Reáchtáil an Rannóg Pleanála cruinniú gníomhairí i bhFeabhra 2009 nuair a pléadh agus nuair a chuathas i ngleic le saincheisteanna pleanála reatha, d'fhreastail breis is 120 gníomhaire ar an gcruinniú seo. Tugadh deis do na gníomhairí a gcuid ábhar imní a phlé leis an Údarás Pleanála a thug faoi deara iad agus a thug gealltanas dul i ngleic leo amach anseo. Tá sé beartaithe cruinniú eile a reáchtáil leis na gníomhairí i 2010.

Cruinnithe Réamhphleanála

Ceapadh cruinnithe réamhphleanála d'fhonn plé a dhéanamh le hiarratasóirí ionchais maidir le forbraíocht mhórscála ar áitribh chónaithe nó thráchtála. Reáchtáladh 108 cruinniú foirmiúil réamhphleanála san iomlán go hinmheánach i 2009.

Ceapadh clinicí réamhphleanála d'fhonn plé go sainiúil le hiarratasóirí ionchais i gcás aon teach amháin nó forbairt tráchtála ar scála beag. Reáchtáladh 5 chlinic réamhphleanála san iomlán in Áras Chill Dara i 2009, d'fhreastail 82 iarratasóir féideartha ar na clinicí sin.

I dteannta leis na clinicí a reáchtáladh in Áras Chill Dara, tugadh clinicí for-rochtana isteach in Oifigí Ceantair Bhaile Átha Í, Chlaonadh agus Léim an Bhradáin. Reáchtáladh 15 clinic fhor-rochtana san iomlán i 2009 agus d'fhreastail 94 iarratasóir orthu.

Forbairt a Rialú

Lean an Chomhairle den dul chun cinn a dhéanamh maidir le heastáit chónaithe a thógáil i gcúram, tógadh 9 n-eastát i gcúram i 2009.

Rialú Tógála

Fuarthas 523 Fógra Tosaithe bailí agus 206 iarratas bailí ar 523 Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán faoin reachtaíocht agus faoi na rialacháin um Rialú Tógála i 2009. Ón 1 Iúil 2008 bhí sé riachtanach go mbeadh Deimhniú ar Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (BER) ag gach teaghais nua-thógtha ó 1 Iúil 2008. Ó 1 Eanáir 2009 síneadh an ceanglas chun Deimhniú BER a fháil go haon teaghais arna tairiscint le díol nó le ligean ar cíos. Tá sé de dhualgas ar Údaráis Rialaithe Tógála a chinntiú go bhfuil ceanglais maidir le Deimhniú BER á gcomhlíonadh ina gceantar feidhmiúcháin.

I Márta 2009, scríobh an Chomhairle chuig gach Ceantálaí sa chontae chun iad a chur ar a n-eolas faoin gceanglas chun deimhniú BER a chur ar fáil le haghaidh na dteaghaisí go léir arna dtairiscint le díol nó le ligean ar cíos. Ina dhiaidh sin rinneadh roinnt cigireachtaí le linn na bliana.

Áit a bhfuarthas Fógraí Tosaithe le haghaidh tithe 'aon-uaire' scríobh an Chomhairle chuig úinéirí chun iad a chur ar a n-eolas faoin dualgas Deimhniú BER a fháil don teaghais.

Ionchúisimh agus Forfheidhmiú Pleanála

Rinneadh imscrúdú mar gheall ar 292 gearán faoi fhorbairtí neamhúdaraithe i rith na bliana 2009. Eisíodh 143 Litreacha Rabhaidh agus seirbheáladh 64 fhógra forfheidhmithe ar fhorbairtí neamhúdaraithe. Thionscain an tÚdarás Pleanála imeachtaí dlí i 9 gcás.

Oidhreacht

Seo a leanas na tionscadail Oidhreachta a tugadh chun críche i 2009

- **Kildare Archaeological Sources - Foilsiú**

D'fhoilsigh Fóram Oidhreachta Chill Dara "Kildare Archaeological Sources" i 2009. Rinneadh an t-eolaire sin a choimisiúnú chun leabhar tagartha praiticiúil, cuimsitheach agus éasca le húsáid a chur ar fáil le haghaidh ábhar foinse seandálaíochta i gContae Chill Dara agus seoladh é i gcomhpháirt le Cumann Seandálaíochta Chill Dara.

- **Bithéagsúlacht agus Forbairt i gContae Chill Dara**

  Foilsíodh dhá fhoilseachán i 2009 a d'fhéach chuig faisnéis a sholáthar faoi bhithéagsúlacht agus faoi fhorbairt i gContae Chill Dara, "Good practice guidelines for developers" agus "Good practice guidelines for householders". Scaipeadh an dá fhoilseachán sin go forleathan.

- **Speicis Ionracha**

  Cuireadh comhairle faoi speicis ionracha a rialú i gContae Chill Dara ar fáil do bhaill den phobal agus do bhaill foirne Chomhairle Chontae Chill Dara

- **Foinsí Teirmeacha**

  Rinneadh comparáid idir sonraí faoi thobair agus faoi fhoinsí teirmeacha i gContae Chill Dara i gcomhpháirt le hOÉ Mhaigh Nuad.

- **Éin sna Clóis Scoile Bliain 5**

Tugadh comhairle do 25 scoil i 2009 chun cabhrú le múinteoirí agus leis an bpobal le héin a aithint sa chlós scoile agus chun feasacht faoi bhithéagsúlacht a spreagadh. Rinne CCCD an tionscadal seo a chomhurrú le hIonad Oideachais Chill Dara.

- **An tSeachtain Bhliantúil Oidhreachta.**

Tiomsaíodh agus scaipeadh bróisiúr le haghaidh na Seachtaine Oidhreachta 2009 a rinne 30 imeachta arna n-eagrú ag grúpaí áitiúla le linn na Seachtaine Oidhreachta a chur chun cinn.

Cuidiú le Tionscnaimh áitiúla um Oidhreacht Pobail

Tugadh cúnamh do roinnt grúpaí pobail a chuir tionscnaimh oidhreachta i gcrích.

- **Tionscadal Rian Oidhreachta an Droichid Nua**

Forbraíodh rian oidhreachta le haghaidh an Droichid Nua i gcomhpháirt le Coiste na mBailte Slachtmhara sa Droichead Nua. Cuireadh críoch le Céim 1 den tionscadal seo, ba é a bhí i gceist léi sin ná 6 phlaic eolais a chur suas in ionaid éagsúla sa bhaile i 2009.

- **Comhairle faoi Bhithéagsúlacht do Ghrúpaí Bailte Slachtmhara**

Rinne an t-oifigeach oidhreachta idirchaidreamh le KELT chun oiliúint a sholáthar do ghrúpaí Bailte Slachtmhara faoi cheantair bhithéagsúlachta a bhainistiú i mbailte agus i sráidbhailte.

- **Reiligí a Thaifeadadh**

Tugadh cúnamh do Scéim Bhaile an Bhagúnaigh um Thaifeadadh Reilgí agus do thionscadal Chumann Seandálaíochta Chill Dara um thaifeadadh reiligí.

- **Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS) Loch Ballynafagh**

Rinneadh an carrchlós seo sa láithreán seo faoi úinéireacht na Comhairle a athchóiriú agus a fhálú.

Plean Oidhreachta Chontae Chill Dara

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Phlean Oidhreachta Chontae Chill Dara i 2009 agus é mar aidhm ullmhú Plean Oidhreachta Contae nua a threorú.

Caomhnú na hAiltireachta

Cuireann an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta comhairle agus saineolas teicniúil ar fáil maidir leis an oidhreacht thógtha agus go háirithe maidir le struchtúir chosanta agus limistéir chaomantais ailtireachta sa chontae.

Mar chuid de na hathbhreithnithe ar an bPlean Forbartha, rinneadh suirbhéanna ar fhoirgnimh stairiúla le haghaidh an Chontae, an Náis agus le haghaidh Bhaile Átha Í i 2009. Molfar foirgnimh le cur le Taifead na Struchtúr Cosanta le haghaidh Phleananna an Chontae, an Náis agus Bhaile Átha Í nó le baint de. Freisin beartófar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta mar chuid de na hAthbhreithnithe éagsúla ar an bPlean Forbartha.

Struchtúr Cosanta Diméin Dhomhnach Compair, Cill Droichid

Oibrítear Scéim na nDeontas Caomhantais gach bliain agus i 2009 fuarthas 34 iarratas ar dheontas caomhantais agus ceadaíodh 23 deontas ar luach iomlán de €207,600.

French Furze Cottage, An Currach– Faighteoir Deontas Caomhantais 2009

Tithíocht

I 2009, rinne an Chomhairle seo na haonaid seo a leanas a dháileadh faoina chlár de sholáthar tithíochta sóisialta:

Cóiríocht don Lucht Siúil i mBaile Átha Í	6
Tógáil sna Solláin	61
Ceannacháin	10
Cuid V	18
Iomlán	**95**

Déanann an Chomhairle cothabháil agus bainistíocht maidir le stoc mór tithíochta ar a raibh 2,769 áras ag deireadh na bliana 2009. Tháinig 146 teach folamh ar ais sa stoc agus rinneadh iad a leithdháileadh do dhaoine a raibh gá acu le tithe. Críochnaíodh 2,223 iarratas deisiúcháin i rith na bliana.

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos

Leanadh den Scéim um Chóiríocht ar Cíos a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2009. Tá an scéim sin ceaptha chun cóiríocht ar cíos ar chaighdeán maith a chur ar fáil d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmiú na n-údarás áitiúil maidir le freastal don éileamh ar thithíocht. Aistríodh 284 duine ar liúntas leasa forlíontach go dtí an scéim faoi dheireadh na bliana 2009.

Deontais Tithíochta

Bhí trí scéim deontais chun oiriúnú riachtanach ar theaghaisí príobháideacha a chumasú i bhfeidhm le linn 2009:

- Deontais Oiriúnaithe Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas
- An Deontas Áiseanna Soghluaisteachta
- Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

2009	Iarratais Faighte	Deontais Íoctha	Iarratais idir lámha i mí na Nollag
Deontais Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas	92	71 (€694,084.00)	218
Deontas Áiseanna Soghluaisteachta	15	3 (€16,250.00)	13
Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	96	25 (€99,637.00)	470

Déanann Comhairle Chontae Chill Dara beart chun iompar frithshóisialta a sheachaint trí hOifigigh Caidrimh do Thionóntaí a fhostú. I Roinn na Tithíochta atá siadsan lonnaithe. Tá na hoifigigh sin freagrach as déileáil leis na gearáin uile a thagann ó thionóntaí agus le gach tuairisc ar iompar frithshóisialta nó ar núis. Bíonn na hoifigigh rannpháirteach chomh maith san oiliúint réamhthionachta a chuirtear ar thionóntaí nua.

Tá Oibrithe Caidrimh le Daoine gan Dídean fostaithe ag an gComhairle chomh maith agus bíonn siadsan i gcaidreamh le daoine a thagann i láthair mar dhaoine gan dídean agus cuidíonn siad leo maidir le cóiríocht éigeandála agus cóiríocht fhadtéarmach. Lean an Fóram do Dhaoine gan Dídean leis an obair i rith na bliana agus díríodh ar an riachtanas atá ar dhaoine gan dídean, ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil agus ar athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean.

Lean Comhairle Chontae Chill Dara den ról lárnach atá aici i ndáil leis an riarachán agus leis an gcóras oibre don Scéim Cúnaimh Caipitil agus don Scéim Iasacht agus Fóirdheontais Chaipitil i rith na bliana 2009. Leagtar amach téarmaí agus coinníollacha na scéimeanna cistiúcháin sin in Alt 6 den Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992 agus i Meabhrán VHU 2/02 agus i gciorcláin eile ina dhiaidh sin.

Mar Údarás Tithíochta, ní hamháin go soláthraíonn Comhairle Chontae Chill Dara tithe ach tógann sí pobail inbhuanaithe. Tá Oibrithe Sóisialta fostaithe d'fhonn ról an phobail i dtograí tithíochta sóisialta a chothú go gníomhach agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil trí shaoránacht ghníomhach agus trí chuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Cuidíonn na hOibrithe Pobail chomh maith le Cumainn Áitritheoirí, le tionscnaimh chaithimh aimsire do dhaoine óga agus scothaosta agus le cláir oideachais, idir cláir fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla do dhaoine atá ina gcónaí i dtithe de chuid an údaráis áitiúil. Tá oiliúint réamhthionachta freisin ina cuid den phróiseas lena n-éascaítear tionóntaí nua chun aistriú go dtí pobal nua agus páirt a ghlacadh i saol na bpobal sin

Cosaint Shibhialta Chill Dara

Cuirtear oiliúint ar an 80 oibrí deonach Cosanta Sibhialta sa chontae i nGarchabhair, i gComhrac Dóiteáin, i dTarrtháil, i gCumarsáid, i Leas, i monatóireacht Bardaigh agus Radaíochta, i gCuardach agus Athshlánú san Uisce agus ar Thalamh. Bíonn oiliúint mar chuid mhór dá saol agus leanann cúrsaí oiliúna ar aghaidh ar bhonn seachtainiúil.

Bhí Cosaint Shibhialta an-ghnóthach i rith na bliana mar thoradh ar éigeandálaí tuilte agus sneachta. Sna héigeandálaí sin chabhraigh siad leis na pobail trí thacaíocht bhreise a thabhairt .i. uisce, bia, cumhacht chun citil a fhiuchadh, fóin phóca a luchtú srl. Freisin sholáthair siad báid, caidéil agus málaí gainimh dóibh siúd a bhí buailte ag na tuilte agus sholáthair siad iompar d'altraí pobal le linn na tréimhse sneachta.

Thug siad cúnamh ag roinnt imeachtaí pobail ar fud an chontae i rith na bliana trí gharchabhair a sholáthar chomh maith le maoir agus ceansú tráchta. Ghlac Cosaint Shibhialta Chill Dara páirt i roinnt cleachtaí le Baile Átha Cliath agus Cill Mhantáin agus freisin chabhraigh siad leis na contaetha sin lena gcuid dualgas. Freisin reáchtáil Cosaint Shibhialta Chill Dara oíche Fadseirbhíse, Struchtúr Ranga agus Oíche Bronnta um Dheimhniú Cúrsa le haghaidh na n-oibrithe deonacha.

Seirbhísí Leabharlainne Chill Dara

Fiúntas le Smaointe: Soláthraíonn Plean Forbartha na Seirbhísí Leabharlainne 2007-2012' agus Cuspóirí Corparáideacha agus Pobail Chomhairle Chontae Chill Dara creat chun seirbhísí leabharlainne a sheachadadh.

Táscairí na bliana 2009	
Líon na míreanna a tugadh amach ar iasacht	581, 645
Líon na mball leabharlainne reatha	46, 666
Líon Seisiúin Rochtana Poiblí ar an Idirlíon	39, 514
Líon na gCuairteanna Úsáideora	462, 283
Líon na gCuairteanna ar Imeachtaí & ar Iarsmalanna	55, 559

Príomhshruthú Athraithe 2008 v 2009:

- 55, 265 iasacht bhreise i 2009
- Méadú de 7.2% ar eisiúintí leabhair
- Méadú de 35.3% ar eisiúintí leabhair
- Méadú de 34% ar chuairteanna ranga
- Méadú de 15% ar imeachtaí tuismitheora agus lapadáin

- I mBealtaine 2009, sheol an tUas. Sean Power, T.D. Leabharlann Pobail Mhainistir Eimhín. Ó sin tá clár fairsing agus éagsúil ealaíon agus leabharlainne á sheachadadh do na 750 ball nua, a bhfuil 20, 418 mír tógtha ar iasacht acu cheana féin.

- Tá oibreacha ar Leabharlann Pobail Chill Dara chun saoráid úrscothach 5,000 troighe cearnaí a sheachadadh faoi lán seoil. Beidh Teenzone tiomnaithe agus áiseanna TF suas le dáta mar tharraingtí lárnacha sa leabharlann atá sceidealaithe le hoscailt in Aibreán 2010.

- Ó osclaíodh é i nDeireadh Fómhair 2008 tá níos mó ná 550 ball faighte ag Leabharlann Pobail Chlocha Rince agus d'eisigh sí breis is 9,000 mír le linn 2009. Bhuaigh Tionscadal Leabharlann Pobail Chlocha Rince a *Dámhachtain an Taoisigh as Feabhas na Seirbhíse Poiblí* a bhronnfar ag searmanas ar 8 Iúil 2010.

- Ag leanúint ar aghaidh le Plean Chomhairle Chontae Chill Dara um Chur i bhFeidhm na Rochtana, leanadh ar aghaidh le hoibreacha i leabharlanna an Náis, Dhíseart Diarmada, Léim an Bhradáin, Mhaigh Nuad agus Bhaile Átha Í.

- Rinneadh dul chun cinn ar ullmhú agus taighde i 2009 chun áis leabharlainne inrochtana nua a sheachadadh do phobal Chill Choca.

- Tá pleanáil ar siúl maidir le Leabharlann Láir nua don Chontae sa Droichead Nua, rud a léiríonn dúthracht na Comhairle maidir le tacú le deiseanna Cultúir agus Oideachais don duine aonair agus do ghrúpaí.

- Cuireadh críoch leis na pointí seirbhíse leabharlainne go léir a ríomhairiú i 2009. Anois táirgeann seacht leabharlann bogearraí ríomhaire féin-áirithinte d'úsáideoirí agus tá an Leathanach Gréasáin nua-dheartha Leabharlainne rollta amach ag brainsí. Chun fáil amach céard atá ar siúl i do bhrainse féin logáil isteach i www.kildare.ie/library.

- Tá an tóir ar an tseirbhís 'Lend-A-Laptop' i Leabharlann Léim an Bhradáin ag dul i méid.

- Rinneadh tionscadal comhpháirtíochta na Seirbhíse Leabharlainne/FÁS eCollege (a chuireann foghlaim FÁS ar fáil i Leabharlanna) a phíolótú go rathúil i Leabharlann Bhaile Átha í agus déanfar é a rolladh amach i leabharlanna Mhaigh Nuad, Chill Droichid, Léim an Bhradáin agus an Droichid Nua i 2010.

- Mar fhreagra ar'Déagspás – Beartas Náisiúnta Áineasa do Dhaoine Óga' ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige rinne na Seirbhísí Leabharlainne agus Ealaíon taighde a choimisiúnú le daoine óga faoi gach réimse de dhul i ngleic le soláthar seirbhísí leabharlainne agus ealaíon. Críochnaíodh doiciméad taighde ilfhormáide dar teideal 'Not Only Adults Drink Tea' i Meán Fómhair 2009 agus cabhróidh sé le cláir agus spáis leabharlainne agus ealaíon do dhéagóirí a threorú amach anseo.

- Tá Pleananna Margaíochta agus Caidrimh Phoiblí curtha i bhfeidhm go háitiúil i ngach pointe seirbhíse agus ardaíonn siad feasacht faoi na seirbhísí agus na cláir leabharlainne go léir chomh maith le hiad a chur chun cinn.

Spreagadh an tSaoránaigh – Pobail a Neartú

- D'éirigh go han-mhaith le cláir chuimsitheacha mar thionscadail fhoghlama ar líne, Imeachtaí Ilchultúrtha ar fud an chontae, Cláir Bhealtaine, Taispeántais Phobail agus imeachtaí ceoil agus ranganna faoi Idirlíon 3G i 2009.

- Tá 'eBooks ar fáil anois do bhaill ar an láithreán gréasáin leabharlainne chun iasachtú digiteach a dhéanamh. Is féidir bailiúchán de níos mó ná 2,000 mír a uaslódáil ar ríomhairí glúine nó seinnteoirí MP3. Tabhair cuairt ar http://digitallibrary.kildare.ie

- Críochnaíodh 'Changing Minds, Changing Practices' le linn 2009. Moladh an beart, atá faoi bhráid an Bhord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil faoi láthair, agus glacadh leis mar theimpléad náisiúnta ar féidir a sheachadadh do gach údarás áitiúil agus páirtí leasmhar eile, mar áis luachmhar oiliúna.

- Tugadh tosaíocht laistigh den tseirbhís leabharlainne do shaoránaigh atá san ospidéal agus leanfar ar aghaidh le hiasachtú agus le bailiú in Ospidéal an Náis.

- Tá Seirbhísí Leabharlainne agus Ealaíon Chill Dara i gcomhpháirt le hOÉ Mhaigh Nuad ag déanamh Cuid III den chlár rathúil 'Maynooth Film for All' a sheachadadh. Tá an tionscadal seo fós iontach rathúil agus úsáideoirí leabharlainne pobail agus ollscoile á dtógáil le chéile aige le haghaidh scannán agus plé.

- Déanfar méadú ar Thionscadal na mBréagán, na Teicneolaíochta agus na hOiliúna, cur chuige comhpháirtíochta chun leabharlanna bréagáin agus acmhainní teicneolaíochta cúnta a fhorbairt a shíneadh isteach i Leabharlann Pobail Léim an Bhradáin le linn 2010.

- Tá an‘Studio @ Leixlip Library’ faoi lán seoil agus freastalaíonn sé do thaifeadadh agus do chraoladh mar chuid de chláir leithne do gach aoisghrúpa lena n-áirítear déagóirí agus daoine scothaosta .

Caighdeán an tSaoil agus Rannpháirtíocht Chultúrtha

- Reáchtáil Comhairle Chontae Chill Dara níos mó ná 2,600 imeacht ar fud líonra na leabharlann i rith na bliana agus rinne sí éascú orthu. Bhí réimse leathan imeachtaí i gceist idir clubanna leabhar agus ceardlanna scéalaíochta, taispeántais ealaíne, cláir don fhoghlaim aosach, clubanna cniotála, clubanna DVD, ceol do dhaoine óga.

- Ba í Féile Leabhar na Leanaí 2009 an fhéile ba rathúla a reáchtáladh fós; rinneadh 163 clár um thuiscint agus forbairt na léitheoireachta a óstáil le haghaidh 530 linbh le linn mhí Dheireadh Fómhair i leabharlanna ar fud an chontae.

- Éascaíonn Seirbhís Leabharlainne Chill Dara 36 club leabhar d'aosaigh agus 13 club leabhar do leanaí. Gheobhaidh na rannpháirtithe gníomhacha leabharlainne sin luach saothair le céad Fhéile Léitheoirí Chill Dara i mBealtaine 2010, nuair a bheidh léimh, agallaimh agus sínithe le go leor údar cáiliúil Éireannach ar siúl Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ag www.kildarereadsfestival.ie

- Tá oidhreacht ghineolaíochta Chontae Chill Dara ar fáil trí bhunachar sonraí arna n-óstáil ag Fondúireacht na hÉireann um Stair Teaghlaigh.

- Trí chomhairliúchán inár bpobail, freagraíonn na bailiúcháin leabhair agus ilmheán go díreach do riachtanais éagsúla ár gcuid saoránach ó thaobh an eolais. Tá úrscéalta grafacha, cnuasaigh MP3 réamhlódáilte agus Cluichí Físe cumhdaithe anois inár gcuid cnuasach ar fud an chontae.

- Leanann an Quaker Museum air ag tarraingt cuid mhór cuairteoirí ó gach cearn den domhan a thagann chuig an sráidbhaile beag Béal Átha an Tuair.

Bainistiú Dramhaíola

Diúscairt & Athchúrsáil

Chuir an Chomhairle seirbhís bhailiúcháin bruscair ar fáil dhá uair sa tseachtain le haghaidh thart ar 23,000 teaghlach i 2009, a dtagann 1¼ tonna dramhaíola ar an meán ó gach ceann acu gach bliain. Is ionann sin agus 43,000 tonna in aghaidh na bliana san iomlán nuair a chuirtear bailiúchán príobháideach san áireamh. Chomh maith leis an mbailiúchán faoi dhó sa tseachtain ar dhramhaíl iarmharach, déantar ábhar tirim in-athchúrsáilte a bhailiú gach re seachtain. Tá níos mó daoine ag déanamh athchúrsála agus múiríniú ar a gcuid dramhaíola tís agus is tréine arís a tharlaíonn sin ó tugadh isteach muirir bhailiúchán bruscair íoc mar a úsáidtear. 21,000 tonna san iomlán d'ábhar tirim inathchúrsála a bailíodh ó na teaghlaigh.

Tá Láithreáin Fóntas Poiblí ag an gComhairle i gCnoc Saileata, Cill Chuillinn agus i gCnoc na Croiche i mBaile Átha Í. Chomh maith leis na gnáthbhainc 'fág anseo' haghaidh gloine, cannaí alúmanaim agus éadaigh, is fairsinge anois réimse an ábhair a nglactar leis in ionaid athchúrsála de réir mar a thagann úsáid eile as ábhair éagsúla chun cinn. Leagtar amach sa liosta thíos réimse an ábhair a nglactar leis faoi láthair:

Cairtchlár Rocach	Cairtchlár Glas
Páipéar nuachta	Irisí
Dramhpháipéar	Plaisteach de Chatagóir 1, 2 nó 4 amháin
Buidéil Ghloine	Gloine Phána
Cannaí Alúmanaim & Miotail	Miotal Conamair
Éadach	Earraí Leictreacha
Péint	Vearnais
Cógais	Ceimiceáin
Aerasóil srl.	Dramh-ola
Batairí Cairr	Ábhar in-athchúrsáilte, Dramhaíl Ghuaiseach Tís

Rinneadh próiseáil ar 2,513 tonna dramhaíola in ionaid athchúrsála na comhairle i gCnoc Silliott agus i mBaile Átha Í, ardú de bheagán i gcomparáid leis an mbliain roimh ré. Rinne an chomhairle cothabháil ar bhainc 'fág anseo' ag ceathracha agus a haon ionad ar fud an chontae agus bailíodh 3.466 tonna gloine agus 65 tonna cannaí in iomláine astu sin. D'éirigh go maith arís leis na háiseanna bailithe batairí in 125 bunscoil agus iarbhunscoil chomh maith leis an dá láithreán fóntas pobail. Cuidíonn an togra maidir le batairí a bhailiú sna scoileanna le díobháil a sheachaint agus le hoideachas a chur ar dhaoine óga faoin ngá le cúram agus dramhaíl á diúscairt. Chomh maith le boscaí bruscair athchúrsála agus bainc 'fág anseo' a chur ar fáil, lean an chomhairle uirthi ag tairiscint ghabhdáin mhúirín do mhuintir an chontae ar bhunphraghas. Tá an togra maidir le múirín féir ar bhonn pobail ar siúl i gcónaí agus trí cinn de ghrúpaí pobail ag baint úsáide as gabhdáin mhóra saindéanta múirín arna gcur ar fáil ag an gComhairle.

Bainc Athchúrsála na Cille

Oideachas agus Feasacht

Thug an tOifigeach Feasachta Comhshaoil 100 cuairt ar scoileanna agus ar ghrúpaí pobail (m.sh. grúpaí na mbailte slachtmhara) d'fhonn tuiscint a chothú i measc an phobail ar chúrsaí dramhaíola agus nósanna maithe a chur chun cinn i measc an phobail maidir le diúscairt ar dhramhaíl.

Tá Feachtas na Brataí Uaine ag cuidiú leis an iarracht sin; bhí 65 de scoileanna an chontae a raibh bratach uaine bainte amach acu faoi dheireadh na bliana agus bhí 96 scoil ar fad cláraithe maidir leis an ngradam a bhaint amach. Réitíonn an Chomhairle an bealach do scoileanna ar mian leo páirt a ghlacadh sa chlár seo agus molann sé dóibh teacht isteach faoina scáth. Cuireann na húdaráis áitiúla ar fad a ghlacann páirt ann, Comhairle Chontae Chill Dara san áireamh, ciste ar fáil do Chlár na Scoileanna Uaine trí híocaíocht bhliantúil a dhéanamh go díreach leis An Taisce. Chomh maith leis sin, cuireann an Chomhairle ábhar agus/nó cúnamh airgid ar fáil maidir le tograí oiriúnacha sna Scoileanna Uaine rannpháirteacha. Is gné de dhúthracht Chomhairle Chontae Chill Dara maidir leis an oideachas faoi chúrsaí comhshaoil, na turais scoile chuig na Saoráidí Bainistiú Dramhaíola Slánchóirithe i gCnoc Silliot agus i mBaile Átha Í a bhíonn ar siúl go rialta i rith na scoilbhliana.

Rinne an chomhairle an tuiscint ar ghnéithe den bhainistiú dramhaíola agus de cheisteanna comhshaoil eile a chothú trí chomórtais grianghrafadóireachta chomh maith. Cuireadh na duaisiarrachtaí as comórtas grianghrafadóireachta na bliana 2008 faoi chúrsaí comhshaoil ar taispeáint sna leabharlanna i Ráth Iomgháin agus sa Nás le linn na bliana.

Frozen Canal, Naas le Brian Cregan (Iarracht sa chomórtas grianghrafadóireachta faoin gcomhshaol)

Freisin tacaíonn an chomhairle le tionscnaimh chomhshaoil ag grúpaí pobail agus ag údaráis áitiúla Chill Dara trí dhá scéim a dhéantar a chomhchistiú leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, is iad sin ná an Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil faoi LA21 agus an scéim deontais um Feasacht in aghaidh an Bhruscair. Chabhraigh na scéimeanna sin a bhfuil ciste iomlán de €24,500 acu le deich dtionscadal ar leithligh idir feachtas fógraíochta pictiúrlainne a dhírigh ar bhruscar agus feachtais áitiúla chun úsáid fuinnimh a laghdú.

Rinne an Chomhairle óstáil ar thaispeántas in Áras Chill Dara ar feadh mhí Dheireadh Fómhair dar teideal “Wood of Life” a rinne úsáid inbhuanaithe foraoiseacha a chur chun cinn.

An Méara Colm Purcell le daltaí ó St Corbans BNS ag taispeántas The Wood of Life, a dhéanann úsáid inbhuanaithe adhmaid a chur chun cinn

Is iad na maoir bruscair is feiceálaí maidir le straitéisí éagsúla na Comhairle chun bruscar a chosc agus is maith an deis iad chun cur le tuiscint an phobail ar fhadhb an bhruscair agus obair na Comhairle chun déileáil leis. Seo a leanas roinnt gnéithe d'obair na maor maidir le heolas a scaipeadh -

- Freastal ar chruinnithe ghrúpaí pobail, chumainn áitritheoirí agus choistí Chomórtas na mBailte Slachtmhara d'fhonn comhairle a chur orthu maidir lena gcuid oibre agus plé a dhéanamh ar aon cheisteanna a bhaineann le bruscar.

- Caidreamh neamhfhoirmiúil go leanúnach le páirtithe leasmhara a chuireann ar chumas na maor beart a dhéanamh gan mhoill siocracha móra bruscair, cásanna nua dumpála mídhleathaí, carranna a fhágtar le titim srl.

- Cuairteanna ar láithreacha miondíolacháin, tionsclaíochta agus tráchtála ar fud an chontae d'fhonn comhairle a chur ar úinéirí, áitritheoirí agus lucht foirne faoi na dualgais a leagtar orthu faoin Acht um Thruailliú Bruscair.

- Cruinnithe le baill den phobal d'fhonn ceisteanna bruscair a ghoilleann orthu féin go díreach a phlé leo.

- Cuairteanna ar scoileanna mar phoiblíocht ar iad a bheith ar fáil agus chun ceisteanna faoi bhruscar a phlé leis na daltaí.

Tá foireann comhshaoil soghluaiste a bhfuil beirt fostaithe inti chun tabhairt faoi réimse feidhmeanna, ina measc glantachán ar shiocracha móra bruscair nó áit a dtarlaíonn dumpáil mhídhleathach, comharthaí "Cosc ar Bhruscar" agus a leithéid a chrochadh agus monatóireacht a dhéanamh ar shaoráidí athchúrsála maidir le bruscar. Oibríonn an fhoireann sin i ndlúthpháirt le seirbhís na maor bruscair maidir le beart a dhéanamh i gcás eachtraí den chineál sin.

Faraor géar, ní leor an t-oideachas amháin chun deireadh a chur le bruscar agus b'éigean don chomhairle pionós a ghearradh ar chiontóirí. Eisíodh níos mó ná 1,213 fíneáil maidir le bruscar i rith na bliana 2009.

Araid a dhear daltaí ó Scoil Náisiúnta Bhaile Riobaird

An Glantachán Earraigh Náisiúnta

Mar is gnách, leagadh béim i mí Aibreáin ar an bhFeachtas Náisiúnta in aghaidh an Bhruscair – an Glantachán Earraigh Náisiúnta. Cuidíodh le Coistí na mBailte Slachtmhara agus le Cumainn Áitritheoirí trí mhálaí bruscair agus athchúrsála, airm chun bruscar a phiocadh suas agus miotóga a chur ar fáil agus trí haird a tharraingt ar imeachtaí a bhí ar siúl i rith na míosa.

Tá cláir éagsúla ar fáil chun treisiú leis an iarracht dheonach go háitiúil, roinnt acu dírithe ar ghrúpaí pobail agus ar chumainn áitritheoirí, ina measc Scéimeanna Deontais Saoráide, Tionscnaimh maidir le Mórtas Áite, srl. Déantar soláthar leis na scéimeanna sin do ghabhdáin bruscair, troscán sráide, plandaí agus sceacha a chur ar fáil agus d'obair fheabhsúcháin maidir le réimsí féaraigh.

Chuidigh baill foirne na comhairle chomh maith le grúpaí éagsúla maidir le páirt a ghlacadh i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara.

Seachtain Náisiúnta na gCrann

Sholáthair an chomhairle 350 crann agus 300 crann óg do ghrúpaí pobail le linn Sheachtain Náisiúnta na gCrann i Márta. Ar bhonn carnach, tá breis is 2,500 crann curtha sa chontae mar thoradh ar an scéim seo.

Acmhainní Daonna

Earcaíocht

Seo a leanas líon na foirne in Údaráis Áitiúla Chill Dara amhail an 31 Nollaig 2009:

An Bhunfhoireann	Líon	Coibhéis Lánaimseartha
Bainistíocht	6.00	6.00
Cléireachas / Riarachán	388.00	349.60
Gairmiúil / Teicniúil	166.00	163.00
Allamuigh	413.00	345.00
Scéim Dhreasachta um Shos Gairme	12.00	10.90
Baill Foirne Foruimhreacha	25.00	25.00
An Bhunfhoireann Iomlán	1010.00	899.50
Baill Foirne Eile		
Poist ar Chonradh	37.00	37.00
Poist Chonartha Maoirseachta Láithreáin	5.00	5.00
Sealadach/Séasúrach *	5.00	5.00
Comhraiceoirí Dóiteáin Coimeádta	67.00	N/A
Neamh-DoEH&LG	14.00	5.00
Iomlán na bPost Eile	128.00	119.00

Phróiseáil an Roinn iarratais i ndáil le 6 chomórtas a reáchtáladh i rith na bliana. Fuarthas 19 iarratas; 17 iarratas ó fhir agus 2 iarratas ó mhná: Mar thoradh ar na comórtais a reáchtáladh do na poist, measadh go raibh 9 iarratasóirí cáilithe agus cuireadh ar phainéil iad sin, ochtar iarratasóirí fir agus iarratasóir mná amháin. Táirgeadh poist do 5 iarratasóirí.

Oiliúint agus Forbairt

Aithnítear go bhfuil gá leanúnach le fórsa saothair atá nua-aimsearthа, solúbtha agus iloilte, agus déantar scéimeanna oiliúna a dhearadh dá réir, le comhoibriú agus rannpháirtíocht na foirne. Cuirtear béim ar leith ar riachtanais Sábháilteachta agus Sláinte, ar Inrochtaineacht agus ar Éagsúlacht, ar Scileanna Bainistíochta, ar Scileanna Teicniúla, agus ar scileanna don phost.

Comhairliúchán Foirne

Leanann an Rannóg Acmhainní Daonna (HR) uirthi ag aithint na tábhachta a bhaineann leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe atá ar fáil don fhoireann ar fad agus a thugann deis rochtain a fháil ar chomhairliúchán gairmiúil le cuidiú le baill foirne a d'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí pearsanta nó deacrachtaí bainteach le hobair acu chun forbairt agus a gcuid acmhainne pearsanta a bhaint amach.

Caidrimh Tionsclaíoch agus Fostaithe

D’éirigh go maith leis an mbeartas Caidrimh Dhaonna arís sa bhliain 2009, is é sin san iarracht saincheisteanna foirne a réiteach chomh luath agus is féidir trí phróiseas na Comhpháirtíochta leis an nGrúpa um Athrú Suntasach a Láimhseáil trí Chomhpháirtíocht agus leis an gCoiste Comhpháirtíochta. Baineadh coigiltis mhóra amach i 2009 trí chomhoibriú ball foirne agus cumann maidir leis an staid dheacair airgeadais a bhfuil údaráis áitiúla ag tabhairt aghaidhe uirthi. Ag druidim le deireadh 2009, mar thoradh ar an athrú ar chúrsaí caidrimh thionsclaíoch ar fud na tíre, reáchtáladh stailc aon lá amháin ar 24 Samhain 2009. Leanann an Rannóg Acmhainní Daonna uirthi ag dul i ngleic le gach cumann ar bhonn rialta chun déileáil le saincheisteanna áitiúla agus náisiúnta araon de réir mar a thagann siad chun cinn.

Comhpháirtíocht san Áit Oibre

Is é atá i gceist le Comhpháirtíocht san Áit Oibre ná an bealach ina ndéanaimid gnó, seachas rud éigin le déanamh in Údaráis Áitiúla Chill Dara. Is é an modh é atá comhaontaithe le hathrú a bhainistiú laistigh d'earnáil na n-údarás áitiúil. Tá coistí um chomhpháirtíocht san áit oibre dá cuid féin ag gach stiúrthóireacht faoi seach. Is iad na ceardchumainn, an bhainistíocht agus na fostaithe laistigh d'Údaráis Áitiúla Chill Dara a ainmníonn an Coiste Comhpháirtíochta san Áit Oibre de chuid Údaráis Áitiúla Chill Dara.

Is í an chomhthoil an modh a mbaintear úsáid as agus cinntí á ndéanamh. Aithnítear creat na Comhpháirtíochta san Áit Oibre mar an modh leis an Acht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2006 a chur i bhfeidhm.

Tháinig an coiste le chéile deich n-uaire le linn 2009 agus dhéileáil siad leis na míreanna seo leanas a bhí ar an gclár:

- Plean Gníomhaíochta le haghaidh 2009
- Leanúint ar aghaidh leis an gClár um Filleadh ar Fhoghlaim
- Nuachtlitir Foirne a chur le chéile
- Cuairt ar láithreán Lanpag
- Athbhreithniú ar Uaireanta Solúbtha Oibre
- Córas Bainistíochta Ama
- Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)
- An beartas i leith cumarsáide inmheánaí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas earcaíochta d'oibrithe atá ag obair lasmuigh
- Athrú Suntasach a Láimhseáil trí Chomhpháirtíocht
- Athruithe ar na Teorainneacha Toghcheantar
- Struchtúir Chomhpháirtíochta a Threisiú
- Glanadh Sráide i Maigh Nua agus i gCill Droichid
- Forbairt an Bheartas Sealaíochta Foirne
- An Beartas maidir le Dínit ag an Obair

Dul ar Scor

Chuaigh na daoine seo leanas ar scor le linn na bliana 2009, agus 749 bliain de sheirbhís curtha isteach acu eatarthu:

Ainm	Post
Maria Allison	Oifigeach Riaracháin
Michael Bermingham	Oifigeach Riaracháin
Thomas Boylan	Oibrí Ginearálta
James Burke	Saoiste
Richard Byrne	Stórthóir
William Cullen	Tiománaí Cat6A
Margaret Dempsey	Oifigeach Foirne Cúnta
Dermot Brennan	Oifigeach Riaracháin
Des Page	Stiúrthóir Seirbhísí
James Doyle	Oibrí Ginearálta
Michael Duignan	Maoirseoir ar Rialú Forbartha
Paddy Dunne	Oibrí Inneall Paisteála Tarra
Eamonn Walsh	Oifigeach Fostáisiúin
Gaye Coughlan	Oifigeach Cléireachais
Gerry Crehan	Teicneoir Sinsearach Feidhmiúcháin
Noel Harrington	Saoiste Catagóir 4
Maeve Hilliard	Oifigeach Cléireachais

Ainm	Post
Angela Carmel Hyland	Oifigeach Cléireachais
Julia Anne King	Oifigeach Cléireachais
Anne Long	Oifigeach Cléireachais
Peter Mahon	Saoiste Catagóir 4
Martin Dalton	Oifigeach Fostáisiúin
Gerard McGuinness	Tiománaí Catagóir 6a
Tony McNamee	Bailitheoir Ioncaim
Kevin Mulhall	Tiománaí/Oibrí Gléasra Catagóir7B
Josie O'Keeffe	Oifigeach Foirne Cúnta
Breda O'Neill	Oifigeach Foirne Sinsearach
Patricia O'Shea	Leabharlannaí Brainse
Thomas Raleigh	Bailitheoir Ioncaim
Thomas Skehan	Stiúrthóir Seirbhísí
Breda Whelan	Oifigeach Cléireachais

Fóillíocht do Chách . . .

Bhunaigh an Chomhairle rannóg seirbhísí fóillíochta i 1997 mar fhreagra ar an éileamh méadaithe ar urraíocht phoiblí d'áiseanna caithimh aimsire.

Bhí an rannóg rannpháirteach sna gníomhaíochtaí a leanas i rith 2009:

- Linne snámha a oibriú agus a fhorbairt sa Nás agus i mBaile Átha Í;
- Ionad Spóirt agus Fóillíochta an Droichid Nua a oibriú agus a athfhorbairt;
- Campas Spóirt Chill Dara Thuaidh a fhorbairt;
- Spóirt a fhorbairt sa chontae;
- Clár páirceanna;
- Bealaí siúlóide a choinneáil agus a fhorbairt;
- Deontais do chlubanna spóirt agus caitheamh aimsire áitiúla;
- Sábháilteacht uisce a chur chun cinn;
- Clósanna Súgartha a fhorbairt agus a choinneáil.

Linnte Snámha

Críochnaíodh an dá linn snámha sa Nás agus i mBaile Átha Í go deireanach i 2008 agus osclaíodh don phobal iad i Márta 2009. Oibríonn cuideachta na comhairle 'Kildare Sports and Leisure Facilities Ltd' na hionaid faoin ainm K-Leisure.

Rinneadh an dá sheanlinn snámha a dhíchoimisiúnú i 2009 agus athraíodh iad go carrchlóis phoiblí

Ionad Spóirt agus Fóillíochta an Droichid Nua

Thug thart ar 132,250 duine cuairt ar Ionad Spóirt agus Fóillíochta an Droichid Nua agus bhí an t-ionad ar oscailt os cionn 4,200 uair an chloig i 2009.

Caitheadh thart ar €2.9 milliún ar an ionad chun stiúideo corpacmhainne, giomnáisiam, agus áiseanna athraithe an ionaid a uasghrádú. Le siopa caife agus áit fháiltithe nua tá cruth nua ar an ionad agus anois tá sé ag croílár thiomantas na comhairle chun spóirt agus fóillíochta sa chontae. Bronnadh bratach bhán thionscal na fóillíochta as sláinteachas agus cáilíocht timpeallachta ar an ionad le haghaidh na seachtú bliana i ndiaidh a céile. Bíonn mór-éileamh ar an ionad ó bhliain go bliain agus tá sé seanbhunaithe anois mar chuid den saol caithimh aimsire i lár Chill Dara.

Bíonn an-éileamh ar an gclós súgartha atá ceangailte leis an ionad freisin agus tugadh cuairt ar an gclós sin thart ar 90,000 uair in aghaidh na bliana. Fuair an clós aitheantas ó ghrúpaí riachtanas speisialta agus tráchta an-dhearfacha ón Roinn Sláinte agus Leanaí a d'aithin an clós súgartha mar shampla de dhea-chleachtas, agus go dtugtar tacaíocht do thimpeallacht súgartha maith.

Campas Spóirt agus Fóillíochta Chill Dara Thuaidh

Cuireadh tús le céim a haon den tionscadal i 2007 agus cuireadh ceithre pháirc astro le hionad fóntas Léim an Bhradáin agus cuireadh sé chúirt leadóige le club leadóige Léim an Bhradáin. Tá Céim a dó agus a trí den tionscadal geallta fós chun an láithreán a sholáthar chun Linn Snámha Réigiúnach Chill Dara Thuaidh a chur ar fáil.

Clár na bPáirceanna

Seo a leanas na tionscadail agus an obair a tugadh chun críche i 2009

- Ullmhaíodh Dréachtstraitéis Spáis Oscailte le haghaidh an Chontae
- Suiteáladh pointe amhairc thar an Rí ar an gCanáil Ríoga i Léim an Bhradáin
- Forbraíodh Plean Caomhantais le haghaidh Spá Léim an Bhradáin agus cuireadh clár um ghlanadh scrobarnaí i bhfeidhm ar an láithreán.

- Ritheadh an Clár um Chur Crann i mbailte éagsúla ar fud an Chontae.
- Ritheadh clár um bearradh crann agus glanadh crann ar bhunús iarratas a fuarthas ó áiteanna timpeall an Chontae.
- Rinneadh oibreacha feabhsúcháin ag Páirc William Rowantree i gcomhar le Comhairle Baile Léim an Bhradáin.
- Ritheadh clár um chur bleibeanna earraigh i mbailte lena n-áirítear Mainistir Eimhín, an Nás, Cill Chuillinn, Baile Sheáin, An Chill agus Maigh Nuad.
- Rinneadh cothabháil féir i Maigh Nuad, Léim an Bhradáin, Cill Droichid, Cill Choca, sa Droichead Nua, i gCill Dara agus i Mainistir Eimhín.
- Tugadh cúnamh do rannóga inmheánacha maidir le saincheisteanna tírdhreachta.
- Tugadh tacaíocht airgeadais agus theicniúil do Chumainn Áitritheoirí agus do Choistí na mBailte Slachtmhara sa Chontae.

Tacú le Spórt Pobalbhunaithe

Tá an chomhairle mar ghníomhaireacht cheannasach i bPlean Straitéiseach Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara. Tríd an gcomhpháirtíocht sin, tairgtear roinnt clár forbartha spóirt do scoileanna agus do phobail. Oibríonn ár Seirbhísí Fóillíochta agus ár Rannóga Tithíochta le chéile chun cláir spóirt agus caithimh aimsire, oiliúint agus trealamh a sholáthar d'eastáit i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an chontae. Éascaíonn an tseirbhís freisin líonra gníomhaíochta scoir Chill Dara atá bunaithe san Ionad Spóirt atá againn i nDroichead Nua.

Bealaí Siúil

Rinne an Rannóg Seirbhísí Fóillíochta obair chothabhála ar bhealaí siúil agus forbraíodh pleananna chun bealaí nua a chruthú i mBaile Chill Dara agus ag Loch Ballinafagh. Tá na tionscadail sin á ndéanamh i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara agus le seirbhís oidhreachta na comhairle. Déanfar iniúchadh ar gach bealach siúil i 2009.

Deontais Spóirt agus Caithimh Aimsire

Bhain na heagraíochtaí seo a leanas sa chontae leas as deontais chúnaimh spóirt:-

- Club Peile Mhaigh Nuad
- Enable Ireland
- Club Peile Bhaile an Taidhg
- Club Peile Raheen
- Cumann Peile Ballyoulster

Sábháilteacht Uisce

Soláthraíodh baoithe tarrthála nua ar uiscebhealaí ardriosca i Léim an Bhradáin, i gCill Droichid agus in Ardclough. Aithníodh uiscebhealaí nua lena mbaineann riosca agus soláthrófar comharthaí rabhaidh agus baoithe tarrthála nua. Reáchtáil Sábháilteacht Uisce Chill Dara roinnt seachtainí feasachta uisce agus ranganna i gcomhar le Rannóg Seirbhísí Fóillíochta na comhairle.

Clóis Súgartha

Tógadh clós súgartha nua i gClaonadh. Leis an gclós nua sin tá 8 gclós súgartha san iomlán sa chontae. Chomh maith leis sin cuireadh tús le hobair ar chlós súgartha nua i Mainistir Eimhín. Beidh sé sin críochnaithe faoi lár 2010. Freisin cuireadh tús le dearthaí chun clóis súgartha a chur isteach san Fhorrach Mhór agus i gCill Chuillinn agus táthar ag súil go gcuirfear iad siúd i bhfeidhm i 2010.

Leanadh ar aghaidh ag déanamh cothabháil rialta ar na clóis súgartha atá ann cheana féin agus rinneadh cuid den dromchla sábháilteachta a bhí ann cheana féin a athsholáthar i gClós Súgartha an Droichid Nua.

Faoi na tionscnaimh Special Play ceannaíodh aonad súgartha idirghníomhach nua don Teenzone i gClós Súgartha Mhaigh Nuad agus déanfar é sin a shuiteáil go luath i 2010. Freisin tugadh cistiú de €30,000 d'Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhna chun áit leanaí a fhorbairt san Ionad Ealaíon chomh maith le gníomhaíochtaí bainteacha.

Comhoibriú

Mar chuid de nasc na comhairle le Tuaisceart Éireann, thaistil toscaireacht spóirt faoi cheannaireacht an Mhéara Colm Purcell, Comhairleoirí eile, Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara agus Foireann Seirbhísí Fóillíochta go Comhairle Cathrach Lios na gCearrbhach/Spórt Lios na gCearrbhach d'imeacht Spóirt agus Cultúir chun an nasc idir an dá phobal sin a threisiú.

Gníomhaíochtaí ICT

Bainistíocht agus Cothabháil Córas

- Iniúchadh slándála a dhéanamh agus leanúint ar aghaidh ag obair ar shlándáil theicniúil an líonra agus na gcóras.
- Athchumrú ar naisc shainithe le hoifigí seachtracha thar an líonra chun feabhas a chur ar shlándáil agus ar amanna freagartha d'úsáideoirí.
- 10,876 glaoch chuig an deasc tacaíochta le linn 2009.
- Rinneadh 120 PC/ríomhaire glúine a cheannach, a thógáil agus a chur i bhfeidhm i rith 2009. Rinneadh seanríomhairí a atógáil agus a athshannadh d'úsáideoirí eile. Glanadh, atógadh agus bronnadh PCanna a bhí faoi chaighdeán ar scoileanna agus ar charthanachtaí, tógadh cinn eile ó chéile agus coinníodh na páirteanna le hathúsáid. Cuireadh aon trealamh nach bhféadfaí a úsáid chuig saoráid athchúrsála Silliot Hill lena ndiúscairt i gceart.
- Leanadh ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht dhírithe ICT do Bhaill áit a raibh sí ag teastáil.

Feabhsúcháin Bonneagair

- Sonraí go léir na comhairle a bhogadh ó bhonneagar Novell go stóráil comhad Microsoft Windows
- Bunachair sonraí feidhmchlár móra a bhogadh ó áis neamhspleácha SQL go braisle Active-Passive SQL2005 agus sonraí a bhogadh chuig an Líonra Limistéar Stórála (LLS)
- Athbhreithniú eagraíochta iomláine a dhéanamh ar gach ceadúnas táirge Microsoft agus gach ceadúnas riachtanach a cheannach amach de réir mar a threoraigh an Roinn Airgeadais.
- Baill foirne go léir na comhairle a bhogadh go Fearann Chomhairle Chill Dara ar mhaith le héascaíocht úsáide agus bainistíocht éasca cuntais.
- Réiteach fiorúlaithe freastalaí a chur i bhfeidhm le haghaidh na comhairle chun laghdú a dhéanamh ar líon na bhfreastalaithe/na gceadúnas fisiceach atá á gcoimeád agus chun réiteach a mbeidh fáil air go forleathan a chur i bhfeidhm le haghaidh fheidhmchláir agus stórais sonraí na comhairle.

- Réiteach nua Commvault um chúltacú sonraí a chur i bhfeidhm agus céim a haon de réiteach Athshlánaithe Tubaiste a fhorbairt le haghaidh cianstóráil sonraí cúltaca.

- Margadh nua fóin phóca chorparáidigh (guth agus sonraí) a thairiscint agus a chur i bhfeidhm le haghaidh gach fón comhairle agus coigiltis mhóra a bhaint amach dá bharr.

Nuashonrú na Foirne Forbartha

- Freastalaí neamhspleách SQL Report Services a chur i bhfeidhm chun críocha tuairiscithe.

- An réiteach ríomhíocaíochtaí a leathnú go Comhairle Baile an Náis chun fíneálacha a íoc ar an ngréasán chomh maith le córais uathoibrithe Freagra Idirghníomhach Gutha (IVR).

- Gach comhairle a bhogadh chuig córas pleanála nua ar líne. Tionscadal casta a bhí ansin mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an gcóras pleanála agus méid na sonraí a easpórtáladh chuig an gcóras nua.

- Cabhrú le roinnt modúil nua feidhmchláir a chur i bhfeidhm, m.sh. an modúl cánach in Agresso, leagan nua den oifig airgid agus modúl Ranníocaíochtaí Forbartha a thabhairt isteach sa phríomh-FMS.

- Leanúint ar aghaidh le tacaíocht agus cothabháil na gcóras IT atá ann.

- Teicneolaíocht scanta a thabhairt isteach agus a shíneadh i roinnt ranna inmheánacha chun feabhas a chur ar éifeachtacht próiseála.

Uasghrádú GIS

- Córas nua bunaithe ar léarscáileanna a chur i bhfeidhm chun aonaid réadmhaoine na comhairle a bhainistiú agus a rianú (PIR – Property Interest Register)

- An Brabhsálaí Corparáideach MapGuide a thabhairt cothrom le dáta ar an inlíon chun ligean d'fhoireann iomlán Chomhairle Chontae Chill Dara rochtain a fháil ar léarscáileanna

na Suirbhéireachta Ordanáis mar aon le sraitheanna sonraí tríú páirtí iomchuí chun críocha fiosrúcháin agus eolais.

- Córas Pleanála GIS Gréasáin Phoiblí a scaoileadh don phobal chun sonraí pleanála a fheiceáil agus a fhiosrú go spásúil.
- Pleananna Ceantair Áitiúil Áth Garbháin agus na Cille a chur i láthair i dTimpeallacht GIS a fheidhmeoidh mar theimpléad do gach plean ceantair áitiúil amach anseo.
- Nuashonrú ar an gCóras Inmheánach um Pleanáil GIS go 3.4.2 le feidhmiúlacht bhreise.
- Gabháil leanúnach sonraí trí rolladh amach rathúil na hUirlise Uilíche um Dhigitiú Ar Líne …(Fáil Talún, Láithreáin Gheolaíocha, Leabharlanna, Aighneachtaí)

An tSeirbhís Dóiteáin

Is iad struchtúir nua na Roinne ná Oibríochtaí, Sábháilteacht Dóiteáin agus Pleanáil do Chásanna Éigeandála. Déileálann Oibríochtaí le Stáisiúin, le hOiliúint agus le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta. Déileálann Sábháilteacht Dóiteáin le Deimhniúchán Sábháilteachta Dóiteáin um fhoirgnimh nua agus bheartaithe faoin Acht um Rialú Foirgníochta chomh maith le cigireachtaí faoi Acht na Seirbhísí Dóiteáin ar fhoirgnimh atá ann cheana féin. Déileálann an Rannóg Pleanála Éigeandála le Pleanáil i gcomhair Móréigeandálaí agus le Pleanáil Réamheachtra don tSeirbhís Dóiteáin sa Rannóg Pleanála do Chásanna Éigeandála chomh maith le cigireacht agus rialúchán a dhéanamh ar áitribh Ardriosca sa chontae.

Leagadh béim mhór sa Rannóg Oibriúcháin i rith na bliana 2009 ar chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an obair. Tá an Ráiteas Coimhdeach Sábháilteachta a d'fhorbair agus a shínigh an Príomhoifigeach Dóiteáin agus an Stiúrthóir Seirbhíse ag feidhmiú anois mar threoir don todhchaí. Leantar ar aghaidh ag dréachtú Treoirlínte Caighdeánacha Oibriúcháin le haghaidh oibríochtaí go léir na Seirbhíse Dóiteáin agus tá bileoga faoi Chleachtais Shábháilte Oibre á scríobh le haghaidh gach modh oibre. Tugadh faoi dhianchlár oiliúna le haghaidh na gcomhraiceoirí dóiteáin go léir d'fhonn feabhas a cur ar an gcóras iomlán Sláinte agus Sábháilteachta. Leanadh ar aghaidh le dianchlár eile chun cothabháil agus tástáil a dhéanamh ar na fearais dóiteáin, na dréimirí, an trealamh ardaithe agus na hardáin rochtana.

Oibríochtaí na mBriogáidí Dóiteáin

Le sé bliana anuas chuaigh an tSeirbhís Dóiteáin amach mar gheall ar 1426 glao sa bhliain 2002, 1437 sa bhliain 2003, 1538 sa bhliain 2004, 1590 sa bhliain 2005, 1780 sa bhliain 2006, 1658 sa bhliain 2007, 1913 sa bhliain 2008 agus 1654 sa bhliain 2009. Taispeánann na figiúir sin laghdú le bliain anuas.

Taispeánann an tábla seo líon na nglaonna de réir stáisiúin le haghaidh na stáisiún go léir

Stáisiún	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
An Droichead Nua	414	374	372	410	454	442	472	415
An Nás	274	284	384	441	487	458	467	400
Maigh Nuad	261	220	250	268	318	256	293	253
Léim an Bhradáin	143	173	212	147	193	170	222	169
Baile Átha Í	216	248	237	215	205	206	290	258
Mainistir Eimhín	118	138	119	109	123	126	166	159

Seo a leanas miondealú de réir chineál glao:

Cineál Dóiteáin	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Simléar	362	314	294	291	286	256	252	270
Teach Cónaithe	215	168	154	195	171	181	223	169
Áitribh eile	89	93	113	121	129	85	135	112
Tionóisc Bóthair	206	171	148	192	156	193	217	148
Tarrtháil de Chineál Eile	49	33	38	42	43	44	49	33
Tuilte	38	8	2	3	9	29	96	53
Tine Lasmuigh	204	370	440	358	518	395	416	360
Dóiteán Mótarfheithicle	135	140	196	180	170	205	278	285
Ilghnéitheach	74	17	24	44	61	69	40	23
Aláram gan Chúis	54	109	101	164	237	204	207	201

Leanadh den laghdú ó bhliain go bliain ar líon na nDóiteán Simléir, agus is maith an scéal sin.

Tháinig méadú arís ar líon na dtionóiscí bóthair a ndearnadh freastal orthu, rud a léiríonn an méadú ar líon na dtionóiscí móra áit a mbíonn gá le scileanna agus trealamh na Seirbhíse Dóiteáin le daoine a thabhairt amach as na feithiclí agus a thugann le fios go bhfreastalaíonn na Seirbhísí Dóiteáin ar an líon céanna tionóiscí bóthair tromchúiseacha agus dóiteán i dtithe cónaithe. D'fhág an chontúirt bhreise a bhaineann le freastal ar thionóiscí bóthair ar bhóithre ardluais gur ghá leantóirí lena ndúntar lánaí trí chomharthaí láidre soilse a cheannach agus a chur in úsáid.

Léiríonn an méadú ar líon na ndóiteán i dtithe cónaithe an méadú ar líon na n-áras cónaithe ar fud an chontae le cúig bliana anuas. Baineann an chuid is mó de na dóiteáin i mótarfheithiclí le líon na gcarranna goidte a thréigtear agus a chuirtear trí thine i gceantair tuaithe sa chontae ach go háirithe.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas an meánachar ama a tógadh leis an mbriogáid a shlógadh sna stáisiúin éagsúla le sé bliana anuas: taispeántar na hamanna i nóiméid

Stáisiún	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
An Droichead Nua	6.6	7.2	7.5	6.6	6.6	6.4	6.7	6.7
An Nás	5.3	5.4	5.1	5.3	4.9	4.5	4.5	4.6
Maigh Nuad	5.6	5.7	5.5	4.5	4.3	5.8	6.4	6.1
Léim an Bhradáin	4.8	5.5	5.5	6.0	6.6	6.0	5.4	6.2
Baile Átha Í	7.9	5.4	5.4	6.0	5.8	5.8	5.4	6.0
Mainistir Eimhín	5.8	5.8	5.5	5.7	5.8	5.7	5.9	5.6

Seo a leanas briseadh síos ar an am slógtha maidir leis an mBriogáid Dóiteáin i rith na bliana 2009:

Taobh istigh de 10 nóiméad	28.3 %
Idir 10 nóiméad agus 20 nóiméad	58.1 %
Níos faide ná 20 nóiméad	13.53 %

Léiríonn an céatadán ard de ghlaonna ar freastalaíodh orthu idir 10 agus 20 nóiméad líon na nglaonna a tháinig ó áiteanna taobh amuigh de cheantar baile an Stáisiúin.

Sábháilteacht Dóiteáin

Cuireadh 393 cás Pleanála faoi bhráid an Príomh-Oifigigh Dóiteáin i rith na bliana. Léiríonn sé sin an cor chun donais sa tionscal tógála

Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin faoi Rialú Tógála

Tháinig 195 iarratas i rith na bliana 2009.

Ceadaíodh 115 Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán.

Diúltaíodh Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán i gcás 4 iarratais.

Rinneadh an obair maidir le gach iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin chomh luath agus ab fhéidir agus cuireadh an moladh ar aghaidh maidir le 71% de na hiarratais taobh istigh de thréimhse 50 lá.

Comhairle don Phobal (Dearthóirí agus Forbróirí san áireamh)

Chuir an Rannóg Sábháilteachta Dóiteáin comhairle agus treoir ar fáil do bhaill den phobal, do dhearthóirí agus d'fhorbróirí nuair a iarradh í. Fuarthas 18 iarratas den sórt sin. Eisíodh preasráitis freisin agus rinneadh agallaimh leis na nuachtáin agus ar stáisiúin raidió aimsir na Nollag agus i rith na seachtaine sábháilteachta dóiteáin.

Áitribh Cúram Leanaí

Rinneadh 81 cigireacht san iomlán ar áitribh cúram lae.

Gearáin

Rinneadh 13 cigireacht mar thoradh ar ghearáin a fuarthas

Imeachtaí Faoin Aer agus Faoi Dhíon

Seo a leanas na himeachtaí móra faoin aer a ndearnadh maoirseacht orthu i rith na bliana:

- Ceolchoirm Oxegen idir an 9 agus an 13 Iúil. Bhí 80,000 duine i láthair aige seo gach lá agus 70,000 díobh sin i mbun campála ar an láthair.
- Reáchtáladh an Fhéile Seilge Náisiúnta i mBaile Phúinse ó 21 Aibreán go dtí 25 Aibreán ach bhí laghdú beag ar an bhfreastal i mbliana.
- Bhí beagnach 60,000 duine i láthair ag an Dearbaí ar an gCurrach ar an 28 Meitheamh.
- Reáchtáladh an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mBaile Átha Í i mbliana ó 21 Meán Fómhair go 24 Meán Fómhair. Sholáthair an tSeirbhís Dóiteáin clúdach dóiteáin le linn na himeachta. Rinneadh cigireachtaí gach lá ar chomhlíonadh le Sábháilteacht Dóiteáin.

Rinne an Brainse Sábháilteachta Dóiteáin comhordú in éineacht leis an lucht eagrúcháin d'fhonn cinntiú go raibh na himeachtaí sábháilte ó thaobh sábháilteachta dóiteáin agus shábháilteacht an phobail.

An tAcht um Shubstaintí Contúirteacha

Chuir 7 stáisiún líonta peitril isteach ar cheadúnais faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha. Rinneadh cigireacht orthu go léir, deonaíodh ceadúnais do 3 cinn acu, agus i gcás na sé stáisiún eile tugadh liosta d'oibreacha feabhsúcháin dóibh agus táthar chun cigireacht a dhéanamh orthu arís.

Cigireachtaí ar Chomhlíonadh maidir le Sábháilteacht Dóiteáin

Rinneadh 395 cigireacht san iomlán ar áitribh chun comhlíonadh le caighdeáin um Shábháilteacht Dóiteáin a sheiceáil.

An tAcht um Thruailliú an Aeir 1987 agus Rialacháin (Astaíocht Ghal Pheitriliam) 1997

Scríobhadh litir fhoirmiúil ón Rannóg Sábháilteachta Dóiteáin chuig oibritheoir gach áis líonta peitril agus leagadh amach na ceanglais faoin acht agus faoi na rialacháin.

Níor chuir aon áiseanna isteach ar Dheimhniú Aisghabhála Gaile agus níor deonaíodh Deimhnithe d'aon áiseanna.

Ceadúnais na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche

Rinneadh cigireacht ar 80 áitreabh ceadúnaithe. Rinneadh iarratas ar cheadúnais damhsa i gcás an chuid is mó de na cásanna.

Cigireacht ar Fhoirgnimh

Chomh maith le cigireacht maidir le Ceadúnais, agus leis an DSA, rinne an Rannóg Sábháilteachta Dóiteáin 182 cigireacht ar áitribh eile.

Imeachtaí Forfheidhmiúcháin

Seirbheáladh Dhá Fhógra Sábháilteachta Dóiteáin le linn na bliana.

Sábháilteacht Dóiteáin i measc an Phobail

I dteannta le clár oiliúna na scoileanna agus le clár na n-aláram dóiteáin tugadh dhá chaint faoi shábháilteacht dóiteáin do ghrúpaí pobail agus cuireadh seastán suas agus tugadh cainteanna ag an gComórtas Náisiúnta.

Cuireadh preaseisiúintí maidir le Sábháilteacht Dóiteáin amach chuig na meáin chumarsáide áitiúla i rith na seachtaine sábháilteachta dóiteáin agus aimsir na Nollag. Freisin rinne SACFO agallaimh raidió ag na hamanna sin agus seinneadh ar an aer iad go minic.

Pleanáil maidir le Cásanna Éigeandála

Pleanáil um móréigeandálaí

Tugadh an obair seo a leanas i gcrích i rith na bliana:

- Tá an Plean Móréigeandálaí curtha le chéile de réir na treorach a d'eisigh an Rialtas faoi Bhainistíocht Móréigeandálaí.
- Tá an Plean Móréigeandálaí curtha i gcló agus cóip chrua curtha chuig gach duine a ainmnítear ar an Liosta Dáileacháin
- Tugadh faoi oiliúint i ndáil le gnéithe éagsúla de Bhainistíocht Móréigeandálaí agus tugadh i gcrích go sásúil í
- Eagraíodh oiliúint maidir le Bainistíocht Faisnéise, Caidreamh leis na Meáin, Comhordaitheoir ar an Láthair agus Comhordú Logánta d'fhoireann Chomhairle Chontae Chill Dara
- Rinneadh cleachtadh Réigiúnach Idirghníomhaireachta Móréigeandálaí
- Tugadh faoi chleachtadh slógadh briogáid dóiteáin ar láthair Irish Industrial Explosives

Pleanáil Roimh Eachtra

Tugadh an obair seo a leanas i gcrích i rith na bliana:

- Cuireadh fógra chuig 186 áitreabh ardriosca sa Chontae agus iarradh orthu eolas faoi Phleanáil Roimh Eachtra a chur ar fáil

- Filleadh líníocht Auto Cad ar ais i ndáil le 75 áitreabh
- Tá teimpléad maidir le Pleanáil Roimh Eachtra curtha ar ais i ndáil le 79 áitreabh
- Tá Pleananna Roimh Eachtra maidir le hocht gcinn d'fhoirgnimh ardriosca sa Chontae tugtha chun críche go hiomlán
- Tá Córais Sonraí Ríomhaire Suite ar Fheithiclí le haghaidh fheithiclí Sheirbhís Dóiteáin Chill Dara suiteáilte ar gach fearas túslíne agus tairiscint éigeandála. Tá an fheithicil Ceannais Oifigigh Shinsearaigh feistithe leis an gcóras ríomhaire nua seo. Tugann sé sin faisnéis do chriúnna dóiteáin agus iad ar a mbealach chuig gach cineál eachtra. Tá an fheithicil Ceannais Oifigigh Shinsearaigh feistithe freisin leis an gcóras ríomhaire nua sin. Tugann sé sin faisnéis do chriúnna dóiteáin agus iad ar a mbealach chuig gach cineál eachtra.

Árais Chónaithe Ardriosca

Tugadh an obair seo a leanas i gcrích i rith na bliana:

- Rinneadh ocht gcigireacht ar Thithe Altranais
- Rinneadh 3 athchigireacht.

Bonneagar Bóithre Chill Dara

Tá líonra fairsing bóithre i gContae Chill Dara a shíneann go 2,290 ciliméadar ar fad mar seo a leanas:

Mótarbhealaí	**90**
Príomhbhóithre Náisiúnta	**12**
Bóithre Náisiúnta den Dara Grád	**12**
Bóithre Réigiúnacha	**464**
	1,712

Mar gheall ar an líonra fairsing bóithre sin a mbíonn go leor tráchta ag taisteal air beidh ar Chomhairle Chontae Chill Dara infheistíocht leanúnach a dhéanamh i gcothabháil agus i bhfeabhsú bóithre, ar gach catagóir bhóthair sa chontae, thar na blianta romhainn. I 2009, áfach, bhí an leibhéal cistiúcháin a bhí ar fáil chun an líonra bóithre a chothabháil agus a fheabhsú an-srianta mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta in Éirinn agus ar fud an domhain.

Oibreacha Feabhsúcháin Bóithre

Tá an Rannóg Iompair agus Oifig Chill Dara um Dhearadh Bóithre Náisiúnta (NRDO) i mbun Tionscadail Oibreacha Caipitiúla a fhorbairt chun comhlíonadh le cuspóirí Iompar 21, Creat Infheistíochta Caipitiúla an Rialtais faoin bPlean Forbartha Náisiúnta trína ndéanfar an córas iompair in Éirinn a fhorbairt, thar an tréimhse 2006 go 2015, agus faoi na Pleananna Forbartha Contae, Baile agus Ceantair Áitiúil. Tugtar na tograí sin chun cinn, de réir mar is cuí, trí staidéar ar shrianta, tuarascálacha ar indéantacht, roghanna bealaigh, nós imeachta pleanála faoi Chuid VIII, Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta (MTTanna), Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (CPO), próiseas tairisceana agus obair thógála. Bíonn forbairt na dtograí sin faoi réir na gceanglas reachtúil ábhartha agus faoi réir cistiú a bheith ar fáil.

- **M9 Cill Chuillin go Ceatharlach**

Críochnaíodh tionscadal an mhótarbhealach M9 ó Chill Chuillinn go Ceatharlach agus osclaíodh é do thrácht i Nollaig 2009, 10 mí roimh am. Soláthraíonn an mótarbhealach 28 ciliméadair seachbhóthar timpeall Dhíseart Diarmada, agus freisin soláthraíonn sé bóthar tánaisteach náisiúnta nua go Baile Átha Í tríd an acomhal nua i Mullach Maistean. Tá an nasc nua le Baile Átha Í le bheith críochnaithe go luath i 2010.

- **R407 Port Gleoráin**

Críochnaíodh Conradh 1 de Scéim Feabhsúcháin Bóithre Phort Gleoráin i 2009. Tá Conradh 2 den tionscadal seo ag an gcéim thairisceana agus tá sé le tosú faoi Ráithe 3 2010. Táthar ag súil go mbeidh tógáil críochnaithe faoi lár 2011.

- **Bóthar Ceangail an Droichid Nua**

Ceanglaíonn an bóthar seo Bóthar Faoisimh Amuigh an Droichid Nua agus Bóthar Faoisimh Istigh an Droichid Nua idir Eastát Tionscail an Droichid Nua agus Forbairt Tithíochta Curragh Grange. Críochnaíodh Céim 1 den scéim feabhsúcháin bóithre agus forbraíodh Céim 2 den scéim tríd an bpróiseas um ordú ceannaigh éigeantaigh (OCÉ). Déanfar oibreacha ceannach talún agus tógála a fhorbairt faoi réir cistiú dóthanach a bheith ar fáil.

- **An Droichead Nua (Bealach Isteach go Tailte Chomhairle Chontae Chill Dara, Ceanncheathrú na Roinne Cosanta, Carrchlós CIÉ agus droichead Coisithe)**

Tá Céim 1 den bhealach isteach ag an gcéim thógála. Tá Céim 2 faoi réir oibreacha teorann na Roinne Cosanta a chríochnú. Tá an droichead coisithe ag an réamhchéim faoi láthair. Faoi réir nósanna imeachta reachtúla agus faofa tá sé beartaithe tús a chur le tógáil i Ráithe 4 2010 agus na hoibreacha a chríochnú go luath i 2011.

- **R448 Bóthar Chill Chuillinn An Nás**

  Táthar ag céim roimh an ordú ceannaigh éigeantaigh leis an scéim seo agus leanfar ar aghaidh go dtí céim na tógála ach na próisis ar fad faoin reachtaíocht a chríochnú go sásúil agus cistiú a bheith ar fáil.

- **R417 Ardreigh, Baile Átha Í**

  Tá Céim 1 de scéim Feabhsúcháin Bóithre Ardreigh críochnaithe agus tá Céim 2 ag an gcéim thógála faoi láthair. Tá an scéim le bheith críochnaithe roimh dheireadh 2010. Tá oibreacha seandálaíochta iar-tochailte ar siúl.

- **R402 Scéim Feabhsúcháin maidir leis an mbóthar idir Éadan Doire agus an Bóthar Buí**

  Tugadh feidhm don OCÉ ar an 23 Iúil 2009. Tá an dearadh sonrach críochnaithe. Tá na doiciméid réamhcháilithe críochnaithe agus tá siad curtha faoi bhráid an Roinn Iompair (DoT) le faomhadh. Tá na doiciméid tairisceana críochnaithe agus tá siad faoi bhráid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta le faomhadh. Tá an réamh-mheasúnú ar an scéim faoi bhráid na Roinne Iompair le faomhadh. Tá an measúnú sonrach (An Cás Gnó) faoi bhráid na Roinne Iompair le faomhadh. Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae Chill Dara tús a chur le talamh a fháil le haghaidh an tionscadail seo i 2010 faoi réir fhaomhadh na Roinne Iompair.

- **Bóthar Faoisimh Theas Bhaile Átha Í**

  Tá Bóthar Faoisimh Theas Bhaile Átha Í ag an gcéim Dréachtordú Ceannaigh Éigeantaigh agus Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) agus rachaidh sé tríd na próisis sin faoi réir faofa agus cistiú a bheith ar fáil.

- **Seachbhóthar na Sollán**

  Tá staidéar déanta maidir le srianta agus indéantacht i leith Sheachbhóthar na Sollán agus tá an bealach céad rogha roghnaithe. Glacadh leis an mbealach sin i bPlean Limistéir Áitiúil na Sollán 2009.

- **Bóthar Faoisimh Thuaidh Bhaile Átha Í**

  Rinneadh staidéar indéantachta agus roghnaíodh bealach céad rogha. Táthar i mbun an bhealaigh sin a ghlacadh mar chuid de Phlean Forbartha Bhaile Átha Í 2006-2012.

Clár Athchóirithe 2009 le haghaidh Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Bliain an-chrua ab ea 2009 do na hÚdaráis Bóithre toisc go raibh cistiú ón Rialtas Láir laghdaithe go mór. Mar thoradh ar an laghdú ar chistiú laghdaíodh go mór fad na mbóithre a feabhsaíodh i 2009, ach i measc na n-oibreacha ar tugadh fúthu bhí:

- R415 Fiodh Alúine go dtí an Baile Beag
- R408 Ladychapel go Crinstown
- L2030 Droichead Victoria
- R414 Mainistir Eimhín go Ráth Iomgháin

Cuireadh feabhas ar roinnt bóithre a bhí ag fónamh ar bhealaí chuig an gCómórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mBaile Átha Í roimh an imeacht. Críochnaíodh Scéim Feabhsúcháin Bóithre an R407 i Mainham nuair a soláthraíodh droichead coisithe ag Droichead Gollymochy i 2009.

Rinneadh an bhainistíocht maidir leis an obair sin ar fad trí rannóga na Comhairle um Dhearadh, Thógáil nó Chothabháil Bóithre.

An Brainse Bainistíochta Tráchta

Le bunú an Ionad Bainistíochta Tráchta (IBT) in Áras Chill Dara i 2006, tá próiseas trína ngníomhódh an IBT mar fhócas chun seirbhísí Bainistíochta Tráchta a sholáthar le haghaidh an chontae ina iomlán agus trína ndéantar bainistíocht ar Chomharthaí Tráchta, ar Shoilsiú Poiblí agus ar theicneolaíocht bhainteach tosaithe agus láraithe.

Tá 150 Suiteáil Comharthaí Tráchta (Trasrianta Peiliceánacha agus Acomhail le Comharthaí) sa chontae, is ionann é sin agus méadú de bheagnach 50% ar líon na suiteálacha sa chontae le cúig bliana anuas. Freisin tá 21 Trasrian Síogach, 20 Áiritheoir Uathoibríoch Tráchta, 14 Ceamara CCTV, 70 Comhartha Rabhaidh Scoile agus 6 Chomhartha Treorach Páirceála VMS sa chontae. Déantar cianmhonatóireacht ar 60 Suiteáil Comharthaí Tráchta san Ionad Bainistíochta Tráchta.

Mar thoradh ar infheistíocht san Ionad Bainistíochta Tráchta go dtí seo soláthraíodh córais um Rialú Tráchta Uirbigh (RTU) agus córais Teilifís Chiorcaid Iata (CCTV) sa Droichead Nua, i Maigh Nuad agus i gCill Droichid. Mar thoradh ar na feabhsúcháin ar éifeachtacht na gcomharthaí tráchta sna bailte sin sábhálann gach úsáideoir bóthair am. Táthar ag súil an córas tráchta cliste sin a leathnú go hionaid uirbeacha ar fud an chontae, i gcás go mbeadh dóthain cistiú chaipitiúil ar fáil.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Leanann Oifigeach Chomhairle Chontae Chill Dara um Shábháilteacht ar Bhóithre ar aghaidh ag déanamh feasacht faoi shábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn sa chontae ar gach leibhéal, ag cuimsiú gach earnála den phobal. I 2009 d'fhostaigh Comhairle Chontae Chill Dara 28 Barda Scoile agus sholáthair sí cistiú le haghaidh Tionscnamh agus Clár maidir le hOiliúint agus Oideachas ar Shábháilteacht ar Bhóithre.

Fodhlíthe

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Fhodhlíthe Páirceála Chill Droichid i 2008 agus rinne an chomhairle iomlán é a mheas agus a ghlacadh i 2009. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar fhodhlíthe páirceála Léim an Bhradáin i 2009 agus déanfaidh an Chomhairle iomlán é a mheas i 2010. Cuireadh tús le dréacht d'fhodhlíthe Mhaigh Nuad maidir le páirceáil íoc i 2009. Tá carrchlós fadtéarmach oiriúnach á lorg ag an Rannóg Iompair faoi láthair chun na fodhlíthe páirceála beartaithe a éascú. D'fhéadfadh go ndéanfar na fodhlíthe a mheas i 2010.

Tacú le Pobail

Tithíocht, Pobal & Cultúr

An Bord Pobail agus Fiontair

Soláthraíonn an Chomhairle, trína Stiúrthóireacht Pobail agus Fiontair an tacaíocht phraiticiúil agus airgeadais atá riachtanach chun obair Bhord Forbartha Chontae (BFC) Chill Dara a dhaingniú. I 2009 lean Bord Forbartha Contae Chill Dara ar aghaidh lena cuid oibre maidir le Plean Gníomhaíochta 2009-2012 Chill Dara 2012 a chur i bhfeidhm. Is í an fheidhm atá leis, ná cinntiú go mbeidh beartais na gcomhlachtaí agus na bpáirtithe leasmhara atá ag an mBord ag teacht go ginearálta leis an straitéis agus go mbainfear an oiread úsáide agus is féidir as acmhainní ar mhaithe le leas an phobail i gcoitinne.

Tá go leor acmhainní daonna agus airgeadais curtha isteach i seachadadh an Phlean Gníomhaíochta thar speictream leathan gníomhaireachtaí. Thug Comhairle Chontae Chill Dara acmhainní do roinnt gníomhartha de chuid an BFC, ba iad sin ná tionscadal Interculturalism Together Chill Dara agus an Droichid Nua, Freagra Idirghníomhaireachta do riachtanais an Lucht Siúil, Straitéis Áitiúil Fhrithbhochtaine Chill Dara, Saoránacht Ghníomhach. Leanfaidh Comhairle Chontae Chill Dara ag tacú le hobair an bhoird agus le cur i bhfeidhm ghníomhartha an BFC. Soláthrófar cistiú ar bhonn cistiú meaitseála le ranníocaíochtaí ó chomhpháirtithe tionscadail.

Lean an Grúpa Oibre na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta, foghrúpa den Bhord, ag forbairt obair idirghníomhaireachta i réimse an Chuimsithe Shóisialta. Is é sainchúram an SIMWG ná cur i bhfeidhm agus caiteachas ar chláir um chuimsiú sóisialta sa chontae a chomhordú. Bhain an príomhréimse gníomhaíochta le bliain anuas le forbairt comhtháite idir na gníomhaireachtaí forbartha áitiúil (OAK, KELT agus KCP) agus formhuiniú phleananna oibre na ngníomhaireachtaí sin agus gníomhaireachtaí eile chun comhsheasmhacht a chinntiú le Straitéis an Chontae agus deireadh a chur le bearnaí agus le forluí ó thaobh seachadta seirbhíse. Is ionann cur chuige ilghníomhaireachta agus an bealach is éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar go leor de na saincheisteanna sóisialta casta atá roimh phobail Chontae Chill Dara sa lá atá inniu ann.

I 2009 cuimsíonn Cill Dara ar Aghaidh Teo, an Bord nua atá bunaithe faoin bpróiseas Comhtháite, teacht le chéile dhá thionscadal forbartha áitiúil: Comhpháirtíocht Pobail Chontae Chill Dara agus Comhpháirtíocht OAK agus clár LEADER um Forbairt Tuaithe an chontae, KELT, chun aon chuideachta amháin a chruthú atá freagrach as an dá chlár a sheachadadh sa chontae iomlán.

Turasóireacht agus Obair Fáilte Chontae Chill Dara

Oibríonn an Stiúrthóireacht Pobail agus Fiontair i gcomhpháirtíocht le húdaráis turasóireachta áitiúla agus réigiúnacha chun tacú le forbairt turasóireachta laistigh den chontae. Soláthraíonn an Chomhairle tacaíocht airgeadais substaintiúil d'Fháilte Chontae Chill Dara agus d'oibrigh siad i ndlúthpháirt le chéile ar roinnt tionscnamh i 2009, lena n-áirítear:

- Tacú le táirgeadh ábhar agus deiseanna margaíochta;
- Teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a chuimsiú d'fhorbairt turasóireachta;
- Cur chuige margaíochta comhordaithe a chur i láthair;
- Naisc a fhorbairt le contaetha in aice láimhe;
- Dul i ngleic le trádáil

Dul chun Cinn a Dhéanamh go Tapa

Mar gheall gur ainmníodh Baile Átha Í mar cheantar RAPID sa bhliain 2002 ceapadh Comhordaitheoir RAPID agus bunaíodh Foireann Feidhmithe Ceantair, comhpháirtíocht idir áitritheoirí, an chomhairle baile, agus comhlachtaí forbartha agus comhlachtaí reachtúla áitiúla. Déantar an Clár RAPID a bhainistiú tríd an Stiúrthóireacht Tithíochta, Pobail agus Cultúir. Le linn 2009 d'éirigh le agus chuidigh RAPID le rochtain a fháil ar chistiú ó roinnt foinsí chun leanúint le Plean Straitéiseach RAPID Bhaile Átha Í a fheidhmiú. Bhí fáil ar an maoiniú seo ó roinnt foinsí lena n-áirítear scéimeanna Ciste Giarála RAPID, a chumasaíonn seachadadh gníomhartha le díriú ar shaincheisteanna atá aitheanta mar thosaíochtaí ag áitritheoirí.

Cuidiú Deontais do Phobail

Tugann an Chomhairle Contae tacaíocht do roinnt mhaith grúpaí pobail agus leanann sí de shraith scéimeanna deontais a riaradh atá dírithe ar raon leathan gníomhaíochtaí sa chontae. I 2009 íocadh €45,000 faoin Scéim Deontais Pobail le 66 grúpa pobail ar mhaithe le tionscadail a bhain le daoine óga, le daoine atá faoi mhíchumas, le grúpaí ban agus le forbairt áitiúil. Chuir Scéim Deontais na bhFéilte tacaíocht ar fáil do 46 féile ar fud an chontae gurbh fhiú €54,000 é, agus tugadh €37,000 chun cuidiú le hobair os cionn 49 grúpa a bhí i mbun cineál obair thimpeallachta faoin Scéim Deontais Taitneamhachta, a tugadh isteach sa bhliain 2005.

Sparánachtaí Oideachais

Is é an cuspóir bunúsach atá leis na Scéimeanna Sparánachta Oideachais atá bunaithe ag an gComhairle ná taca a chur faoi rannpháirtíocht daoine i ndeiseanna tríú leibhéal, nach mbeidh ar a gcumas rochtain a fháil ar an ngnáthbhealach. Tá Sparánacht Oideachais William G. Carroll don Phobal ceaptha go príomha do dhaoine atá i ngrúpaí ioncaim leibhéil ísil/ atá faoi mhíbhuntáiste mór, agus atá ag tabhairt faoi chúrsaí i réimse na forbartha pobail go príomha ach gan gá go mbeadh na cúrsaí bainteach leis an réimse sin amháin. Is do dhaoine atá i ngrúpaí ísealioncaim/atá ag fulaingt mar gheall ar mhíbhuntáiste tromchúiseach, agus atá ag déanamh cúrsaí, go príomha, ach ní go hiomlán, sa réimse forbartha pobail é an William G. Carroll Education Bursary for the Community. Faoin scéim seo dámhadh an sparánacht ar aon dhuine dhéag sa bhliain 2009. Is d'aon chúrsa tríú leibhéal ar bith é Sparánacht Oideachais Chill Dara do Dhaoine atá faoi Mhíchumas. I 2009, faoin gcatagóir sparánachta seo dámhadh 11 sparánacht ar dhaoine faoi mhíchumas. Tháinig na Dámhachtainí a dámhadh i 2009 faoin dá Scéim Sparánachta go €11,500 ar an iomlán.

Na Bailte Slachtmhara

Leanann an Chomhairle Chontae uirthi ag soláthar tacaíocht shuntasach do Bhailte Slachtmhara den chuid is mó trí dheontais dhreasachta do na bailte sin a chuireann isteach ar an gcomórtas agus dóibh sin a n-éiríonn leo sa chomórtas. Fásann líon na n-iontrálaithe gach bhliain, mar aon le baint amach duaiseanna. I 2009 bronnadh €24,500 ar bhuaiteoirí duaise a tháinig sa chéad áit agus sa dara háit ina gcuid toghcheantar chomh maith leis na hiontrálaithe is fearr ar tháinig feabhas orthu, buaiteoir boinn airgid, buaiteoirí boinn cré-umha, iad siúd a moladh agus a moladh go hard.

Ba é an buaiteoir iomlán i gCill Dara ná Teach Srafáin a fuair bonn airgid freisin – Teach Srafáin agus triúir buaiteoirí boinn cré-umha, an Chill, an Nás agus an Droichead Nua. Bronnadh an duais as athrú aeráide ar Ráth Iomhgháin agus ba é Doire an tSoirn a fuair an duais as iarracht speisialta.

Glór do Dhaoine Óga

Bunaíodh Comhairle na nÓg i 2004 faoi Bhord Forbartha an Chontae agus aithnítear an Chomhairle mar an phríomhchomhlacht cuí inar féidir le daoine óga i gCill Dara tionchar a bheith acu ar an bpróiseas cinnteoireachta a bhaineann lena riachtanais féin.

Tionólann Comhairle ócáid bhliantúil ina dtoghtar toscairí chun ionadaíocht a dhéanamh do dhaoine óga Chill Dara ag Dáil na nÓg. Téann cúigear toscairí ar aghaidh le duine amháin ag fanacht ar Chomhairle Dháil na nÓg, a thagann le chéile go míosúil. Freastalaíonn na toscairí sin chomh maith ar chruinniú Comhairle agus ar chruinniú den Bhord Forbartha Contae agus thug siad cuairt ar réimse leathan Coistí Beartais Straitéisigh le linn na bliana.

An Fóram Deonach agus Pobail

Leanann an Chomhairle ag obair le, agus de thacaíocht phraiticiúil a thairiscint don Fhóram Deonach agus Pobail, de réir mar a fhorbraíonn sé glór ionadaíoch, láidir dá réimse spéise. Déanann an fóram ionadaíocht ar an earnáil ar Choistí Beartais Straitéisigh na Comhairle agus ar Bhord Forbartha an Chontae, ar Choiste Cúraim Leanaí an Chontae agus ar Chomhpháirtíocht Spóirt Chill Dara, chomh maith le hionadaíocht a dhéanamh ar roinnt tionscadal comhpháirtíochta eile.

Gníomhaíochtaí Choiste Nasctha Chill Dara

Sa bhliain 2009 bhain gníomhaíochtaí an choiste nasctha le leanúint leis an gclár nasctha atá ann cheana idir Lexington agus Deauville le súil le tuilleadh feabhais a chur ar na naisc idir na trí háit. Bhí an comórtas ealaíne bliantúil ann do mhic léinn dara leibhéal agus seoladh comórtas nua do bhunscoileanna ar mhaithe le feasacht daoine óga ar nascadh sa chontae a ardú. Leanadh freisin le clár malartaithe na mac léinn ag dara leibhéal agus ag tríú leibhéal araon. Eagraíodh rás nascadh contae nua do Bhaile Phúinse.

An Lá Ilchultúrtha 2009

Forbhreathnú ar an gClár Ealaíon 2009

Laistigh den sainchúram maidir leis na healaíona, is é ráiteas misin Chomhairle Chontae Chill Dara ná 'tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Sheirbhís Ealaíon le haghaidh Chomhairle Chontae Dara a théann i ngleic le saoránaigh an Chontae agus a spreagann iad, ag cur na n-ealaíon ag croílár fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha Chill Dara'. Tá an rún sin cumhdaithe i 'Making Inroads: An Arts Development Plan for Kildare County Council 2006-2011 '.

Léirigh an plean cuspóirí straitéiseacha do phríomhréimsí forbartha lena n-áirítear Ealaíona sa tSláinte, Ealaíona Óige, Ealaíona san Oideachas, Ealaín Phoiblí agus Cuimsiú Sóisialta agus i bhfoirmeacha ealaíne faoi leith – Amharcealaíona, Amharclann, Scannán, Damhsa, Ailtireacht, Ceol agus Litríocht.

Réimsí Lárnacha le Forbairt

Ealaín Phoiblí

- Glacadh agus seoladh an Bheartais maidir leis na hEalaíona Poiblí le haghaidh Chomhaire Chontae Chill Dara.
- Rolladh amach Chlár na n-Ealaíon Poiblí
- Laistigh de chlár na nEalaíon Poiblí, ealaíontóirí a choimisiúnú i gcleachtadh rannpháirteach sa tsochaí (Castlefen, na Solláin agus Baile Átha Í)

- Cabhrú le comhlachtaí reachtúla eile agus le forbairt phríobháideach chun páirt a ghlacadh i gcoimisiúnú

Cuimsiú trí na hEalaíona

Is é 'lucht sprice' na Seirbhíse Ealaíon ná muintir Chill Dara agus contaetha eile. Tá cuimsiú trí na healaíona cumhdaithe inár gcuid oibre m.sh.

- Cúrsaí Ealaíne sna Leabharlanna
- Clár ildisciplíneach le haghaidh tuismitheoirí agus lapadán, leanaí agus aosach.
- Scéalaí Cónaitheach

Ealaíon sa tSláinte

- Glacadh agus seoladh na Straitéise um Ealaíona sa tSláinte le haghaidh Chomhairle Chontae Chill Dara
- Rolladh amach an chláir Ealaíona sa tSláinte
- Éascú an Choiste Stiúrtha idirghníomhaireachta um Ealaíona sa tSláinte
- Éascú Straitéis Ealaíon Ospidéal an Náis
- Tionscadal Coimeádaí Ospidéal Ginearálta an Náis
- Clár a fhorbairt agus tosaíocht á tabhairt do Mheabhairshláinte, do Dhaoine Scothaosta, Ospidéal an Náis, seirbhísí d'aosaigh faoi mhíchumas intleachta

Cúrsaí Ealaíne san Oideachas

- Tuilleadh forbartha ar an tsraith ceardlann “If I had an Artist for a Day .....” le haghaidh bunscoileanna chun meáin dhigiteacha, scannán, srl. a áireamh

Ealaíona Óige

- Glacadh agus seoladh an Bheartais maidir le hEalaíona don Óige le haghaidh Chomhairle Chontae Chill Dara
- Foilsiú na dtorthaí ón gCónaitheacht Taighde ar na hEalaíona don Óige
- Tacú le ceiliúrthaí 10 mbliana Griese Youth Theatre agus comhairle a thabhairt ina leith
- Tacú le bogadh an Crooked House Theatre Company chuig áitreabh nua trí chúnamh deontais, threalamh, throscán agus sheirbhísí
- Tacú do cheoltóirí óga tríd an tsraith Platform (Féach Ceol thíos)

Forbairt Foirmeacha Ealaíne

Amharcealaíona

- An Bailiúchán Ealaíne Cathrach a mhéadú; beartas ceannaigh a fhorbairt
- Cistiú/tacaíocht a thabhairt do Leinster Printmaking Studio, Claonadh agus do CAKE contemporary arts, Campa an Churraigh

Forbairt damhsa

- An Scoil Shamhraidh Dhébhliantúil Damhsa in OÉ, Maigh Nuad, Iúil 2009
- Sparánacht Damhsa le haghaidh damhsóirí bunaithe i gCill Dara

Litríocht

- Sparánacht Cecil Day Lewis le haghaidh scríbhneoirí gairmiúla/nua
- Dámhachtainí Cecil Day Lewis le haghaidh Filíochta agus Gearrscéalta
- Tacú le Scoil Shamhraidh Gerard Manley Hopkins

Ceol

- Tacú do Cheolfhoireann Chontae Chill Dara
- An tSraith Platform
- Recording suite @ Leixlip Library – áiseanna meantóireachta/taifeadta do bhannaí nua
- Sparánachtaí le haghaidh stiúideo taifeadta
- Comórtas Battle of the bands agus Oxegen 09 – comórtas chun 2 bhanna bunaithe i gCill Dara a roghnú chun seinm ag Oxegen/meantóireacht le haghaidh na mbannaí a roghnaíodh

Scannán

- Club Scannán Chill Dara Thuaidh i gcomhpháirt le hOÉ, Maigh Nuad
- Féile Scannán Chill Dara
- Taighde ar Fhéile Scannán don Óige/ar dheiseanna do scannán

Amharclann

- Tacú le hobair fhorbartha an Performance Corporation i dTeach Bhaile an Chaisleáin, Cill Droichid
- Tacú le bogadh an Crooked House Theatre Company chuig áitreabh nua trí chúnamh deontais, threalamh, throscán agus sheirbhísí
- Máistir-ranganna i gcleachtaí amharclainne le haghaidh aisteoirí, stiúrthóirí, téatair ógra, srl.

Ailtireacht

- An clár 'If I had an Artist for a Day .....' a leathnú chun ailtireacht a áireamh
- Tionscadal Ealaíne Poiblí/Ailtireachta

Seirbhís Eolais

- Eolas, comhairle agus tacaíocht le haghaidh ealaíontóirí aonair, comharghnónna ealaíon agus grúpaí pobail lena n-áirítear meantóireacht faoi chleachtadh ealaíon, faoi dheiseanna cistithe agus líonraithe
- Láithreán gréasáin na Seirbhíse Ealaíon a fhorbairt
- Comhairle a chur ar chliaint faoi Rialacháin um Chosaint Leanaí, um Shláinte agus Shábháilteacht, srl.

Dámhachtainí agus Deiseanna

- Deiseanna bliantúla cúnaimh dheontais/dámhachtainí sparánachta/oiliúna - tharraing na scéimeanna sin go leor iarratas ó ealaíontóirí, ó chomharghnónna ealaíon agus ó ghrúpaí pobail

Seirbhísí Uisce

Tá soláthar seirbhísí uisce agus séarachais mar fheidhm lárnach do Chomhairle Contae Chill Dara.

Tá an ghné Chaipitil den Chlár Seirbhísí Uisce roinnte ina dá phríomheilimint go bunúsach:

- Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce (WSIP) agus
- An Clár Uisce Tuaithe (RWP)

Plean rollach chun Mórsholáthar Uisce agus Cóireáil Fuíolluisce a sholáthar atá sa WSIP. Clár le haghaidh scéimeanna beaga atá sa dara clár agus déanann an Rialtas é a chineachadh d'Údaráis Áitiúla. Rinneadh roinnt Scéimeanna Caipitil Seirbhísí Uisce a choimisiúnú, a thosú nó a chur ar aghaidh i dtreo tógála i 2009.

1. Rinneadh an tIonad Cóireála Fuíolluisce nua i nDoire an tSoirn (le hacmhainn dheartha comhionann le 1600 duine sa daonra) a choimisiúnú i 2009.

2. Cuireadh tús le Scéim Réigiúnach Séarachais Ghleann na Life Íochtair a thógáil i 2009 agus déanfar í a choimisiúnú go deireanach i 2010. Fónann an scéim sin um feabhsú líonra ar Léim an Bhrádáin, Mhaigh Nuad, Chill Choca, Chill Droichid agus Theach Srafáin.

3. Cuireadh na scéimeanna séarachais agus soláthair uisce seo a leanas ar aghaidh i 2009:

- Scéim Réigiúnach Séarachais Ghleann na Life Uachtair
- Scéim Séarachais an Bhaile Mhóir
- Scéim Soláthair Uisce Chaisleán Bhairnín go Ballygoran agus
- Scéim Forbartha Ghort an Tobair Bhaile Riobaird agus Johnstowbridge

4. Tá sé beartaithe, faoi réir faofa a fháil um chistiú, go gcuirfear tús leis na scéimeanna séarachais agus soláthair uisce seo a leanas i 2010:

- Scéim Séarachais Bhaile Chill Dara
- Scéim Séarachais Bhaile Bhaile Átha Í [Oibreacha Feabhsúcháin Píblíne]
- Scéim Astarraingthe an Bhearú
- Scéim Soláthair Uisce Mhainistir Eimhín go Cill Daingin

Soláthar Uisce

Faightear 94% d'uisce an Chontae ó údaráis chomharsanachta, agus baineann an chuid is mó d'obair Seirbhísí Uisce leis an uisce seo a dháileadh tríd an líonra contae lena n-áirítear cothabháil, deisiú agus uasghrádú phíobáin agus fheistí taiscumair, monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar bhainistíocht an líonra, custaiméirí nua tráchtála agus tí a cheangal, monatóireacht ar cháilíocht uisce agus í a chosaint.

An Clár Uisce Tuaithe

Tugadh na scéimeanna seo a leanas chun críche le linn 2009:-

- Scéim Soláthair Uisce Ghort an Tobair Bhaile Chill Dara
- Scéim Soláthair Uisce Bhaile Bháitéir
- Ardán Sheosaimh, Baile Átha Í (Scéim Athsholáthair Luaidhe)
- Scéim Séarachais Eastát Tionscail Chill Chuilinn (KDA) go Páirc Eirmeatáiste
- Scéim Séarachais Bhaile Riocaird

Scéimeanna beartaithe le tógáil 2010

Tugadh fógra don Chomhairle faoin Leithdháileadh Uisce Tuaithe ón DEHLG le haghaidh 2010 ar an 19 Aibreán 2010. Bhí an leithdháileadh níos lú ná an méid a leithdháileadh le haghaidh 2009.

- Méadú ar Sholáthar Ghort an Tobair Bhaile Chill Dara
- Príomhphíobán Uisce Chluaine go Bert Cross
- Scéim Séarachais Chaisleán Mháirtín (Céim 1)

Caomhnú Uisce

Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí leanúnacha um chaomhnú uisce, a ndearna Aonad na Comhairle um Brath Ligin ceannródaíocht orthu, coimeádadh na leibhéil uisce gan tásc idir 25% agus 24% i 2009. Éacht suntasach é sin nuair a mheastar gurb é an meánleibhéal d'uisce gan tásc sa réigiún ná thart ar 29%. Tá iarrachtaí fós ar siúl chun dul i bhfeidhm ar an tomhaltóir úsáid éifeachtach a bhaint as an soláthar uisce, agus is fiú a thabhairt faoi deara freisin áit a sábhálann custaiméirí uisce go laghdaítear méid an eisiltigh fhuíolluisce a chuirtear chuig Ionaid Chóireála Fuíolluisce agus go mbaintear as a bhféadfadh nár aithníodh iad roimhe seo.

Fuíolluisce

Tá Cill Dara réasúnta neamhspleách ó chontaetha comharsanachta chuige sin, toisc go ndéantar an fuíolluisce go léir a chóireáil i roinnt ionad cóireála sa chontae. Tá na hionaid is mó i Léim an Bhradáin (ag fónamh do Chill Choca Mhaigh Nuad Chill Droichid Léim an Bhradáin agus Theach Srafáin) agus i mBaile Osbeirn (ag fónamh don Nás, don Droichead Nua, do Chill Chuilinn, d'Áth Garbháin, don Chorrchoill, do na Solláin, do Chlaonadh agus Chill). Tá acmhainn dheartha reatha choibhéis áitritheora (CA) de 80,000 ag gach ceann acu. Faoi láthair tá acmhainn chóireála bhreise i Léim an Bhradáin ach tá an t-ionad i mBaile Osbeirn lán.

Tá uasghráduithe móra beartaithe (2012) le haghaidh an dá ionad agus a gcuid líonra bainteacha; méadófar ionad Bhaile Osbeirn go 130,000 CA agus méadófar Léim an Bhradáin go 150,000 CA.

Rinneadh iarratais don EPS ar cheadúnais doirte fuíolluisce le haghaidh na 37 ionad cóireála go léir a rialaíonn nó a oibríonn Comhairle Chontae Chill Dara. Go dtí seo eisíodh 2 cheadúnas (le haghaidh Ionaid Chóireála Fuíolluisce Léim an Bhradáin agus Bhaile Átha Í).

Saoráil Faisnéise

Fuarthas 28 iarratas i 2009 agus iarratas ar fhaisnéis phearsanta a bhí i 2 cheann acu.

Mar seo a leanas a déileáladh leis na hiarratais:

9 n-iarratas ar glacadh leo

11 n-iarratas ar glacadh i bpáirt leo

7 iarratas a diúltaíodh

iarratas amháin a tarraingíodh siar agus ar déileáladh leis taobh amuigh de chúrsaí Saorála Faisnéise

Rinneadh 3 hiarratas ar athbhreithniú inmheánach agus ní dhearnadh aon achomharc leis an gCoimisinéir Faisnéise.

An tSlat Tomhais

Tugtar léargas ar an gcontae agus ar obair na comhairle i rith na bliana 2009 sna leathanaigh seo a leanas a baineadh as an tuarascáil ar tháscairí seirbhíse.

Tugadh isteach táscairí seirbhíse maidir le húdaráis áitiúla ar fud na tíre sa bhliain 2003 agus cuireadh i bhfeidhm go foirmiúil iad sa bhliain 2004. Ón mbliain 2008 ar aghaidh, tá 46 táscaire seirbhíse i gceist maidir le húdaráis áitiúla, roinnt táscairí nua ina measc. Tá roinnt táscairí curtha de leataobh agus leasú déanta maidir le táscairí eile. Leagtar amach sna táblaí thíos torthaí na bliana 2009 maidir le Comhairle Chontae Chill Dara.

Tugtar léargas leis na táscairí seo ar chruthú na comhairle i maidir le 46 feidhm dá cuid a chomhlíonadh. Cé go bhfuil an t-eolas seo úsáideach ag an saoránach, ag ranna rialtais agus ag an gcomhairle féin, ní mór coinneáil ar aire nach bhfuil na táscairí maidir le húdarás áitiúil amháin agus le húdarás áitiúil eile inchomórtais ar bhealach a thabharfadh san áireamh gnéithe neamhchomórtais maidir le hacmhainní, cúrsaí maoinithe go háirithe.

Rannpháirtíocht an Phobail agus Comhoibriú	
CP 1	% de na scoileanna áitiúla agus de na grúpaí óige atá páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg
	53.45%

CP 2	Líon na ngrúpaí atá cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach
	600

Saincheisteanna Corparáideacha			
Saoire Bhreoiteachta			
C 1	% de na laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar bhreoiteacht:	Saoire dheimhnithe	Saoire neamhdheimhnithe
		5.43	0.78
Oiliúint foirne			
C 2	Caiteachas ar oiliúint agus ar fhorbairt mar chéatadán d'iomlán na gcostas pá-rolla		
	4.28		

Seirbhísí Comhshaoil							
Uisce gan chuntas							
E1	An t-uisce gan chuntas arna lua mar chéatadán den toirt iomlán uisce a chuirtear ar fáil faoi scéimeanna soláthair uisce a thagann faoi chúram an údaráis áitiúil						
Anailís ar Uisce Óil							
E2 -	A. Céatadán na dtorthaí ar anailís ar uisce óil ag comhlíonadh le ceanglais reachtúla maidir le:			Scéimeanna poiblí	Scéimeanna príobháideacha (nuair ba chuí)		
				99.80	95.00		
An tSeirbhís Dóiteáin							
F1	An tréimhse ama ar an meán, de réir nóiméad, chun briogáidí dóiteáin a chur chun siúil in:			Stáisiúin lánaimseartha	Stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhísí dóiteáin coimeádta)		
				N/A	5.78		
	An tréimhse ama ar an meán, de réir nóiméad, chun briogáidí dóiteáin a shlógadfh i ndáil le heachtraí éigeandála eile			N/A	6.17		
F2	Céatadán na gcásanna ina ndearnadh freastal ar an láthair:	A.Déantar an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	B.Déantar an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 10 nóiméid ach laistigh de 20 nóiméad	C.Déantar an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 20 nóiméid	D. An chéad fhreastal ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad gach eachtra éigeandála eile	E. An chéad fhreastal ar an láthair tráth ba mhoille ná 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad	F. An chéad fhreastal ar an láthair tráth ba mhoille ná 20 nóiméad
		30.43	56.49	13.08	21.56	63.44	15.00
Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin – Cosc Dóiteáin							
F3	A. Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas		B. Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniúchán sábháilteachta dóiteáin a ndearnadh a bpróiseáil		C. Líon iomlán na n-iarratas a measadh nach raibh siad bailí		
	191		206		5		

Dramhaíl Scartha Teaghlaigh						
E3	A.An céatadán de theaghlaigh a gcuirtear seirbhís bailiúcháin dramhaíola ar fáil dóibh agus a gcuirtear bailiú scagtha dramhaíola ar fáil dóibh le haghaidh ábhair thirim in-athchúrsáilte		B. Céatadán na dteaghlach a gcuirtear seirbhís bailiúcháin dramhaíola ar fáil dóibh agus ar cuireadh bailiúchán dramhaíola deighilte ar fáil dóibh i ndáil le hábhar orgánach			
	97.44		33.68			
Dramhaíl teaghlaigh a cuireadh ar aghaidh d'fhonn athchúrsála						
E4	A. An Céatadán de Dhramhaíl Tís a bhailítear ar an gcolbha agus a sheoltar ar aghaidh le hathchúrsáil		B. An tonnáiste dramhaíola teaghlaigh a bailíodh ó thaobh an bhóthair, a cuireadh ar aghaidh d'fhonn athchúrsála		C. An tonnáiste dramhaíola teaghlaigh a ndearnadh athchúrsáil air a d'eascair ó dhramhaíl a bailíodh as saoráidí athchúrsála(i.e. gabhdáin gabhála, láithreáin áise cathartha,stáisiúin aistrithe agus saoráidí athchúrsála eile)	
	32.98		21,083		6,230	
Dramhaíl teaghlaigh a cuireadh ar aghaidh d'fhonn líonadh talún:						
E5	Tonnáiste					
	Céatadán : 67.02					
Saoráidí Athchúrsála						
E6	Líon iomlán na saoráidí: Gloine	Cannaí	Teicstílí	Batairí	Ola	Eile
	43	39	48	126	2	2
E6	Líon iomlán na suíomh in aghaidh gach 5,000 duine den daonra: Gloine	Cannaí	Teicstílí	Batairí	Ola	Eile
	1.15	1.04	1.28	3.38	0.053	0.053
	Líon na láithreán 'fág anseo': Gloine	Cannaí	Teicstílí	Batairí	Ola	Eile
	41	37	46	124	0	0
E6	Líon na láithreán áise cathartha: Gloine	Cannaí	Teicstílí	Batairí	Ola	Eile
	2	2	2	2	2	2

Maoir Bruscair				
E7	Líon iomlán na maor bruscair:	Lánaimseartha	Páirtaimsearthea	Líon na Maor Bruscair (idir Lánaimseartha agus Pháirtaimseartha) in aghaidh gach 5,000 duine den daonra
		1	8	0.2419

Bearta Ionchúisimh maidir le Bruscar							
E7	Líon na bhfíneálacha ar an láthair	Líon na gcásanna ionchúisimh mar gheall ar neamhíocaíocht ar fhíneáil ar an láthair	Líon na mbearta ionchúisimha ceanglaíodh i gcásanna mar gheall ar neamhíocaíocht ar fhíneáil ar an láthair	Líon na bhfíneálacha ar an láthair a íocadh	Líon na bhfógraí a eisíodh (faoi na hailt 9,15,16, 17 agus 20 san Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997)	Líon iomlán na n-ionchúiseamh a tógadh (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 go 2003)	Líon iomlán na mbeart ionchúisimha ceanglaíodh (gach beart ionchúisimh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 go dtí 2003)
	1364	250	47	638	43	252	47

Truailliú ó Bhruscar						
E7	Céatadán na limistéar faoi scáth an údaráis áitiúil atá:	gan truailliú (saor ó bhruscar)	Beagán truaillithe (le bruscar)	Meántruaillithe (le bruscar)	Truaillithe go suntasach (le bruscar)	Truaillithe go han-dona (le bruscar)
		25	25	50	0	0

Gearáin & Forfheidhmiúchán maidir le Cúrsaí Comhshaoil					
E8	Gearáin agus Forfheidhmiúchán maidir le Cúrsaí Comhshaoil:	Líon iomlán na gcásanna gearáin maidir le truailliú comhshaoil (faoi dhramhaíl, bruscar, truailliú ar uisce, truailliú ó thorann, truailliú an aeir)	Líon na nGearán a ndearnadh imscrúdú mar gheall orthu	Líon na mbeart forfheidhmithe a ndeachthas ina mbun	Líon na ngearán a réitíodh sa chaoi nach raibh gá le haon bheart eile
		1934	1736	1474	1559

Feachtais faoi Chúrsaí Comhshaoil i Scoileanna			
E9	Céatadán na Scoileanna a bhí páirteach i bhfeachtais faoi chúrsaí comhshaoil:	Bunscoileanna	Meánscoileanna
		82.6	69.2

Tithíocht					
Folúntais Tithíochta					
H1	Líon iomlán na n-áras cónaithe i stoc an údaráis áitiúil	Líon iomlán na n-áras cónaithe, gan iad siúd faoi réir mórthionscadail athchóirithe a áireamh	Céatadán iomlán d'árais chónaithe atá folamh (gan iad siúd atá faoi réir mórscéimeanna athchóirithe a áireamh)	Céatadán iomlán na n-áras cónaithe folamh nach bhfuil ar fáil lena ligean	Céatadán iomlán na n-áras cónaithe folamh atá ar fáil lena ligean
	3,420	3,418	1.65	79.2	20.8
H2	An tréimhse ama a chaitear ar an meán go ligtear in athuair áitreabh atá ar fáil lena ligean (seachtainí)				
	6.9				
H3	Líon na mbearta deisiúcháin a rinneadh mar % de na hiarratais bhailí ar dheisiúchán a fuarthas				
	95.61				
H4	Líon iomlán na dteaghlach den lucht siúil ar cuireadh cóiríocht orthu mar chéatadán de na spriocanna a leagtar síos sa chlár cóiríochta áitiúil don lucht siúil.				
	70.5				
H5	Forfheidhmiúchán maidir le caighdeáin san earnáil phríobháideach				
	A. Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe	8,549			
	B. Líon na n-áras cónaithe a ndearnadh cigireacht orthu	473			
	C. Líon na mbeart cigireachta	659			
	D. Líon na n-áras cónaithe a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán d'iomlán na dtionóntachtaí cláraithe (.i. B mar chéatadán de A)	5.53			
H6	Deontais d'fhonn cóiriúchán ar árais d'fhonn freastal do dhaoine faoi mhíchumas				
	A. Meántréimhse ama tógtha (i seachtainí) chun iarratais a phróiseáil faoi Scéim Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta, lena n-áirítear aon chigireacht(aí) riachtanach(a), ón dáta a fuarthas iarratas bailí go dtí an dáta a tugadh cinneadh faoin iarratas.	3.5			

	B. An t-achar ama ar an meán (seachtainí) a caitheadh le próiseáil a dhéanamh ar iarratais faoin Scéim Cóirithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, aon bheart cigireachta is gá san áireamh, ón dáta a dtagann iarratas inghlactha go dtí an dáta a ndéantar cinneadh faoin iarratas	8
H7	Cúrsaí Buneolais Réamhthionóntachta	
	A. Líon iomlán na dtionóntaí nua de chuid an údaráis áitiúil	234
	B. An céatadán de na tionóntaí nua ag an údarás áitiúil ar táirgeadh cúrsaí buneolais réamhthionóntachta dóibh	100

Seirbhísí Leabharlainne					
Uaireanta Oscailte Poiblí					
L 1	Líon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine ar an meán ag leabharlanna lánaimseartha	Líon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine ar an meán ag leabharlanna páirtaimseartha	An céatadán de na leabharlanna lánaimseartha a bhíonn oscailte ag am lóin	An céatadán de na leabharlanna lánaimseartha a bhíonn oscailte tráthnónta	An céatadán de na leabharlanna lánaimseartha a bhíonn oscailte ar an Satharn
	36.76	12.85	66.66	100	66.66
Freastal na Leabharlann					
L 2	Líon na gcuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha in aghaidh gach míle duine den daonra				
	2821.77				
Stoc Leabharlainne					
L 3	A. An caiteachas bliantúil ar stoc in aghaidh gach duine den daonra		Líon na nithe a eisíodh in aghaidh gach duine den daonra (ar fud an chontae/na cathrach) i gcás leabhar	Líon na nithe a eisíodh in aghaidh gach duine den daonra (ar fud an chontae/na cathrach) i gcás nithe eile	
	2.69		2.67	0.46	
Deis ceangal leis an idirlíon					
L 4	Líon na seisiún idirlín a cuireadh ar fáil in aghaidh gach 1,000 duine den daonra				
	212.44				

Mótarcháin					
M1	Bearta maidir le mótarcháin – a líon agus an %	Trasna an chuntair	Tríd an bpost	Ar shlite eile (m.sh. ar an idirlíon nó ar an teileafón)	
		103,147 %41.70	25,510 %10.31	118,712 47.99%	
M2	Líon na n- iarratas tríd an bpost a ndéileáiltear leo (.i. an diosca nó ceadúnas tiomána a eisiúint):	An lá céanna a dtagann an t- iarratas	Roimh dheireadh an tríú lá ó thagann an t- iarratas	Roimh dheireadh an cúigiú lá ó thagann an t- iarratas	Níos mó ná cúig lá ó thagann an t- iarratas
		3,421	7,907	3,860	10,322

M2	% na n-iarratas tríd an bpost a ndéileáiltear leo (i.e. an diosca nó ceadúnas tiomána a eisiúint):	An lá céanna a dtagann an t- iarratas	Roimh dheireadh an tríú lá ó thagann an t- iarratas	Roimh dheireadh an cúigiú lá ó thagann an t- iarratas	Níos mó ná cúig lá ó thagann an t- iarratas
		13.41	31.00	15.13	40.46

M3	An tAchar Ama a chaitear le próiseáil ar Iarratais ar Cheadúnas Tiomána			
	A. Líon na nIarratas ar Cheadúnas Tiomána a ndéileáiltear leo an lá céanna a dtagann an t-iarratas isteach	B. Líon na nIarratas ar Cheadúnas Tiomána a ndéileáiltear leo an dara nó an tríú lá tar éis don iarratas a theacht isteach	C. Líon na nIarratas ar Cheadúnas Tiomána a ndéileáiltear leo an ceathrú nó an cúigiú lá tar éis don iarratas a theacht isteach	D. Líon na nIarratas ar Cheadúnas Tiomána a ndéileáiltear leo an lá céanna a dtagann an t-iarratas isteach
	489	15,518	3,356	516

	E. An céatadán de líon iomlán na nIarratas ar Cheadúnas Tiomána a ndéileáiltear leo an lá céanna a dtagann an t-iarratas isteach	F. An Céatadán de líon iomlán na nIarratas ar Cheadúnas Tiomána a ndéileáiltear leo an dara nó an tríú lá tar éis don iarratas a theacht isteach	G. An Céatadán de líon iomlán na nIarratas ar Cheadúnas Tiomána a ndéileáiltear leo an ceathrú nó an cúigiú lá tar éis don iarratas a theacht isteach	H. An Céatadán de líon iomlán na nIarratas ar Cheadúnas Tiomána a ndéileáiltear leo níos mó ná cúig lá tar éis don iarratas a theacht isteach
	2.46	78.06	16.88	22.60
M4 Uaireanta Oscailte Poiblí	Líon Uaireanta Oscailte ar an meán in aghaidh na Seachtaine		30	

Pleanáil agus Rialú Foirgníochta					
Iarratais Phleanála					
P1 A	Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh ina leith:	Teach Aonair	Forbairt Tithíochta	Cásanna eile nár ghá EIA ina leith	Cásanna eile ar ghá EIA ina leith
		447	95	947	38
P1 B	Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh ina leith taobh istigh de 8 seachtaine	Teach Aonair	Forbairt Tithíochta	Cásanna eile nár ghá EIA ina leith	Cásanna eile ar ghá EIA ina leith
		139	24	439	13
P1 C	Líon na gcinntí a raibh gá le breis eolais ina leith a chur faoi bhráid	Teach Aonair	Forbairt Tithíochta	Cásanna eile nár ghá EIA ina leith	Cásanna eile ar ghá EIA ina leith
		308	70	508	25
P1D	Líon na gcinntí ar aontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama ina leith faoi alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	Teach Aonair	Forbairt Tithíochta	Cásanna eile nár ghá EIA ina leith	Cásanna eile ar ghá EIA ina leith
		0	1	0	0

P1 E	An tréimhse ama a caitheadh ar an meán le cinneadh ar iarratas sa chás gur lorgaíodh eolas breise (laethanta):	Teach Aonair	Forbairt Tithíochta	Cásanna eile nár ghá EIA ina leith	Cásanna eile ar ghá EIA ina leith
		75.33	81.16	81	90.5
P1 F	% de chásanna Ceada	Teach Aonair	Forbairt Tithíochta	Cásanna eile nár ghá EIA ina leith	Cásanna eile ar ghá EIA ina leith
		65	71	87	84
P1 G	% de chásanna Diúltaithe	Teach Aonair	Forbairt Tithíochta	Cásanna eile nár ghá EIA ina leith	Cásanna eile ar ghá EIA ina leith
		35	29	13	16
P1 H	% na gcásanna ina ndearna an Bord Pleanála cinneadh a dheimhniú, le hathrú	Teach Aonair	Forbairt Tithíochta	Cásanna eile nár ghá EIA ina leith	Cásanna eile ar ghá EIA ina leith
		88	52	76	89
P1 I	% na gcásanna ina ndearna an Bord Pleanála cinneadh a fhreaschur	Teach Aonair	Forbairt Tithíochta	Cásanna eile nár ghá EIA ina leith	Cásanna eile ar ghá EIA ina leith
		12	48	24	11

Forfheidhmiúchán i gcúrsaí Pleanála						
P2	A. Líon iomlán na gcásanna a bhí ina n-ábhar gearáin a ndearnadh a fhiosrú	B. Líon iomlán na gcásanna a bhí ina n-ábhar gearáin a díbheadh	C. Líon na nósanna imeachta forfheidhmithe a tógadh trí chaibidlí	D. Líon na nósanna imeachta forfheidhmithe a tógadh trí litreacha rabhaidh	E. Líon na nósanna imeachta forfheidhmithe a tógadh trí fhorfheidhmiú	F. Líon na gcásanna ionchúisimh
	315	41	58	170	65	3
Uaireanta Oscailte na hOifige Pleanála						
P3	Uaireanta oscailte poiblí – Líon uaireanta oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine					
	35					
Comhairliúchán Réamhphleanála						
P4	A.Líon na gcruinnithe comhairliúcháin réamhphleanála a reáchtáladh					
	297					

P4B	An tréimhse ama a caitheadh ar an meán ó fuarthas iarratas ar chomhairliúchán le pleanálaí de chuid an údaráis áitiúil gur tharla an cruinniú foirmiúil féin maidir leis an gcomhairliúchán réamhphleanála (laethanta)	18
Pleanáil – Cigireacht ar Fhoirgnimh Nua		
P5	Líon na bhfoirgneamh a ndearnadh cigireacht orthu mar % de na foirgnimh nua ar fad ar cuireadh in iúl don údarás áitiúil fúthu	34
Eastáit a Thógáil i gCúram		
P6	A. Líon na n-eastát cónaitheach a bhfuil an cead pleanála lena n-aghaidh imithe as feidhm, a raibh iarratais fhoirmiúla scríofa ar thógáil i gcúram (ó chónaitheoirí nó fhorbróirí) idir lámha ag an tús:	33
	B. Líon na n-eastát a tógadh i gcúram i rith na bliana faoi chaibidil:	20
	C. Líon na n-áras cónaithe i ndáil le colún B	1,317
	D. An céatadán de na heastáit i gcolún A nach raibh tugtha chun críche de réir an chead pleanála chun sástacht an údaráis pleanála	21
	E. Líon na n-eastát i gcolún D ar glacadh gníomh forfheidhmithe ina dtaobh sa bhliain i gceist agus/nó ar glaodh an banna isteach ina dtaobh	0
	F. Líon na nEastát i gColún D a ndearna an t-údarás obair ina leith d'fhonn an t-eastát a thabhairt ar an gcaighdeán a bhféadfaí a thógáil faoi chúram	1

Seirbhísí Áineasa			
Ionaid Spraoi			
Áin 1	Líon na n-ionad spraoi do leanaí:	arna gcur ar fáil go díreach ag an údarás áitiúil	arna gcur ar fáil trí shoirbheas an údaráis áitiúil
		7	1
Linnte Snámha			
Áin 1	Líon na gcuairteoirí ar áiseanna fóillíochta arna gcur ar fáil trí shoirbheas an údaráis áitiúil		
	794,400		

Ioncam				
Cíos Tithíochta				
Ionc 1	An céatadán den tsuim a bhí dlite a bhí bailithe faoi dheireadh na bliana	Céatadán de na riaráistí a bhí dlite le 4-6 seachtaine	Céatadán de na riaráistí a bhí dlite le 6-12 seachtaine	Céatadán de na riaráistí a bhí dlite le níos faide ná 12 seachtaine
	84.95	3.61	6.25	86.63
Iasachtaí Tithíochta				
Ionc 2	An céatadán den tsuim a bhí dlite a bhí bailithe faoi dheireadh na bliana	An céatadán de na riaráistí atá dlite le 4-6 seachtaine	An céatadán de na riaráistí atá dlite le 6-12 seachtaine	An céatadán de na riaráistí atá dlite le níos faide ná 12 seachtaine
	64.33	.75	1.61	96.62
Rátaí Tráchtála				
Ionc 3	An céatadán den tsuim a bhí dlite ó Rátaí Tráchtála a bhí bailithe faoi dheireadh na bliana			
	87.73			
Táillí Bruscair				
Ionc 4	An céatadán de na teaghlaigh a bhí ag íoc táillí bruscair (cásanna díolúine san áireamh) ag deireadh na bliana			
	82.07			
Táillí Uisce Neamhtheaghlaigh				
Ionc 5	An céatadán den tsuim a bhí dlite maidir le Táillí Uisce Neamhtheaghlaigh a bhí bailithe faoi dheireadh na bliana			
	60.66			

Bóithre		
An Clár Athchóirithe Bóithre		
R 1	A. Líon na gciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a feabhsaíodh agus a ndearnadh cothabháil orthu faoin gClár Athchóirithe in aghaidh na bliana	B. An líon ciliméadair de bhóithre áitiúla agus de bhóithre réigiúnacha a cuireadh ar fáil faoin scéim deontais d'fheabhsúchán faoi leith in aghaidh na bliana
	132.61	0

Comhdhálacha na gComhaltaí

Sa Bhaile agus Thar Lear agus Oiliúint 2009

SA BHAILE				
Téama	Ionad	Dáta	Costas Iomlán €	Líon na dToscairí
Responding to the Challenge of Climate Change	Caisleán Bhaile Átha Cliath	09.01.2009	461.20	1
25ú Comhdháil Bhliantúil Gnó UCC	Óstán Clarion, Corcaigh	20.01.2009	1,664.04	3
Comhdháil faoin Stát agus faoin Dlí	Óstán Conrad, Baile Átha Cliath	28.01.2009	737.74	1
Scoil Gheimhridh Merriman	Óstán Meyrick, Gaillimh	6/8.02.2009	2,726.14	4
Seimineár Earraigh AMAI	Óstán Clanree, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	13/14.02.2009	2,388.49	3
Comhdháil Bhliantúil Údarás Réigiúnach an Mheán-Iarthair	Óstán Teach Woodlands, Áth Dara, Co Luimnigh	19/20.02.2009	1,407.44	2
Women of 1916	Óstán Riverside Park, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman	21.02.2009	777.35	2
20ú Scoil Gheimhridh Cholmcille	Ionad Oidhreachta Cholmchille, Gartán, Mín an Labáin, Co. Dhún na nGall	27/01.03.2009	3,703.98	4
17ú Comhdháil Bhliantúil Chiarraí faoi Aitheantas don Chomhshaol	An Golf Hotel, Baile an Bhuinneánaigh, Co. Chiarraí	4/8.03.2009	3,527.44	4

Téama	Ionad	Dáta	Costas Iomlán €	Líon na dToscairí
Comhdháil Tiomsaitheoirí Airgid na gCluichí Oilimpeacha Speisialta	Óstán Sligo Park, Sligeach	06.03.2009	1,016.19	1
Local Sustainable Tourism Management in a Global Economic Slowdown	Óstán Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí	6/8.03.2009	853.53	1
2ú Cruinniú Mullaigh Náisiúnta faoi Fhuinneamh In-athnuaite 2009	Lárionad Tionóil Pháirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath	24/25.03.2009	1,790.67	1
The Economic and Social Benefits of Preserving our Cultural Heritage	Óstán Listowel Arms, Lios Tuathail Co. Chiarraí	26/27.03.2009	1,888.50	3
Comhdháil Bhliantúil Thionól Réigiúnach Réigiún na Teorann, an Láir Tíre agus an Iarthair	Óstán The Abbey, Baile Ros Comáin	02.04.2009	662.17	2
Comhdháil Bhliantúil ACCC	Óstán Ormonde, Cill Chainnigh	2/3.04.2009	1,608.27	3
LAMA – 29ú Comhdháil Bhliantúil	Óstán Heritage, Port Laoise, Co. Laoise	16/17.04.2009	1,807.79	4
Comhdháil Phleanála Náisiúnta 2009	Óstán Whites, Loch Garman	23/24.04.2009	3,368.97	4
Europe, Economy and Emigrants – Ireland at the Crossroads	Óstán Kingsley, Cathair Chorcaí	30/02.05.2009	1,899.13	3
25ú Comhdháil Bhliantúil ar an gComhshaol	Óstán Carrigaline Court, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí	7/8.05.2009	1,694.38	2
An Chomhdháil Náisiúnta faoi Thógáil Inbhuanaithe 2009	Óstán Royal Marine, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath	27.05.2009	720.18	1
14ú Scoil Shamhraidh Bhliantúil Dhúghlais de hÍde	Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin	4/11.07.2009	1,607.39	2

Téama	Ionad	Dáta	Costas Iomlán €	Líon na dToscairí
Scoil Shamhraidh Percy French	Teach Bhaile Mhic Oireachtaigh, Baile Mhic Oireachtaigh, Co. Ros Comáin	17/19.07.2009	1,050.02	2
29ú Scoil Shamhraidh Bhliantúil McGill	Na Gleannta, Co. Dhún na nGall	19/24.07.2009	3,336.82	3
Scoil Shamhraidh Humbert	Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo	20/23.08.2009	1,857.36	2
AMAI – 96ú Comhdháil Bhliantúil 09	Óstán Gleneagle, Cill Áirne Co Chiarraí	10/12.09.2009	1,905.98	2

THAR LEAR				
Téama	**Ionad**	**Dáta**	**Costas Iomlán**	**Líon na dToscairí**
Comhdháil ar Thurasóireacht Thuaisceart Éireann	Óstán Dunadry, Maigh Chomair, Dún Eadradh, Co. Aontroma	23/24.01.2009	1,636.64	2

Oiliúint agus Forbairt				
Téama	**Ionad**	**Dáta**	**Costas Iomlán**	**Líon na dToscairí**
Cúrsa Gaeilge	Óstán Connemara Coast, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe	2/4.01.2009	1,457.39	2
Effective Communications	Óstán Days, Port Láirge	16/18.01.2009	3,316.05	5
An tSeirbhís Phleanála Rialtais Áitiúil	Óstán Granville, Port Láirge	23/25.01.2009	1,719.30	3
Information and Communication Technologies for Councillors	Óstán Glendalough, Gleann dá Loch, Co. Chill Mhantáin	6/8.02.2009	1,283.28	2
Pleanáil d'Fhuinneamh Inathnuaite	Óstán Sligo Park, Sligeach	15/17.02.2009	2,937.84	4
Review and Reform of Local Government in Ireland	Caisleán Bellingham, Baile an Ghearlánaigh, Co. Lú	20/21.02.2009	603.28	1
Saoráil Faisnéise	Óstán Patrick Punch, Luimneach	20/21.02.2009	1,708.50	3
Understanding Hospital Radio/The Irish National War Memorial: 1919-2009	Óstán Green Isle, Baile Átha Cliath	27/28.02.2009	408.85	1
Climate Change, Alternative Energies and the Nuclear Experience	Óstán Raheen House, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann	6/8.03.2009	1,229.98	2
Seimineár ar Phleanáil agus Rialú Forbartha	Óstán Glenlo Abbey, Páirc na Sceach, Co. na Gaillimhe	20/22.03.2009	4,472.63	7
Drug and Alcohol Abuse	Óstán Glengarriff Eccles, Co. Chorcaí	15/17.05.2009	2,697.72	3
Supporting Family Carers	Caisleán Bellingham, Baile an Ghearlánaigh, Co. Lú	29/31.05.2009	1,555.05	2
Planning and Building Energy Regulations	Óstán Carlton Millrace, Bun Clóidí, Co Loch Garman	24/26.07.2009	1,024.13	2
Effective Communications	Óstán Connemara Coast, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe	31/02.08.2009	1,649.61	2

Téama	Ionad	Dáta	Costas Iomlán	Líon na dToscairí
Renewable Energy and Energy Conservation	Óstán Carlton Atlantic Coast, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	7/9.08.2009	1,711.05	2
Planning and the European Law	Óstán Days, Port Láirge	4/6.09.2009	1,159.15	2

RÁITEAS AIRGEADAIS

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

(agus figiúirí cuntais ioncaim chomparáideacha do bhlianta roimhe

CUNTAIS IONCAIM

Caiteachas	2009	2008	2007	2006
	€	€	€	€
Tithíocht agus Tógáil	17,477,789	24,034,092	18,626,859	13,352,687
Iompar agus Sábháilteacht Bóithre	28,025,312	33,689,241	34,031,373	32,504,972
Soláthar Uisce agus Séarachas	27,409,154	26,649,792	24,618,052	23,556,626
Dreasachtaí Forbartha agus Srianta	10,902,049	12,280,863	10,045,829	9,391,304
Cosaint Chomhshaoil	24,388,617	26,109,452	23,719,905	25,319,276
Caitheamh Aimsire agus Áis	8,374,092	9,157,433	7,255,724	6,514,413
Talmhaíocht agus Oideachas	11,732,699	10,179,094	9,202,631	7,442,306
Seirbhísí Ilghnéitheacha	8,604,449	6,178,969	4,459,821	5,538,560
Iomlán	**136,914,161**	**148,278,936**	**131,960,194**	**123,620,144**
Fáltais (Deontais, Earraí agus Seirbhísí)				
Tithíocht agus Tógáil	15,430,394	17,733,553	12,079,263	10,706,064
Iompar agus Sábháilteacht Bóithre	12,460,058	16,812,689	15,523,719	15,105,106
Soláthar Uisce agus Séarachas	16,828,457	15,196,356	14,154,284	12,770,919
Dreasachtaí Forbartha agus Srianta	2,701,802	4,249,035	4,657,487	5,948,867
Cosaint Chomhshaoil	12,672,530	15,436,947	14,633,705	14,240,129
Caitheamh Aimsire agus Áis	757,151	1,311,827	1,228,726	1,139,886
Talmhaíocht agus Oideachas	10,946,502	8,755,946	7,529,489	6,143,346
Seirbhísí Ilghnéitheacha	4,610,198	2,051,860	2,645,825	2,666,743
Fo-Iomlán	**76,407,092**	**81,548,213**	**72,452,498**	**68,721,059**
Cuntais Údaráis Uirbí	2,802,175	3,177,038	3,074,542	3,040,293
Ciste Rialtais Áitiúil	23,866,930	28,176,862	26,476,801	23,893,115
Rátaí an Chontae	38,904,510	38,784,510	37,237,974	32,286,656
Iomlán	**141,980,707**	**151,686,623**	**139,241,815**	**127,941,123**
Aistrithe chuig/ó C(h)úlchistí	-6,186,166	-2,523,003	-6,049,695	-3,152,833
Barrachas/Easnamh don Bhliain	6,953,967	884,684	1,231,927	1,168,146
Iarmhéid Tosaigh	-5,653,543	-6,463,440	-7,695,366	-8,863,513
Iarmhéid Deiridh	**-4,885,742**	**-5,578,756**	**-6,463,440**	**-7,695,366**

INFHEISTÍOCHT CHAIPITIL	2009	2008	2007	2006
	€	€	€	€
Tithíocht agus Tógáil	40,496,309	69,966,084	72,807,590	82,837,904
Iompar agus Sábháilteacht Bóithre	112,681,176	142,124,445	136,183,684	177,636,840
Soláthar Uisce agus Séarachas	26,068,719	16,954,391	23,575,179	46,748,224
Dreasachtaí Forbartha agus Srianta	1,037,884	4,287,189	1,192,101	624,876
Cosaint Chomhshaoil	1,494,164	4,283,469	4,023,769	2,226,639
Caitheamh Aimsire agus Áis	4,746,281	2,973,075	4,202,416	1,353,294
Talmhaíocht agus Oideachas	321,662	149,334	217,933	
Seirbhísí Ilghnéitheacha	561,182	8,288,851	739,614	4,537,718
Iomlán	**187,407,377**	**249,026,838**	**242,942,286**	**315,965,495**

Rialtas Áitiúil i mBailte

Áirítear i measc struchtúr rialtas áitiúil sa chontae, comhairle chontae agus comhairle baile Bhaile Átha Í, An Nás, Léim an Bhradáin agus An Droichead Nua.

Cé go n-oibríonn na cúig údarás áitiúla i gcomhar le chéile i roinnt mhaith réimsí gníomhaíochta agus go gcuireann siad seirbhís aonfhoirmeach ar fáil, tá aitheantas dlíthiúil ar leithligh ag gach ceann de na comhairlí baile seachas an t-aitheantas atá ag an gcomhairle contae agus tá neamhspleáchas comhchéimneach acu. Cé go bhfuil comhaltas i bpáirt i gceist leis na comhlachtaí rialaithe oibríonn na húdaráis go léir faoi bhainisteoireacht an Bhainisteora Contae.

Tá fás suntasach tagtha ar Bhaile Átha Í le roinnt blianta anuas agus tá daonra de 9,000 duine aige anois idir laistigh den bhaile agus an ceantar máguaird. Tá forbairt eacnamaíochta an bhaile thar a bheith tábhachtach chun a chinntiú go leanann an fás sin ar aghaidh. Tá go leor athruithe iontacha tagtha ar an mbaile agus tuilleadh athruithe molta don bhaile le bliain anuas agus tá ról lárnach ag an gComhairle Baile maidir lena fhás agus lena fhorbairt.

Comhaltaí Tofa agus an Fheidmheannacht

Is iad seo a leanas comhaltaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Í, an Cathaoirleach Aoife Breslin, an Leaschathaoirleach James Mahon, na Comhairleoirí Mark Dalton, Richard Daly, John Lawler, Mary O'Sullivan, Thomas Redmond, Mark Wall agus Paddy Wright. Tá na Comhairleoirí Daly agus Wall ina gcomhaltaí tofa de Chomhairle Chontae Chill Dara freisin.

Roimh na toghcháin áitiúla i Meitheamh, chuaigh beirt chomhaltaí fadseasmhacha an Comhairleoir Frank English (42 bliain de sheirbhís) agus an Comhairleoir Sean Cunnane (15 bliana de sheirbhís) ar scor, agus d'éirigh an Comhairleoir Tony Egan as oifig i mí Aibreáin. Chuaigh ocht n-iarrthóir déag san iomaíocht sa toghchán agus reáchtáil an Chomhairle nua-thofa a gcéad chruinniú ar an 15 Meitheamh.

Bainisteoir Baile/Stiúrthóir Seirbhísí:	Joe Boland
Cléireach Baile:	Brian O'Gorman
Innealtóir Baile	Diarmuid Donohue

Reáchtálann Comhairle Baile Bhaile Átha Í cuid cruinnithe míosúla ar an tríú Céadaoin de gach mí sna hOifigí Cathrach, Bóthar Mhainistir Eimhín, Baile Átha Í.

Airgeadas

Tugann an t-Ioncam agus an caiteachas Caipitil iomlán ar fiú thart ar €10.3 milliún é (le caiteachas ioncaim de €4.6 milliún san áireamh) léargas ar an ról atá ag Comhairle Baile Bhaile Átha Í maidir le forbairt eacnamaíochta, shóisialta, chultúrtha agus bhonneagair an bhaile, trína cuid clár agus beartas. Toisc go bhfuil daonra an bhaile ag dul i méid, bíonn ardú mór ar na héilimh ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

Tithíocht

Tá stoc de 302 aonad tithíochta ag an gComhairle Baile, cuireadh 27 teach nua leis i 2009. Tugadh tithíocht do thríocha-dó iarratasóir i gcóiríocht nua agus i gcóiríocht a bhí ann cheana féin le linn na bliana.

Leanadh ar aghaidh leis an gclár d'fheabhsúcháin de chineál caipitil le linn na bliana; lean an clár um shuiteáil gáis ar aghaidh agus rinneadh líon mór aonad folamh a athchóiriú ina n-iomlán.

Tugadh scéim Ardrew Meadows chun críche i 2009. Tugadh faoin bhforbairt mar thionscadal chomhtháite tithíochta idir an Chomhairle Baile, i gcomhpháirt le Comhairle Chontae Chill Dara agus Respond! Cumann Tithíochta Deonaí. Tógadh 86 teach/árasán agus aon fhoirgneamh pobail amháin sa scéim tionachta measctha sin.

Tugadh Scéim Oibreacha Feabhsúcháin Carbery Park, a chuimsíonn 24 teach reatha agus 3 haonad inlíonta nua, chun críche i rith na bliana.

Tugadh scéim phíolótach na Maor Pobail (arna gcistiú faoin Tionscnamh Bainistíochta Tithíochta) chun críche i Lúnasa agus d'éirigh go han-mhaith leis maidir le roinnt tionscnamh a chur ar aghaidh sa bhaile, lenar áiríodh cumainn áitritheoirí áitiúla a bhunú agus cabhrú leo, feasacht chomhshaoil agus scéimeanna pobail. Leanfaidh an tOifigeach Idirchaidrimh Tionóntaí ar aghaidh le cuid de na tionscadail sin, i gcomhpháirt le Comhordaitheoir Rapid agus Comhchoiste Póilíneachta Bhaile Átha Í.

Pleanáil

Fuair Comhairle Baile Bhaile Átha Í 34 iarratas pleanála i 2009, do na cineálacha forbairtí seo a leanas:

Forbairtí Tráchtála	10
Síntí	12
Forbairtí Tithíochta	3
Iarratais Eile	9

Eisíodh 33 cead pleanála agus 6 dhiúltú i 2009.

Tá athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Baile reatha sceidealaithe le tosú in Aibreán 2010.

Bóithre

Nuair a bheidh an mótarbhealach M9 agus an bóthar ceangail bainteach nua chuig Baile Átha Í críochnaithe (go luath i 2010) leagfar tuilleadh béime ar ionad straitéiseach an bhaile maidir leis an réigiún agus le mórcheantar
Bhaile Átha Cliath.

Tá cur chun cinn Bhóthar Dáileacháin an Deiscirt á gcur ar aghaidh anois. Bhí cruinniú ag toscaireacht ón gComhairle Baile agus ón gComhairle Contae leis an Aire Iompair i Márta 2009. Tá togra athbhreithnithe chun an tionscadal a chur ar aghaidh i gcéimeanna thar thréimhse 5/6 bliana á mheas anois.

Tugadh Dréachtphlean Bainistíochta Tráchta chun críche go deireanach i 2009 agus beartaíonn sé roinnt athruithe chun cabhrú le sreabhadh tráchta. Cuireadh tús leis an tréimhse reachtúil de chomhairliúchán poiblí i mí na Nollag. Faoi réir faomhadh agus cistiú a fháil, tá sé beartaithe an plean a chur aghaidh ar bhonn céimnithe.

Cuireadh roinnt feabhsuithe ar bhóithre agus ar chosáin sa bhaile le linn na bliana. Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil blocdheontas de €177,000. Cuirfear tús ar athbhreithniú ar Fhodhlíthe reatha an bhaile maidir le Páirceáil agus Carrchlóis (2005) i 2010.

Seirbhísí Uisce

Déanann an Chomhairle Baile bonneagar na seirbhísí uisce (uisce & séarachas) a chothabháil agus a oibriú ina ceantar riaracháin faoi chomhaontú thar ceann Chomhairle Chontae Chill Dara (Cuid 85 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001).

Tá soláthar uisce sa bhaile méadaithe anois chun soláthar ón réigiún (An Baile Mór) a fhadú. Ina theannta sin, chríochnaigh Comhairle Chontae Chill Dara scéim bheag (príomhphíobán uisce Bhaile Átha Í go Beirt) i rith na bliana. Beidh an príomhphíobán sin, faoi seach, nasctha le gort an tobair i

Mainistir Eimhín agus táthar ag súil go mbeidh oibreacha críochnaithe go luath i 2010. Déanfaidh na bearta sin atreisiú suntasach ar shlándáil an tsoláthair.

Tá scéim feabhsúcháin le haghaidh líonra na séarach bréan sa bhaile á cur ar aghaidh agus táthar ag súil go dtosófar í sin i Ráithe 1 2010. Tugadh suirbhé cuimsitheach ar an líonra reatha chun críche agus is é sin a shocróidh scóip na n-oibreacha.

Comhshaol

Lean Baile Átha Í ar aghaidh ag dul chun feabhais i gComórtas na mBailte Slachtmhara agus d'éirigh le 11ú hiarracht an bhaile méadú 9 bpointe a bhaint amach i gcomparáid le 2008. Tá Fochoiste na mBailte Slachtmhara ag obair céim ar chéim ar a bplean 5 bliana (a seoladh i 2008) chun tuilleadh feabhsúchán a dhéanamh sa bhaile, le comhoibriú na Comhairle, scoileanna áitiúla, áitritheoirí, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Í agus an tionscadal Shop Athy. I dteannta leis an gComhairle Baile, eagraíonn Coiste na mBailte Slachtmhara oíche bhronnta duaiseanna i mí na Nollag gach bliain le haghaidh na nEastát is Feistiúla/Deontais Pobail.

Tá Ionad Fóntas Pobail Bhaile Átha Í (a oibríonn Comhairle Chontae Chill Dara) suite ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath sa bhaile. Bhí níos mó daoine ag úsáid an ionaid.

Tá ceithre cinn déag de bhainc bhuidéil ar 2 shuíomh laistigh de Lár an Bhaile.

Lean an Maor Bruscair ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar dhumpáil neamhdhleathach agus neamhúdaraithe agus eisíodh líon mór fíneálacha i 2009. Leis sin, déanann an Chomhairle Baile glanadh áitiúil a chur chun cinn go rialta agus tugann siad cabhair do ghrúpaí cónaitheoir trí scéim deontais bhliantúil.

Tionscadail Ghinearálta

- Tionscnamh turasóireachta nua arna rolladh amach ag Tourism Ireland agus Fáilte Ireland atá i 'Shine Athy' agus cuireadh tús leis i mí na Samhna. Is é an baile an chéad bhaile sa tír atá ag glacadh páirte sa tionscadal, a bhfuil sé mar aidhm aici fíorthaithí a thabhairt d'úsáideoirí trí dhíriú ar cheithre chineál iompair shimplí – Sásta, Cuiditheach, Nádúrtha agus Saineolaí. Tá an Chomhairle Baile mar ghníomhaireacht cheannasach i bhforbairt an tionscnaimh sin.

- Baineadh tionscadal nua 'Branda' Interreg IV amach do Bhaile Átha Í le linn na bliana agus tá clár trí bliana á fhorbairt, i gcomhpháirt le ceantair eile i nDún Laoghaire, Hollyhead agus Denbigshire, mar chuid de Chlár na hÉireann agus na Breataine Bige 2007-2013.

- Tá RAPID (Regenerating Areas through Planning Investment and Development/Ceantair a Athnuachan trí Phleanáil, trí hInfheistíocht agus trí Fhorbairt) ag leanúint ar aghaidh sa bhaile agus tá 6 théama straitéiseacha forbartha aige anois- An timpeallacht fhisiceach; Coireacht, sábháilteacht agus iompar frithshóisialta; Tacaíocht teaghlaigh; Sláinte; Oideachas; agus Oiliúint & Fostaíocht. Tá an Chomhairle Baile ag obair i ndlúthpháirt leis na gníomhaireachtaí comhpháirtí chun na haschuir is fearr a sheachadadh don phobal.

- Roghnaíodh Baile Átha Í mar bhaile píolótach le haghaidh scéim na rianta stairiúla náisiúnta. D'fhaomh Fáilte Ireland cistiú agus chríochnaigh an Chomhairle Baile oibreacha comharthaíochta i Samhradh 2009.

- Osclaíodh an tionscadal nua Caifé Óige ar bhonn céimnithe tar éis oibreacha athchóirithe ar an iarfhoirgneamh íoclainne ar Meeting Lane. Rinne Athy Action for Youth (Fochoiste den Chomhairle Baile) an tionscadal a chur chun cinn agus anois tá sé mar fhóntas tábhachtach do dhaoine óga áitiúla.

- Rinne an Chomhairle Baile dhá fháiltiú cathrach a óstáil i 2009 chun éachtaí suntasacha sa bhaile a chomóradh. Reáchtáladh an chéad fháiltiú chun filleadh an Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ar Bhaile Átha Í a chomóradh, agus rinne an dara fáiltiú ceiliúradh ar Charmaine Kenny as Baile Átha Í, a roghnaíodh mar 'Rós Thrá Lí 2009'.

- Bunaíodh grúpa Tionscnóirí Baile Bhaile Átha Í, roimh an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, chun cinntiú go ndéanfaí comhiarracht chun an baile a chur chun cinn. Sholáthair Comhairle Baile, i gcomhpháirt le Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Í, le Tionscadal Shop Athy agus le Coiste na mBailte Slachtmhara seastán tionscnaimh baile ag an gcomórtas agus freisin chomheagraigh sí ceolchoirm phoiblí saor in aisce sa bhaile ag an am céanna leis an imeacht. Leanann an grúpa Tionscnóirí orthu ag comhoibriú ar chomhthionscnaimh agus d'eagraigh siad féile shamhna chomh maith leis an gcéad 'Athy Chocolate Festival' go luath i mí na Nollag

- Chuir Fochoiste Ealaíon na Comhairle Baile agus Seirbhís Ealaíon Chill Dara forbairt na hEaglaise Modhaí (Sráid Woodstock) mar shaoráid/théatar ealaíon áitiúil ar aghaidh le linn 2009. Sampla suntasach de rannpháirtíocht an phobail atá sa tionscadal agus nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe beidh pobal na Modhach agus Cuideachta Ealaíon Pobail Bhaile Átha Í atá nuabhunaithe in ann an tsaoráid a úsáid.

- Glacadh le hIonad Oidhreachta Bhaile Átha Í ar Chlár Chaighdeáin Mhúsaeim na hÉireann i mí na Nollag. Clár luathaithe atá ansin a cheadaíonn do shaoráidí den sórt sin creidiúnú iomlán a bhaint amach mar mhúsaeim thar thréimhse ama. Tacaíonn an Chomhairle Baile leis an ionad trí leithdháileadh bliantúil deontais agus freisin déantar ionadaíocht uirthi ar an mbord stiúrthóirí.

- Bhí roinnt cruinnithe ag Fóram Infheistíochta Forbartha agus Fostaíochta Bhaile Átha Í (AIDEF) le linn 2009 agus tá tús curtha le hathbhreithniú ar chuspóirí agus ar chomhaltacht an fhóraim chun deiseanna forbartha a uasmhéadú don bhaile amach anseo.

- Leanann Ionad Fiontraíochta Pobail Bhaile Átha Í air ag cabhrú le fiontair nua-thionscanta agus fhorbartha sa cheantar trí haonaid agus cóiríocht oifige le seirbhísí a sholáthar ag rátaí tosaíochta ar feadh 3 bliana. Osclaíodh an t-ionad, a forbraíodh tríd an AIDEF, i 2004.

Comhchoiste Póilíneachta

Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta Bhaile Átha Í i 2006 (faoi Acht an Gharda Síochána 2005 mar chuid de scéim phíolótach). Mar thoradh ar rath na scéime sna chéad cheantair bunaíodh tuilleadh coistí ar fud na tíre. Tá comhaltaí ag CP Bhaile Átha Í a dhéanann ionadaíocht ar Chomhairle Baile Bhaile Átha Í, ar na Gardaí, ar chomhaltaí Oireachtais agus ar an bPobal.

Tháinig CP Bhaile Átha Í le chéile 4 huaire i 2009 agus phléigh siad saincheisteanna a bhain le bainistíocht tráchta, le hiompar frithshóisialta, mí- úsáid drugaí agus alcóil, capaill a rialú agus margadh an bhaile. Moladh athbhreithniú a dhéanamh ar na Fodhlíthe reatha maidir le Rialú Alcóil agus chuir an Chomhairle tús leis an bpróiseas reachtúil.

Nascadh Baile

Tá Baile Átha Í nasctha le Grandvilliers (suite i réigiún Picardy sa Fhrainc, ó thuaidh ó Pháras). Síníodh na cairteacha go foirmiúil i Samhain 2004 sa Fhrainc agus i Márta 2005 i mBaile Átha Í. Oibríonn Fo-choiste Nasctha Baile na Comhairle go dlúth lenár gcomhpháirtithe sa Fhrainc agus eagraíonn siad ócáid nasctha bhliantúil. Leis sin, eagraítear roinnt tionscadail malartaithe traschultúrtha chun saoránaigh an dá bhaile a cheadú a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí oideachais, gnó agus sóisialta sa dá bhaile.

I Meitheamh 2009 thug toscaireacht de 30 duine as Grandvilliers agus a phurláin cuairt ar Bhaile Átha Í agus ghlac siad páirt in imeachtaí cultúrtha sa bhaile a bhí ar siúl sa Chomhairle Baile, san

Ionad Oidhreachta, i dTeach Emmanuel, sa Chaifé Óige agus i Líonra Comhtháite na mBan (Plás Stanhope). Freisin d'fhéach na cuairteoirí ar an trí-atlan Tri Athy le linn a gcuairte.

Thug daltaí áitiúla cuairt ar an bhFrainc in Iúil agus ghlac siad páirt i dtionscadal Ollscoile Samhraidh. Thug aon mhac léinn déag ó thalmhaíocht eachaí agus thraidisiúnta faoi shocrúchán oibre 3 seachtaine i mBaile Átha Í le linn mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair.

Linn Snámha/Ionad Fóillíochta Nua

Críochnaíodh an obair thógála ar Ionad Fóillíochta nua Bhaile Átha Í sa Chnoc Glas, a chuimsíonn linn snámha 25m, agus osclaíodh an tsaoráid nua don phobal i Márta. Tá an tionscadal, a cistíodh ag Comhairle Chontae Chill Dara, ag an gComhairle Baile agus ag deontais Rialtais, á mbainistiú ag Seirbhísí Spóirt agus Fóillíochta Chill Dara.

An tIar-Chomhairleoir Frank English, RIP

Ábhar fíor-chomhbhrón dúinn ab ea bás an Iar-Chomhairleora Frank English ar an Satharn, 6 Feabhra, 2010. Sheirbheáil Frank mar chomhalta den Chomhairle ar feadh 42 bliain, chuaigh sé ar scor i Meitheamh 2009, agus bhí sé ina Chathaoirleach 6 uaire le linn a thréimhse oifige.

Ag cruinniú speisialta den Chomhairle, d'aithin comhaltaí an ról mór a bhí ag Frank i bhforbairt an bhaile chomh maith lena chuid oibre le cuid mhór eagraíochtaí áitiúla agus pobail le linn a shaoil. Mar gheall ar a nádúr cairdiúil bhíothas in ann obair a dhéanamh ar bhealach dearfach le tacaíocht traspháirtí i gcónaí.

Comhairle Baile Bhaile Átha Í - Toghcháin Áitiúla 2009

Caiteachas & Síntiúis

Mar a éilítear faoin Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999, áiríonn an liosta seo a leanas an caiteachas iomlán toghcháin agus na síntiúis chomhiomlána i dtaobh gach iarrthóra:

Ainm	Caiteachas (€)	Síntiús (€)
Aoife Breslin	2,369.62	-
Kathleen Cash	1,992.60	-
Jo Coyle	5,310.56	-
Richard Daly	3,580.48	-
Des Dalton	2,953.00	-
Mark Dalton	6,700.00	-
Brian Dooley	1,280.00	-
Eugene Doyle	2,481.03	-
Conor English	800.00	-
James Mahon	3,340.92	-
Mary O'Sullivan	3,447.55	-
Philip Quinn	350.00	-
Thomas Redmond	4,009.62	-
Frances Soney Ituen	2,178.04	-
John Lawler	5,797.73	-
Mark Wall	149.76	-
Don Watchorn	2,369.62	-
Paddy Wright	190.00	-

Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.

Newbridge Town Council
Droichead Nua

Comhairle Baile an Droichid Nua – 2009 Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Tithíocht

Lean an Chomhairle Baile ag riaradh a feidhm tithíochta i 2009. Soláthraíodh bailiú ioncaim agus seirbhísí cothabhála tithíochta don 26 teach de chuid na Comhairle sa Droichead Nua.

Comhshaol

Cuireann an Chomhairle Baile cistiú ar fáil fós do Choiste na mBailte Slachtmhara agus i mbliana ceannaíodh lomaire faiche nua le húsáid ag Coiste na mBailte Slachtmhara i gceantar Fóntas Pháirc an Bhaile / Thaobh na Life. Bhuaigh an Droichead nua duais ó IBAL (Irish Business against Litter) toisc gur bhain sé amach stádas saor ó bhruscar don bhaile le haghaidh na dara bliana i ndiaidh a chéile. Bhí soilsiú na Nollag fós mar ghné de ghníomhaíochtaí na Comhairle Baile i 2009.

Bóithre

Cuireadh clár deisiúcháin cosán ar bun i rith na bliana, arna mhaoinú ag deontais ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Meastar go leanfar leis sin i rith 2010. Rinne Comhairle Chontae Chill Dara tuilleadh feabhsúchán ar chosáin agus ar bhóithre isteach chuig an mbaile ó bhailiúchán airgid ón gciste páirceála.

Feidhmeanna Ionadaíochta

Nascadh le Bad Lippspringe

Tá an Droichead Nua agus Bad Lippspringe ag eagrú cruinnithe le haon bhliain déag anuas. Comhoibríonn na grúpaí éagsúla spóirt, cultúrtha, pobail agus stairiúla sa bhaile lena chéile. Mar thoradh ar chumarsáid idir na grúpaí sin bíonn imeachtaí dea-eagraithe ar siúl le linn na cuairte. Eagraíodh gníomhaíochtaí thar an deireadh seachtaine chun comóradh a dhéanamh ar an ócáid. Rinne an Droichead Nua óstáil ar thoscaireacht de os cionn 25 cuairteoir as an nGearmáin i mBealtaine 2009.

Nascadh le hOcala

I bhFeabhra 2009 tugadh cuairt ar Ocala, le haghaidh searmanas nasctha cathrach a raibh an dá phobal rannpháirteach ann. Bhí ionadaithe gnó agus eachaí i measc na toscaireachta de 16 duine agus bhí an Méara Michael Deely i gceannas uirthi.

Fáiltiú Cathrach

Reáchtáil an Chomhairle Baile fáiltiú cathrach an-rathúil le haghaidh KARE, an tUas. Orla Tinsley agus an Cmhlr John O'Neill le linn 2009.

Feidhmeanna Eile

Tháirg an Chomhairle Baile tacaíocht airgeadais agus cúnamh d'eagraíochtaí áitiúla i 2009. Áiríodh leo siúd grúpaí a raibh baint acu le Bailte Slachtmhara an Droichid Nua, leis na Cluichí Pobail, le Deontais Pobail, le Nascadh an Droichid Nua agus le Féile Lá Fhéile Pádraig. Beidh cúnamh airgeadais do na heagraíochtaí sin mar ghné den bhuiséad airgeadais don bhliain amach romhainn.

I rith 2009 chuaigh an Méara Willie Hamilton agus é ag déanamh ionadaíochta ar an gComhairle, le coiste Cóir-Thrádála an Droichid Nua.

Comhairle Baile an Droichid Nua - Toghcháin Áitiúla 2009

Caiteachas & Síntiúis

Mar a éilítear faoin Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999, áiríonn an liosta seo a leanas an caiteachas iomlán toghcháin agus na síntiúis chomhiomlána i dtaobh gach iarrthóra:

Ainm	Caiteachas €
Emma Kiernan	3,876.60
Michael “Spike” Nolan	3,075.43
Ian Hennessy	3,876.59
Sean Downey	1,709.00
Willie Hamilton	424.99
Pat Black	5,930.56
Colm Feeney	1,571.13
Fiona O’Loughlin	2,581.98
Catherine Sweeney	Nil
Dermot Coates	4,955.40
Paddy Kennedy	10,230.11
Mick Deely	1,032.75
Murty Aspell	2,540.00
Willie Crowley	750.00
Damien Molyneaux	1,200.00

Comhairle Baile Léim an Bhradáin 2009

Bunaíodh Coimisinéirí Baile Léim an Bhradáin i 1988. Is é an daonra atá ag Léim an Bhradáin faoi láthair ná thart ar 17,000 i gcomparáid le daonra thart ar 1,000 30 bliain ó shin. Chuir an tAcht Rialtais Áitiúil 2001 stádas Comhairle Baile ar fáil d'Iarchoimisinéirí Baile.

Comhaltaí Tofa

Is iad na comhaltaí tofa ná na Comhairleoirí Teresa Byrne, Bernard Caldwell, Shane Fitzgerald, Anthony Larkin, Catherine Murphy, Joseph Neville, Colm Purcell, Sean Purcell agus Pat Burke-Walsh. Toghadh an Comhairleoir Teresa Byrne mar Chathaoirleach i Meitheamh 2009 ar feadh aon bhliain amháin. Tá na Comhairleoirí Catherine Murphy agus Colm Purcell ina gcomhaltaí tofa de Chomhairle Chontae Chill Dara freisin.

Tá oifigí nua ag Siobhán Barry, an Cléireach Baile, i dTeach Newtown, Captain's Hill agus íocann an Chomhairle Baile €25,000 mar chíos bliantúil (móide costais) le Grúpa Tionscadail Óige Léim an Bhradáin chun an t-áitreabh a úsáid. Bíonn cruinniú ag an gComhairle ar an gcéad Mháirt gach mí sa Seomra Comhairle nua agus bíonn cruinnithe oscailte don phobal agus don phreas.

Is é an tUasal Peter Minnock, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Chill Dara an Bainisteoir Baile.

Buiséad

Ba é an Buiséad le haghaidh 2009 ná €426,500 agus faightear an cistiú seo ó Chomhairle Chontae Chill Dara agus ón gCiste Rialtais Áitiúil. Déanann an chomhairle an-chuid oibre trí na fo-choistí seo a leanas; Feabhsú Bailte, na hEalaíona Oidhreacht agus Turasóireacht, Comhshaol agus Bainistíocht Dramhaíola, Póilíneacht, Tionscal, Tráchtáil agus Fostaíocht, Trácht agus Iompar, Soilsiú Poiblí, Oideachas, Spórt agus Gnóthaí Fóillíochta

Tionscal, Tráchtáil agus Fostaíocht

Is na comhaltaí den choiste seo ná na Comhairleoirí Catherine Murphy (tionólaí), Joe Neville, Shane Fitzgerald. Is iad aidhmeanna an choiste seo ná Léim an Bhradáin a chur chun cinn mar scothcheantar chun tionscail nua agus gnóthaí nua-thionscanta a bhunú, mar áit speisialta le siopadóireacht agus gnó a dhéanamh agus cabhrú leo siúd atá dífhostaithe.

Reáchtáladh Oíche Eolais ar 11 Samhain 2009 san Óstán Liffey Valley House. Bhí an t-imeacht dírithe orthu siúd atá dífhostaithe nó nach bhfuil dóthain fostaíochta acu agus oíche eolais dhearfach a bhí inti ar ghlac triúir cainteoirí páirt inti. Ba iad na cainteoirí ná David Jones, Údar agus bunaitheoir an Job Seekers union, Christine Courtney Príomhoide Coláiste agus úinéir Obus School Healing Therapies agus Donal Dalton POF Bord Fiontar Contae Chill Dara. Tá imeachtaí cosúlacha beartaithe ag an gcoiste le haghaidh 2010.

An Comhchoiste Póilíneachta

Bunaíodh an Comhchoiste Póilíneachta i mbliana. I measc na gcomhaltaí den choiste tá na naonúr comhaltaí den Chomhairle Baile, an tAire Áine Brady, an TD Bernard Durkan, an TD Emmet Stagg, an Ceannfort Gerry Giblin, Pat Cooney agus Peter Minnock. Reáchtáladh an cruinniú tionscnaimh den choiste i mí na Nollag agus toghadh an Comhairleoir Joe Neville mar chathaoirleach ar feadh dhá bhliana. Is é ról an choiste ná fóram a sholáthar áit a bhféadann an tÚdarás Áitiúil agus Oifigigh Shinsearacha an Gharda Síochána, le rannpháirtíocht Comhaltaí Oireachtais agus páirtithe leasmhara pobail comhairliúchán, plé agus moltaí a dhéanamh maidir le hábhair a théann i bhfeidhm ar phóilíneacht an cheantair. Bíonn na cruinnithe go léir oscailte don phobal agus tá na doiciméid ar fáil ar an láithreán gréasáin www.kildarejointpolicing.ie .

Eastáit Slachtmhara

Ba iad an Dearthóir/Comhairleoir Gortóireachta Yvonne O' Connor agus Simon Wallace, Comhairle Chontae Chill Dara a rinne na heastáit a bhreithniú i mí Iúil; Bhí an Cléireach Baile in éineacht leo. Bhí 17 iontrálaí ann. Bhí an comórtas roinnte i dtrí chatagóir - beag- níos lú ná 100 teach, meán – 100 go 250 teach agus mór – níos mó ná 250 teach.

Bhronn an Cathaoirleach, Teresa Byrne na duaiseanna ar na buaiteoirí ar an 24 Meán Fómhair in Óstán Springfield. Bhí na torthaí mar seo a leanas:

An t-Eastát Beag is Fearr; Buaiteoir - Páirc agus Céide Loughmona,

An Dara hÁit -An Lána Glas/Bóthar Easton,

An Tríú hÁit - Rockingham.

An t-Eastát Meánmhéide is Fearr Buaiteoir - Páirc Léim an Bhradáin,

An t-Eastát Mór is Fearr Buaiteoir - Baile an Chaisleáin.

An Dara hÁit – Plásóga Ryevale

An t-Eastát is Mó a nDearnadh Feabhas air – Riverforest View

An Iontráil Nua is Fearr – Páirc Highfield.

Bronnadh an Corn Siarchomórtais ar Ionad Garraíodóireachta ar Mhainistir Ryemont mar an eastát is fearr ar an iomlán.

Leithdháiltear Deontais Spás Oscailte le haghaidh oibre ar fhóntais laistigh d'eastáit agus déantar íocaíocht nuair a thaispeántar admháil d'íocaíocht as oibreacha a cuireadh i gcrích. Ar an iomlán, bronnadh €5,300.

Ealaíona, Oidhreacht agus Turasóireacht

Comhaltaí: Na Comhairleoirí Shane Fitzgerald (tionólaí) Joe Neville agus Pat Burke-Walsh. Comhaltaí Neamhchomhairle: Conor O'Brien, Denis McCarthy, Matt Connolly, Laura Moriarty, Catriona Kiely. Is é cuspóir an choiste seo ná na healaíona agus turasóireacht a chur chun cinn agus ár n-oidhreacht a chosaint. D'eagraigh an coiste na ceiliúrthaí Guinness 250 ar 24 Meán Fómhair. I measc na n-imeachtaí bhí léiriú i gCaisleán Léim an Bhradáin leis na Bradán Players, turas siúl leis an staraí Conor O'Brien, agus bronnadh bunléasa Guinness ar an tOnórach Desmond Guinness. Bhronn an Comhairleoir Teresa Byrne Struic Léim an Bhradáin ar an tOnórach Desmond Guinness.

Rinne an turas stad ag Murphy's áit ar léirigh na Bradán Players as Léim an Bhradáin an sceitse "What's the Pint". Bhain an turas an tÓstán Courtyard amach agus ag 17:59 rinne siad Arthur a cheiliúradh i gcomhluadar a chuid sliochtach.

D'aithin an ceiliúradh éacht Arthur agus a chuid sliochtach, an fhreagracht chorparáideach atá bunaithe ag an gcuideachta agus rinne sé duine as Contae Chill Dara ó dhúchas a cheiliúradh.

Gairdíní Tosaigh

Reáchtálann an Chomhairle comórtas do Ghairdíní Tosaigh gach bliain. Ba iad an Dearthóir/Comhairleoir Gortóireachta Yvonne O' Connor agus Simon Wallace, Comhairle Chontae Chill Dara a rinne na gairdíní a bhreithniú i mí Iúil.

Ba iad na buaiteoirí:

An Chéad Áit	John & Valerie Malone, 73 Rose Cottage
An Dara hÁit	Muintir O'Connor, 56 Baile an Chaisleáin
An Tríú hÁit	Raymond and Deirdre Colreavy, 200 Plásóga Ryevale
An Ceathrú hÁit	Kathleen Poynton, 181 Cluainte an Ghleanna
An Cúigiú hÁit	Eamon agus Catherine Farrell, 1027 Avondale
An Séú hÁit	Teaghlach Lyons, 39 Riverforest

Bronnadh teastas fiúntais ar rogha gairdíní ar tugadh breitheamh orthu moladh speisialta a fháil.

Uchtaigh Ceantar

Reáchtálann an Chomhairle scéim 'Uchtaigh Ceantar' gach bliain i gcomhpháirt le Intel agus Hewlett Packard. Is í an aidhm atá ag an gcomórtas ná grúpaí pobail a spreagadh chun bheith freagrach as ceantar sa bhaile atá taobh amuigh d'eastáit thar tréimhse an tsamhraidh agus leanúint ar aghaidh le cothabháil an cheantair. Bhí scéim bhreise ar siúl i mbliana. Bhain Scéim 1 le ceantair nach raibh uchtaithe cheana. Bhain Scéim 2 le ceantair a bhí uchtaithe cheana agus a leanfaí ar aghaidh á gcothabháil ó Mhárta go Deireadh Fómhair.

Rinne Hewlett Packard na praghsanna a urrú; bronnadh ceamaraí ar gach duine sna grúpaí a bhuaigh an comórtas.

Feabhsúcháin Baile

Chuir an Chomhairle boscaí fuinneoige ar fáil, chomh maith le ciseáin ar crochadh agus plandú talún i lár an bhaile, Ionad Conláiste agus Teach Newtown. Cuireadh bláthbhoscaí fuinneoige ar fáil saor in aisce don chuid is mó de na háitribh ar an bpríomhshráid; suíodh ciseáin chrochta ar fud an bhaile agus san Ionad Fóntas, cuireadh tobáin mhóra ar fáil ar an bpríomhshráid agus cuireadh bláthbhoscaí fuinneoige ar fáil i dTeach an Bhaile Nua.

Tugadh obair chun críche i mbliana ar an gcéad chéim d'uasghrádú ar Pháirc William Rowantree. Chuimsigh an obair sin pábháil nua a chur isteach, chomh maith le ráille láimhe ar chosán tarraingthe na habhann. Sa cheantar in aice leis an gcarrchlós tógadh suíocháin nua agus ceantar pábháilte le mósáic agus cuireadh plandaí ar an teorainn leis an gcarrchlós. Freisin rinneadh cosán nua chun an láthair shuí a cheangal leis an bPríomhshráid tríd an gcarrchlós mar chuid de na hoibreacha.

Deontais Pobail

Chuir an Chomhairle scéim deontais pobail ar fáil arís i 2009. Cuireadh buiséad €10,000 ar fáil. Leithdháiltear deontais do ghrúpaí pobail mar seo a leanas:

Cumann Áitritheoirí Avondale	€1,300

Tugann an Chomhairle Baile deontais do na coistí seo a leanas gach bliain chun tacaíocht a thabhairt dá gcuid oibre; Féile Léim an Bhradáin €10,000, Soilse na Nollag €13,900, Cumann Nasctha Léim an Bhradáin €8,000 agus Coiste na mBailte Slachtmhara €7,500.

Tobar SPÁ Léim an Bhradáin

Déanann na Comhairleoirí Shane Fitzgerald agus Anthony Larkin ionadaíocht ar an gComhairle Baile ar Choiste an Spá. Déantar ionadaíocht ar na comhlachtaí seo a leanas ar an gcoiste; An Coiste Comhairleach ar Shéadchomharthaí Stairiúla, Dublin Naturalist Field Club, Ailtire Caomhantais, Iar-Rúnaí An Taisce, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra, Cumann Forbartha Slatiascaireachta Léim an Bhradáin agus Seirbhísí Fiadhúlra na hÉireann.

Coiste Spá Léim an Bhradáin 2009

Fuarthas deontais ón gComhairle Oidhreachta i 2009 chun clár glanta scrobarnaí a rith agus chun Plean Bainistíochta Caomhantais a ullmhú le haghaidh na láithreach. Tá an dá phíosa oibre sin tugtha chun críche anois. Cabhróidh an Plean Bainistíochta Caomhantais le bainistíocht na láithreach a threorú amach anseo agus leagtar amach roinnt cuspóirí ann maidir le caomhnú agus bainistiú na láithreach. Thug Intel deontas ar luach $15,000 i dtreo oibre ag an Spá.

Tionscadail Pobail agus Chomhshaoil

Cuireann an Chomhairle buiséad ar fáil gach bliain do thionscadail pobail agus chomhshaoil agus tá duine acu ar conradh leis an gcomhairle chun an obair seo a chur i gcrích. Áirítear leis an obair, fálta a ghearradh, féar a ghearradh, fiailí a spraeáil, duilleoga/smionagar a ghlanadh ó chosáin srl., boscaí bruscair a phéinteáil, a dheisiú agus cinn nua a chur in áit seanchinn, graifítí a bhaint timpeall an bhaile. Ba é an buiséad a cuireadh ar fáil chuige seo ná €30,000.

Gradaim Chathrach

Is é aidhm scéim na ngradam ná spiorad pobail a chur chun cinn agus a chothú i Léim an Bhradáin agus braistint féiniúlachta a chruthú. Bíonn na Gradaim Chathrach ar siúl gach bliain agus tugann an Chomhairle cuireadh don phobal i gcoitinne daoine a ainmniú ar bhain a n-éachtaí onóir amach do Léim an Bhradáin. Bhronn an Cathaoirleach scrollaí ar fhaighteoirí na ngradam ag ócáid in Óstán Leixlip House mar seo a leanas:

Sóisialta	Eimear Foley agus Ciara Foley
Spórt	Ian Taylor
Cultúr	James Lawless
Gnó	Brendan Slattery
Neamhchónaitheach	Eoin Rheinisch

Ian Taylor – Duais Spóirt 2009

Bearradh Crann

Rinneadh buiséad ar luach €12,000 a leithdháileadh a cheadaigh bearradh crann a dhéanamh sna hionaid seo a leanas:
Dún Carraige, Cluainte an Ghleanna, Plásóga Ryevale, An Meal, Cluainte an Ghleanna, Riverforest View agus Oaklawn West.

Cur i Láthair

I mí na Nollag bhronn an Cathaoirleach Struic Léim an Bhradáin ar thriúr ball den Gharda Síochána a bhí ag dul ar scor. Sheirbheáil an Sáirsint George Carey i Léim an Bhradáin ó 1997, sheirbheáil an Sáirsint Jim O'Sullivan i Léim an Bhradáin ó 2001 agus bhí an Garda Barry Roche i mbun seirbhíse ann ó 1997. Ghuígh an Cathaoirleach agus na comhaltaí gach rath orthu agus ghabh siad buíochas leo as a gcuid oibre i Léim an Bhradáin.

Comhairle Baile na Bandan

Thug toscaireacht ón gComhairle Baile, a raibh an Cathaoirleach Colm Purcell ina measc cuairt ar Chomhairle Baile na Bandan le linn na bliana. Toscaireacht na Comhairle Baile ar Choláiste na Toirbhirte, an Bhandan. Tá sé sin ar cheann de líon beag meánscoileanna a bhfuil an bhratach uaine bainte amach acu.

Comhdhálacha

D'fhreastail na Comhairleoirí Colm Purcell agus Bernard Caldwell ar chomhdháil earraigh AMAI i nDún na nGall. Ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil, toghadh an Comhairleoir Teresa Byrne mar thoscaire do Chomlachas Údarás Bardasach na hÉireann. D'fhreastail sí ar Chomhdháil AMAI i Sligeach i Meán Fómhair.

IPBMI

D'fhreastail toscaire na gComhairleoirí an Comhairleoir Bernard Caldwell ar Chruinniú Ginearálta Bliantúil an IPBMI i mBealtaine. Ag an gcruinniú sin toghadh an Comhairleoir Pat Burke-Walsh mar thoscaire don IPBMI.

Caiteachas agus Síntiúis

Mar a éilítear faoin Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999, áiríonn an liosta seo a leanas an caiteachas iomlán toghcháin agus na síntiúis chomhiomlána i dtaobh gach iarrthóra:

Ainm	**Caiteachas**
	€
Teresa Byrne	2,233.00
Bernard Caldwell	2,993.80
Shane Fitzgerald	5,995.00
Anthony Larkin	1,239.30
Paul Kelly	7,472.74
Catherine Murphy	1,064.31
Denis McCarthy	1,715.61
Laura Moriarty	6,504.81
Gerry McDonagh	1,945.42
Joe Neville	6,113.81
Kevin O’Connor	1,711.90
Colm Purcell	5,614.64
Sean Purcell	2,663.70

Pat Burke-Walsh 2,148.63



COMHAIRLE BAILE AN NÁIS

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009



Tá cónaí ar níos mó ná 20,000 duine sa Nás, baile contae Chontae Chill Dara, a thrasnaíonn an chanáil i lár an chontae agus a bhí mar shuíochán do ríthe Laighean uair amháin. Tá an baile suite ar cheann de phríomhbhealaí artaireacha an chontae a thugann rochtain éasca ar an bPríomhchathair do shaoránaigh agus soláthraíonn sé tarraingtí áitiúla mar rásaíocht capall, rásaíocht charranna agus galf. D'éirigh leis an Nás a charachtar uathúil a choimeád le hoidhreacht luachmhar agus timpealllacht thógtha tharraingteach agus é ag tabhairt aghaidhe ar an dúshlán a bhaineann le timpeallacht dhian eacnamaíochta agus é ag iarraidh i gcónaí pobail chuimsitheacha láidre a thógáil a chuireann ómós áite agus muintearas chun cinn.

Tá naonúr comhaltaí tofa ar Chomhairle Baile an Náis a thagann le chéile ar an 3ú Máirt den mhí i Halla an Bhaile le cinneadh a dhéanamh maidir le beartas agus le gnó na Comhairle a stiúradh. Tá na cruinnithe oscailte don phreas agus don phobal. Tá téarma cúig bliana á chur isteach ag an gComhairle seo faoi láthair tar éis í a thoghadh i Mheitheamh 2009. Beidh toghcháin áitiúla nua ar siúl ar an 5 Meitheamh 2009. Tá na comhairleoirí Callaghan, Scully agus Moore ina gcomhaltaí de Chomhairle Chontae Chill Dara freisin. Déantar ionadaíocht ar Chomhaltaí Chomhairle Baile an Náis ar roinnt grúpaí pobail áitiúla freisin chomh maith le Coistí Beartais Straitéisigh na Comhairle Contae.

An líne cúil; An Cmhlr, An Cmhlr. Alan O Kelly, an Cmhlr. Darren Scully, an Cmhlr. Willie Callaghan, an Cmhlr. Ger Dunne, an Cmhlr. Seamie Moore
An líne tosaigh; An Cmhlr. Emer Mc Daid, an Méara Pat Clear, an Cmhlr. Anne Breen, an Cmhlr. Rioghnagh Bracken

Comhchoiste Póilíneachta an Náis

Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta an Náis i Samhain 2009 agus tá sé comhdhéanta de naoi gComhalta déag lena n-áirítear naonúr comhaltaí de Chomhairle Baile an Náis, Triúr Comhaltaí den Oireachtas, triúr ionadaithe ón earnáil Pobail agus Dheonach, beirt oifigeach ón nGarda Síochána agus beirt Oifigeach Comhairle. Ceapadh na hionadaithe Pobail tar éis fógra phoiblí a rinne léirithe spéise a lorg ón earnáil pobail agus dheonach.
Soláthraíonn an Comhchoiste Póilíneachta fóram áit a bhféadann an tÚdarás Áitiúil agus na hoifigigh shinsearacha ón nGarda Síochána atá freagrach as póilíneacht a dhéanamh ar an mbaile, le rannpháirtíocht Comhaltaí Oireachtais agus páirtithe leasmhara ón bpobal, comhairliúchán, plé agus moltaí a dhéanamh maidir le hábhair a théann i bhfeidhm ar phóilíneacht an cheantair.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ó láithreán gréasáin an JPC
http://kildarejointpolicing.ie

Le bliain anuas tá Comhairle Baile an Náis ag iarraidh a chinntiú gur féidir freastal ar na héilimh ar leibhéil mhéadaithe de sheirbhís agus í ag dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an gcúlú eacnamaíochta agus na srianta ar acmhainní airgeadais agus daonna dá bharr. Tá Comhairle Baile an Náis buíoch as comhoibriú agus tacaíocht Chomhairle Chontae Chill Dara, Gníomhaireachtaí Rialtais, na n-earnálacha tráchtála agus an phobail áitiúil maidir le seirbhísí na Comhairle a choimeád. Breathnóidh an tuarascáil a leanas ar an dul chun cinn atá déanta ag Comhairle Baile an Náis le bliain anuas maidir le soláthar seirbhísí agus maidir le chur chun cinn agus forbairt an Bhaile.

Buiséad

Tá méadú suntasach tagtha ar dhaonra an Náis le blianta beaga anuas agus mar thoradh ar an méadú sin ar an daonra tá méadú tagtha freisin ar ionchas maidir leis na tionscadail atá le seachadadh ag an gComhairle agus maidir le caighdeán níos airde de sholáthar seirbhíse. Ba ghnách go ndéantaí soláthar i mbuiséid Chomhairle Baile an Náis do mhéaduithe ar sheirbhís agus do Thionscnaimh nua a fhorbairt faoin gClár Oibre gach bliain. I 2009, áfach, bhí ar an gComhairle a thuiscint go raibh athrú suntasach tagtha ar an timpeallacht eacnamaíochta a raibh sí ag oibriú inti agus léirigh Buiséad 2009 an staid sin.

Sholáthair Buiséad 2009 do chaiteachas iomlán de €11,212,412 agus d'ioncam de €3,528,705. Fuarthas leithdháileadh de €1,533,822 ón gciste Rialtais Áitiúil agus mar sin ba ghá iarmhéid de €6,149,885 a thobhach ó Rátaí Tráchtála agus bhí ráta bliantúil ar luacháil de 69.14 riachtanach arbh ionann é agus méadú de 1.8% ó ráta 2008.

Cuireadh an tuarascáil faoin gClár Caipitil le haghaidh na tréimhse trí bliana 2009 – 2011 faoi bhráid na gComhaltaí go luath i 2009 agus caiteachas measta de €51 milliún tuairiscithe inti. Bhí laghdú mór tagtha ar na foinsí de chistiú caipitil – deontais rialtais, luachálacha ar fháltais ó dhíolachán fhéideartha sócmhainní agus ranníocaíochtaí forbartha i gcomparáid leis na blianta roimhe agus léiríodh an bunús cistiúcháin chonraithe sa Chlár Caipitil beartaithe a bhí leathaithe ón gClár Caipitil roimhe sin a cuireadh faoi bhráid na gComhaltaí.

Tionscadail

Bliain dhúshlánach do Chomhairle Baile an Náis ab ea 2009 maidir le tionscadail a thosú agus seo a leanas achoimre ghairid ar a ndul chun cinn:

Cosán Oidhreachta agus Staire an Náis

Seoladh go hoifigiúil Rianta Stairiúla Baile le haghaidh an Náis i Meán Fómhair 2009. Bunaíodh cúig rian éagsúla a thosaíonn ag Halla an Bhaile agus a chabhraíonn le haird cuairteoirí a dhíriú ar thábhacht an Náis ó thaobh na staire agus soláthraíonn na cláir faisnéise agus na comharthaí foinse chuimsitheach treorach do chuairteoirí agus do mhuintir an bhaile araon a bhfuil eolas á lorg acu faoi stair ár mbaile. Ba í an aidhm a bhí i gceist ná acmhainn thurasóireachta an Náis mar Bhaile Stairiúil a uasmhéadú agus feabhas a chur ar thaithí iomlán ár gcuairteoirí. Sholáthair Comhairle Baile an Náis cistiú le tacaíocht ó Fháilte Ireland.

Cláir Fhaisnéise faoi Fhiadhúlra agus Ghnáthóga an Náis

Chun aitheantas a thabhairt don Nás mar cheann den líon beag bailte dá mhéid a bhfuil éagsúlacht mhór gnáthóg aige ina chuid lochanna, sruthanna, páirceanna agus limistéar faoi chrainn thug an Chomhairle Baile faomhadh chun sraith de chláir fhaisnéise maidir le Fiadhúlra & Gnáthóga a chur ar fáil ar fud an bhaile. Cuireadh suas ceithre cinn déag de na Cláir Fhaisnéise sin maidir le Fiadhúlra agus Gnáthóga an Náis atá suite timpeall cheantar na lochanna agus na canála sa ráithe deireanach de 2009.

Lána Chorbáin/Bóthar na Mainistreach – Scéim Feabhsúcháin Bóithre

D'fhaomh na Comhaltaí scéim Feabhsúcháin Bóithre Lána Chorbáin/Bhóthar na Mainistreach i Meitheamh 2008; bheadh feabhsúcháin shuntasacha ar na bóithre agus na cosáin timpeall ionad siopadóireachta nua an Náis ar Lána Chorbáin i gceist léi. Rinneadh an Scéim a achomharc agus táthar ag feitheamh le cinneadh ag an mBord Pleanála.

Séarach Idircheapóra Theas an Náis

Cheadaigh Comhaltaí Chomhairle Baile an Náis Próiseas Comhairliúchán Poiblí Cuid 8 do mholtaí chun dhá stáisiún caideálúcháin a thógáil ag Bóthar Ballymore agus ag Bóthar Blessington mar chuid de thionscadal Séarach Idircheapóra Theas an Náis. Cabhraíonn na stáisiúin chaidéalúcháin sin le sreabhadh uisce bhréan a aistriú ón dobharcheantar chuig Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Osbeirn. Rinneadh an dá stáisiún caidéalúcháin a choimisiúnú go luath i 2009.

Rochtain Uilíoch ar Halla Baile an Náis

Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí chun rochtain uilíoch a thabhairt ar Halla Baile an Náis ar an 17 Nollaig 2009. Fuair Comhairle Baile an Náis seirbhísí McCarthy O'Hora Architects chun dréachtphleananna a chur le chéile le meas agus tar éis measúnaithe shonraigh cinneadh ar an dréacht dheireanach agus taispeánadh na pleananna don phobal agus aighneachtaí á lorg go dtí an 25 Feabhra 2010.

An Tionscadal um Dhreidireacht Lochanna

Teastaíonn móroibreacha dreidireachta ar na trí loch i bhFaiche an Aonaigh/Baile an Chradógaigh chun leanúint ar aghaidh le húsáid agus le feidhmiúlacht na lochanna amach anseo mar ghnáthóg fiadhúlra agus córas draenála inbhuanaithe. Rinne Comhairle Baile an Náis cistiú a leithdháileadh i dtreo an tionscadail i 2009 agus i 2010 chomh maith. Tá sé beartaithe aici oibriú i ndlúthpháirt le hOifigeach Oidhreachta Chomhairle Chontae Chill Dara maidir le cinntiú go ndéanfar na hoibreacha a phleanáil agus a sheachadadh ar bhealach neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Ionad Áineasa agus Linn Snámha Nua

Osclaíodh an linn snámha úrscothach nua le sabhna/seomra gaile, seomra corpacmhainne agus stiúideo aeróbaice don phobal go luath i 2009 agus tá gach duine an-sásta leis ó thaobh dhearadh agus fheidhmiúlacht an fhoirgnimh. Ba é an tAire Cullen, T.D. a d'oscail go hoifigiúil é ar an 16 Deireadh Fómhair 2009. Thug Comhairle Baile an Náis €2.5 milliún i dtreo an tsaoráid úrscothach nua sin a sholáthar. Is é Kildare Sports and Leisure Facilities Ltd. a oibríonn an linn snámha thar ceann Chomhairle Chontae Chill Dara.

Glanadh Graifítí

Oibríonn Comhairle Baile an Náis a inneall féin um ghlanadh graifítí. I dteannta le graifítí a ghlanadh baintear úsáid as an inneall seo mar niteoir cumhachta chun limistéir phoiblí agus guma coganta a ghlanadh. I 2009 thug Comhairle Baile an Náis tosaíocht do dhul i ngleic le graifítí in áiteanna poiblí ach d'oibrigh an Chomhairle Baile leis na Cumainn Áitritheoirí freisin chun dul i ngleic le graifítí in eastáit phríobháideacha trí mhaingíní glanta graifítí a chur ar fáil do Chumainn Áitritheoirí.

Ionad Eolais do Shaoránaigh an Náis

Thug Comhairle Baile an Náis faoi oibreacha ar an tSeanoifig Mhótarchánach ar Basin Street chun go bhféadfaí an t-urlár talún a ligean ar cíos d'Ionad Eolais do Shaoránaigh an Náis. Tugadh na hoibreacha chun críche i Meán Fómhair 2009 agus tá Ionad Eolais do Shaoránaigh an Náis ag oibriú ceithre lá sa tseachtain.

Spraoi Féile

Lá Spraoi don Teaghlach

Rinne Comhairle Baile an Náis óstáil ar Lá Teaghlaigh taitneamhach ar an Domhnach 30 Lúnasa le siamsaíocht ó roinnt grúpaí áitiúla a raibh ina measc Jenny Brady School of Dance, Naas Panthers Gymnastic Displays agus Bui Bolg Puppets and Jousting Show. Bhí an-tóir i measc na leanaí óga ar Tricky Tricksters, ar chúinne na bpeataí, ar phéinteáil aghaidhe, déanamh balún agus ar na preabchaisleáin agus chuir na tuismitheoirí an-spéis i dTaispeántas Rothar Harley Davison agus i bhfeithiclí le hÓglaigh na hÉireann, leis na Gardaí agus leis an mBriogáid Dóiteáin. Ba é Coiste Féilte Chomhairle Baile an Náis a d'eagraigh an t-imeacht agus cabhair aige ó Chosaint Shibhialta Chill Dara agus ó Chomhairle Chontae Chill Dara.

Paráid na Cásca

Tá Paráid na Cásca sa Nás ar cheann de na himeachtaí bliantúla is mó. Mar chruthúnas den tóir mhór a bhíonn uirthi, bhreathnaigh na mílte duine ar an bparáid de thart ar 50 tír a tháinig ó ghrúpaí pobail agus spóirt áitiúla agus cuairte chomh maith le gnóthaí áitiúla. Eagraíonn Willie Callaghan an pharáid agus tugann Comhairle Baile an Náis tacaíocht don imeacht trí chúnamh oibriúcháin agus airgeadais.

Feidhm Nasctha an Náis

Is é Grúpa Nasctha an Náis le tacaíocht aige ó Chomhairle Baile an Náis a chomhlíonann an fheidhm nasctha. Tá an Nás nasctha le cúig bhaile, Allaire san Fhrainc, Dillingen sa Ghearmáin, St. David sa Bhreatain Bheag, Casalattico san Iodáil agus Omaha i Meiriceá.
Bhí bliain ghnóthach ag an nGrúpa Nasctha le dhá chuairt ó Dillingen le linn na bliana, ceann amháin um Cháisc, a raibh a Méara, Frank Kunz i gceannas uirthi, nuair a ghlac a mbanna páirt i bparáid Chásca ár mbaile agus cuairt eile i Lúnasa nuair a ghlac grúpa páirt in ilchomórtas leadóige i gClub Leadóige an Náis. Thug grúpa eile, a raibh foireann shóisearach rugbaí ina measc, as St. David's cuairt ar an Nás um Cháisc. Thug grúpa eile Gasóg as Omaha cuairt ar an Nás go deireanach i nDeireadh Fómhair agus rinne Grúpa Gasóg an Náis iad a óstáil.

Thaisteal an grúpa as an Nás go Allaire agus Redon le haghaidh an Fhéile Fête de Châtaignes i nDeireadh Fómhair nuair a chuir Méara Allaire agus Payac fáilte roimh an ngrúpa. D'éirigh thar barr leis an turas agus rinne Damhsóirí Seite Nás na Ríogh léiriú ag an Fête i Redon. Tugadh cuairt ghairid ar Nantes le linn an turais freisin.

Pleanáil agus Forbairt don Nás

Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Baile an Náis

NAAS TOWN
DEVELOPMENT PLAN
2011-2017

De réir Alt 11 agus 12 den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000, chuir Comhairle Baile an Náis tús leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha Baile an Náis i mBealtaine 2009. Leanfar ar aghaidh ag ullmhú an phlean le linn 2009 go nglacfar leis go deireanach go luath i 2011. Leagann an Plean Forbartha amach straitéis na Comhairle um pleanáil agus forbairt an Náis agus féachann sé chuig sócmhainní eacnamaíochta, cultúrtha agus timpeallacha an Bhaile a fhorbairt.

Cruinnithe Réamhphleanála

Tá cruinnithe réamhphleanála deartha go príomha chun dul i ngleic le hiarratasóirí ionchasacha d'fhorbairtí cónaitheacha nó tráchtála mór-scála. Reáchtáil Comhairle Baile an Náis 19 cruinniú réamhphleanála i 2009 agus tá sé ar intinn ag an gComhairle leanúint ar aghaidh leis an gcleachtas sin toisc go mbaineann an eagraíocht agus an t-iarrthóir araon leas as trí chinntiú go ndéantar forbairt oiriúnach ar an Nás de réir Phlean Forbartha an Náis 2005-2011.

Iarratais Phleanála

Fuair Comhairle Baile an Náis nócha-hocht n-iarratas pleanála bailí i 2009. Deonaíodh cead le haghaidh ochtó-sé iarratais agus diúltaíodh cead i gcás deich n-iarratais. Rinne an Bord Pleanála cinneadh faoi sheacht n-achomharc déag; dearbhaíodh aon achomharc déag agus rinneadh sé cinn a aisiompú.

Forfheidhmiú Pleanála agus Ionchúisimh

Fuair Comhairle Baile an Náis fiche gearán faoi fhorbairt neamhúdaraithe i 2009, méadú de 25% i gcomparáid le figiúr 2008. Eisíodh ocht gcinn déag de litreacha rabhaidh agus seirbheáladh aon fhógra forfheidhmithe amháin mar gheall ar fhorbairt neamhúdaraithe.

An Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha

Ghlac Comhairle Baile an Náis leis an scéim reatha i Márta 2004. Is é an aidhm atá leis ná an bealach ina ndéantar na ranníocaíochtaí forbartha a thobhach agus na bealaí a dhéantar na méideanna a bhailítear a chaitheamh a aithint go soiléir. Oibríodh an scéim ar feadh seacht mbliana agus déanfar í a athbhreithniú i 2011.

Láithreáin Thréigthe 2009

Faoi láthair tá an Nás ag déanamh caoga láithreán a fhiosrú faoin Reachtaíocht maidir le Láithreáin Thréigthe. Tá dhá haonad réadmhaoine liostaithe ag an Nás ar Chlár na Láithreán Tréigthe ag deireadh 2009 tar éis dó ceann amháin a bhaint de mar thoradh ar oibreacha feabhsúcháin air.

Rialú Forbartha

Tá dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le Tógáil i gCúram. Thóg an Chomhairle Baile aon eastát déag i gcúram i 2009 agus rinneadh dul chun cinn ar fhiche-seacht n-eastát eile.

An Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola

An Plean Bainistíochta Bruscair

Sa Phlean Bainistíochta Bruscair a glacadh i 2008 tá cuspóirí Chomhairle Baile an Náis chun bruscar a chosc agus a rialú leagtha amach chomh maith le bearta chun feasacht an phobail faoi fhadhb an bhruscair a spreagadh, le béim faoi leith ar straitéisí oideachasúla agus eolais atá dírithe ar dhaoine óga. Áirítear sa phlean eolas ar;

- na bearta maidir le cosc agus rialú bruscair atá ann cheana agus atá á bhfeidhmiú ag an gComhairle
- polasaithe agus cuspóirí na Comhairle maidir le cosc agus rialú bruscair
- na gníomhaíochtaí atá á bhfeidhmiú ag gníomhaireachtaí eile seachas an Chomhairle maidir le cosc agus rialú bruscair
- na saoráidí athchúrsála agus aisghabhála atá curtha ar fáil d'úsáid phoiblí
- forfheidhmiú an Achta um Thruailliú Bruscair 1997 ag an gComhairle.

Diúscairt Dramhaíola

Cuirtear an tseirbhís bhailiúchán bruscair sa Nás ar fáil ag oibreoirí príobháideacha atá ceadúnaithe ag Comhairle Chontae Chill Dara. Tá Comhairle Baile an Náis freagrach as 4 ionad athchúrsála sna háiteanna seo a leanas.

- Faiche an Aonaigh
- Carrchlós Séipéal Ballycane
- Áras Chill Dara
- Ionad Siopadóireachta Tesco

Coiste Frith-Bhruscair

Tá Coiste Frith-Bhruscair Fhorghníomhach ag an Nás atá tiomanta chun cuma an Náis a fheabhsú, chun níos mó feasachta a chruthú agus chun dul i ngleic le ceantair den bhaile a mbíonn go leor bruscair iontu. Déantar na sráideanna a scuabadh sa bhaile 7 lá sa tseachtain agus déantar ceantair phoiblí mar Pháirc Dúiche Mhóin Réad agus ceantar na Lochanna a scuabadh agus a ghlanadh 3 uaire sa tseachtain.

Leanann an Chomhairle uirthi ag oibriú le Grúpa na mBailte Slachtmhara agus leis na Cumainn Áitritheoirí chun dul i ngleic le bruscar sa bhaile agus chun an chuma is fearr a thabhairt don bhaile. Reáchtáil Comhairle Baile an Náis i gcomhpháirt le Coiste na mBailte Slachtmhara sa Nás a "Seachtain Glantachán Earraigh" ó 4 Aibreán go 11 Aibreán. Freisin reáchtáladh "An Glantachán Mór" ó 1 Samhain go 7 Samhain 2009.

Thacaigh an Chomhairle leis an dá fheachtas trí mhálaí, lámhainní agus bainteoir bruscair a sholáthar agus chabhraigh sí freisin le bailiúcháin bhruscair eagraithe a bhailiú agus a dhiúscairt. Soláthraíodh Maingíní Glanta Graifítí do Chumainn Áitritheoirí áit a raibh siad ag teastáil go deireanach i 2009 agus tabharfar Aonaid Dáileacháin Málaí Caca amach go luath i 2010.

Thug Comhairle Baile an Náis cistiú don dá thionscnamh sin agus soláthraíodh iad saor in aisce do na páirtithe leasmhara. Bhain an Nás an bonn cré-umha amach i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara de bharr an leibhéal feabhais a taispeánadh sa Bhaile.

Forfheidhmiú & Fíneálacha

Oibríonn ár Roinn Comhshaoil bunachar sonraí de ghearáin comhshaoil ina ndéantar gach gearán a thuairisciú agus sanntar gníomh cuí ina leith. I 2009 fuarthas 251 gearán agus imscrúdaíodh na 251 cás sin ar fad. Rinneadh gníomh cuí ansin i ndiaidh an imscrúdaithe agus seoladh fógraí reachtúla nó litreacha rabhaidh. Thóg Comhairle Baile an Náis isteach thart ar €8.200 i bhFíneálacha Bruscair i 2009. Oibríonn an Chomhairle Feachtas “Ainmnigh agus Aithisigh” anois freisin ina ndéantar ciontóirí a chiontaítear a ainmniú go poiblí sna nuachtáin áitiúla.

Oideachas agus Feasacht

Tá ceathrar Maoir Pobail ag an Nás atá i gceannas feachtais na Comhairle in aghaidh an Bhruscair. Oibríonn Maoir Pobail an Náis Clár Oideachais agus Feasachta Bruscair sna scoileanna agus tá ag éirí thar cionn leis.

Soláthraíonn na Maoir Pobail nasc riachtanach freisin idir an Chomhairle Baile agus an Pobal. Cé gurb é ceann dá bpríomhróil córas íocaíochta páirceála an Bhaile agus an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar a fhorfheidhmiú, déanann siad idirchaidreamh freisin le Cumainn Áitritheoir agus leis na Gardaí agus le gnólachtaí áitiúla.

Páirceanna, Saoráidí Súgartha & Áiteanna Súgartha

Go dtí seo tá dhá áit shúgartha curtha ar fáil ag Comhairle Baile an Náis sa Nás atá suite i Móin Réad agus i mBaile an Chuilinn. Freastalaíonn an réimse trealamh súgartha ar leanaí in aoisghrúpaí éagsúla. Chuir Comhairle Baile an Náis páirceanna súgartha ar fáil i bPáirc Mhóin Réad agus i mBaile an Chuilinn chomh maith.

Tithíocht

Tá forbairt tagtha ar fheidhm Thithíochta na n-Údarás Áitiúil i gcaitheamh na mblianta Cé gur minic go mbreathnaítear orainn mar sholáthraithe cóiríochta, tá ról níos leithne ag an gComhairle anois maidir le saol na n-eastát tithíochta a fhorbairt. Bhí stoc tithíochta de 321 teach ag Comhairle Baile an Náis ag deireadh 2009 agus áirítear leis meascán de chóiríocht aonair agus de chóiríocht teaghlaigh. Tá líon iomlán de 409 teach ar Liosta Tithíochta Sóisialta an Náis amhail an 31 Nollaig 2009. Is é seo a leanas an briseadh síos ar na hiarratasóirí de réir riachtanas:

Cóiríocht 4 sheomra	-	28
Cóiríocht 3 sheomra	-	104
Cóiríocht 2 sheomra	-	142
Cóiríocht 1 sheomra	-	135

Forbairtí sa Todhchaí/ Tithíocht Inacmhainne / Cuid V

Faoi Chuid V, tá oibleagáid ar fhorbróirí 20% dá bhforbairt a chur i leataobh chun críocha tithíochta sóisialta agus inacmhainne. Is féidir an 20% sin a mheas i dtéarmaí talaimh, aonaid nó airgid. Bhí drochthionchar ag an gcúlú eacnamaíochta ar iarratais phleanála sa Nás. Lean Comhairle Baile an Náis áfach le cainteanna le forbróirí maidir le roinnt iarratais phleanála a mbaineann Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne Cuid V leo.

Déileáil le hIompar Frithshóisialta

Tá sé éirithe níos deacra Tithíocht Údaráis Áitiúil a bhainistiú ó thaobh go leor gnéithe de, go háirithe fadhbanna de bharr iompair fhrithshóisialta. Glacann Comhairle Baile an Náis cur chuige réamhghníomhach i dtreo iompair fhrithshóisialta agus táthar ag feitheamh le himeachtaí maidir le haon chás amháin ag deireadh 2009. Táthar ag súil go mbeidh an cás sin os comhair na gcúirteanna go luath i 2010. Déileálann Oifigeach Idirchaidrimh Tionónta Chomhairle Baile an Náis le gearáin tionóntaí faoi iompar frithshóisialta. Bíonn an Fhoireann Tithíochta rannpháirteach freisin in oiliúint réamhthionachta do thionóntaí nua.

Faoin Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 tá an sainmhíniú ar iompar frithshóisialta leathnaithe chun graifítí agus dochar do réadmhaoin a áireamh. Tá an Chomhairle ag tapú na deise chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas i leith Iompair Fhrithshóisialta.

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos

Is tionscnamh nua é an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) a tugadh isteach chun freastal ar riachtanais chóiríochta dhaoine a bhíonn ag fáil forlíonadh cíosa, ar feadh tréimhse níos mó ná 18 mí de ghnáth, agus a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmaí acu. Ní bhaineann an scéim le lucht lorgtha tearmainn ná neamhnáisiúnaigh eile nach bhfuil sé de chead acu fanacht sa Stát go buan, mic léinn ná daoine a fhaigheann an forlíonadh cíosa mar dhreasacht “filleadh ar an obair”. Tá an tAonad RAS i gComhairle Chontae Chill Dara ag feidhmiú na scéime do Chomhairle Chontae Chill Dara, do Chomhairle Baile an Náis agus do Chomhairle Baile Bhaile Átha Í. Tugadh an scéim isteach i gceantar an Náis i gcomhpháirt le Comhairle Chontae Chill Dara ar 15 Eanáir 2007 agus tá aon aonad déag curtha ar fáil fúithí san am sin. Tá fiche-dó aonad réadmhaoine eile ag feitheamh le cigireacht.

Tithe Cónaithe Príobháideacha ar Cíos

Tugadh íoschaighdeáin nua isteach le haghaidh tithe príobháideacha ar cíos tríd an Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 ar 1 Nollaig 2009. Is iad na hathruithe ba shuntasaí a rinneadh ar an reachtaíocht ná gur tugadh isteach smachtbhannaí níos láidre chomh maith le sainmhíniú nua ar a bhfuil i gceist le 'bailriocht cuí ó thaobh déanmhais' chun críocha Rialacháin na dTithe (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2008. Cuirfear gearáin a bhfaighidh an Chomhairle faoi bhráid oifigí an Oifigeach Sláinte Comhshaoil (OSC) le fiosrú agus is féidir gníomh a ghlacadh ina dhiaidh ar bhonn thorthaí an OSC.

Bóithre

Oibreacha Feabhsúcháin

Rinneadh roinnt oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre agus ar chosáin an Náis i 2009 ar chostas €510,261

Ionad	Cur síos ar na hOibreacha
Stáisiún Caidéalúcháin Mhóin Réad	Balla
Eastát Hazelmere	Roinnt crann fiáin a bhaint agus cosáin damáistithe a athsholáthar
Ascaill Kingsfurze	Cosán lasmuigh d'uimhir 71
Bóthar Ballymore	An cosán a thógáil chomh fada leis an timpeallán ar an taobh thoir den bhóthar
Cnoc Ballykane	Oibreacha deisiúcháin paiste.
Fishery Lane	Oibreacha deisiúcháin paiste agus rialú agus athdhromchlú ina ndiaidh.
Bóthar na Canála	Oibriúcháin deisiúcháin paitse ó dhroichead na Mainistreach go Droichead Thandy
Ardán Mhichíl	Bealach aontreo a thógáil agus an cosán a leathnú
Bóthar an Tobair	An cosán reatha a bhfuil drochchaoi air a atógáil ó Bhóthar Bhaile Choimín go Plásóg na Rós
Ascaill Mhóin Réad	An cosán a thógáil ar aghaidh ó Bhaile Chairdif go Don na Riogh
Ceantar an Chuain	Fálú teorann ag cúl Gogartys
Bóthar na Sollán	Oibreacha feabhsúcháin draenála os comhair Pháirc Hollywood
	Blocdheontas Speisialta
Bóthar an Tobair	Oibreacha deisiúcháin paiste agus rialú agus athdhromchlú ina ndiaidh. Cosán colbhaithe a chur isteach taobh leis freisin.
Bóthar Mhóin Réad	Cosán nua taobh le Woodies agus an cosán os comhair Ionad na n-Otharcharr a atógáil
Plás Chonlao	Crainn a bhaint agus cosáin damáistithe a atógáil

Ionad	Cur síos ar na hOibreacha
Eastát Ashgrove	Roinnt crann fiáin a bhaint agus cosáin damáistithe a athsholáthar
Céide Hillside	Athdhromchlú os comhair 9, 23, 22, 20
	Clár na gCosán
Arda Mhóin Réad	Cosán trasnánach thar Pháirc Mhóin Réad
Plás Chonlao	Páirceáil tiomnaithe a chur isteach ar an gceantar uaine atá ann cheana féin
Eastát Fhearann an Locha	Roinnt crann fiáin a bhaint agus cosáin damáistithe a atógáil
Eastát Radharc an tSléibhe	Roinnt crann fiáin a bhaint agus cosáin damáistithe a athsholáthar
New Row	An cosán ag cúl na gceapacha bláthanna a atógáil
Bóthar Sarto	An chuid den chosán idir 36-37 a atógáil
Eastát Ashgrove	An colbha atá comhthreomhar le hAscaill Mhóin Réad in Ascaill Ashgrove a atógáil
Bóthar Bhaile an Chradógaigh	An ceantar páirceála reatha os comhair an ospidéil a bhaint de agus cosán a sholáthar ina áit. Díreach ar an taobh theas de bhealach isteach an ospidéil.
Ceantar na Lochanna	Ráillí a sholáthar ar an droichead coisithe
Reilig Naomh Corbán	Cosán nua a sholáthar taobh leis an tSeaneaglais
Eastát Fhearann na Coille	Roinnt crann fiáin a bhaint agus cosáin damáistithe a athsholáthar
	Bóthar Réigiúnach
Bóthar Bhaile Átha Cliath	• An cosán os comhair Healy's • An ceantar reatha tarraingthe isteach os comhair The Gallops a bhaint agus cosán a chur ina ionad
An Phríomhshráid Thuaidh	• An cosán lasmuigh de Kalu a athsholáthar • An cosán reatha ón Óstán Court go Murtagh's Corner a atógáil

Ionad	Cur síos ar na hOibreacha
	Bearta Sábháilteachta Tráchta
Bóthar Bhaile Átha Cliath	Acomhal Ascaill Maudlins a athailíniú chun casadh ar chlé ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath a chosc

Páirceáil Íoc

Thug an Chomhairle faoi athbhreithniú ar na Fodhlíthe maidir le Páirceáil Íoc ag deireadh 2009. Taispeánadh na fodhlíthe dréachtúla le linn na tréimhse ón gCéadaoin, 2 Nollaig 2009 go dtí an Chéadaoin, 6 Eanáir 2010 agus iarradh aighneachtaí suas leis an 20 Eanáir 2010.

Córas Aontreo Ascaill Mhíchíl

D'fhaomh Comhairle Baile an Náis an córas aontreo ag Ascaill Mhíchíl ag an gcruinniú míosúil i Samhain tar éis na tograí a thaispeáint don phobal ó 6 Lúnasa 2009 go 3 Meán Fómhair 2009 agus iarradh aighneachtaí go dtí an 17 Meán Fómhair 2009.

Comhairle Baile an Náis - Toghcháin Áitiúla 2009

Caiteachas & Síntiúis

Mar a éilítear faoin Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999, áiríonn an liosta seo a leanas an caiteachas iomlán toghcháin agus na síntiúis chomhiomlána i dtaobh gach iarrthóra:

Ráiteas faoi Shíntiúis agus faoi Chaiteachas Toghcháin le linn na dToghchán Áitiúil 2009

Ainm	Acmhainní Dílse	Acmhainní Eile
Rioghnagh Bracken	€4,012.99	
Anne Breen	€149.95	€2,262.54
Willie Callaghan	€653.00	€1,637.45
Patricia Clear	€646	€3,924
Ger Dunne	€0	€2,242.54
Emer Mc Daid	€0	€2,806.49
Seamie Moore	€6,267,40	€0
Alan O'Kelly	€0	€3,379.99
Darren Scully	€0	€6,513.90
J J Power	€1,060.16	€170.10
Tiernach Cassidy	€4,401.93	€0
David Monaghan	€540	€0
Donal Corcoran	€2,648.30	€0
Paddy Behan	€600.00	€1,879.84
Pat McCarthy	€0	€3,462.06
Eugene Duggan	€4,284.16	